ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 32

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

08.08.2012

Ré Úr do Ghaeil Chois Laoi L. 6

An té a scríobhann an nuaíocht, is é a chruthaíonn an nuaíocht! L. 11

Bagairt na Glúiní Bioraí L. 24

www.gaelsceal.ie

Os cionn 80 Scéim Teanga carnaithe i Roinn na Gaeltachta

Colm Ó Broin

TÁ breis agus ceithre scór dréachtscéim teanga ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag feitheamh lena ndeimhniú. Bíonn sé mhí ag comhlachtaí poiblí chun scéim teanga a sheoladh chuig an Roinn agus dheimhnigh an Roinn go bhfuil sé sin déanta ag gach ceann de na 88 comhlacht atá liostáilte ar shuíomh idirlín an Choimisinéara Teanga, seachas chorreisceacht.

Tá suas le 12 dhréachtscéim ag an Roinn ó bhí 2007 ann agus 11 cheann ó 2008.

Tá suas le 12 dhréachtscéim ag an Roinn ó bhí 2007 ann agus 11 cheann ó 2008.

"Níl leithscéal ar bith ann nach bhfuil na scéimeanna seo faofa," arsa Julian de Spáinn, Príomhfheidhmeannach Chonradh na Gaeilge. "Is cuid den dlí iad agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm. Nuair a cuireadh an tAcht i bhfeidhm bhí scéimeanna á bhfaomhadh níos rialta ach tá an ráta sin tite go mór le blianta beaga anuas."

Dhaingnigh an Roinn 29 scéim in 2007 ach thit an uimhir go dtí 15 scéim in 2010 agus scéim amháin in 2011. Tá 105 Céad Scéim daingnithe acu agus 19 Dara Scéim. Tá os cionn 600 comhlacht poiblí clúdaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Ar lean ar leathanach 2

Katie Taylor, laoch na hÉireann

Katie Taylor buacach! Tá bonn de chineál éigin buaite aici go cinnte ach an mbeidh sé ina cheann cré-umha, airgid nó óir, sin í an cheist. Bhí 976,000 daoine ag amharc uirthi Dé Luain ar RTÉ 2 agus í ag troid i gcoinne Natasha Jonas na Breataine. Beidh an babhta leathcheannais ar siúl inniu ag 14:15 - guímis gach rath ar Katie, laoch na hÉireann agus ar na laochra Éireannacha eile chomh maith. [PICTIÚR: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Taobh Istigh . . .

Eachtraí Theaghlach Uí Chuinn
Tá iontas ar chuid de na meáin go bhfuil tacaíocht ag Sean Quinn ina cheantar féin, ach tá cúiseanna le roinnt míle duine a bheith ar shráid Bhéal Átha Conaill chun tacú leis. Anton Mac Cába ar cad atá ag titim amach go háitiúil i bhFear Manach / i gCo. an Chabháin. **L. 4**

Seán Ó Dálaigh ar shlí na fírinne
Cailleadh Seán Ó Dálaigh an tseachtain seo caite ag aois a 82 bliain. Bhí baint lárnach ag Seán le saol na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ó na 1940í. **L. 20**

Iontais Árann
Páidí Ó Lionáird ar eachtraí na deireadh seachtaine ag Poll na bPéist in Inis Mór agus "cuairteoirí á gcaitheamh féin isteach in uisce suaite an Atlantaigh ó árdán crochta ag barr aille atá 90 troigh nó 27 méadar os cionn na farraige." **L. 14.**

Eagarfhocal
Tá go leor cainte ann faoin gcogadh cathartha sa tSiria, mar is cóir, ach tá coimhlint eile sa Mheánoirthear díreach ar an taobh eile de theorainn na Siria leis an Tuirc agus ba cheart go dtabharfadh muid aird ar an gceann sin chomh maith. **L. 13**

Maigh Nuad an baile is Gaelaí lasmuigh den Ghaeltacht

LABHRAÍTEAR níos mó Gaeilge i Maigh Nuad, Contae Chill Dara, ná in aon bhaile mór eile lasmuigh den Ghaeltacht de réir an daonáirimh is deireanaí. Sin ceann de na torthaí atá nochtaithe ag an taighdeoir, Donncha Ó hÉallaithe, i ngné-alt do Ghaelscéal inniu.

Labhraíonn beagnach 6% den phobal i Maigh Nuad an Ghaeilge ar a laghad uair amháin in aghaidh na seachtaine, rúinnín beag chun cinn ar Leitir Ceanainn i nDún na nGall.

Tá an teanga á labhairt go laethúil ag 2.51% den phobal i Maigh Nuad. Tá muintir an bhaile ag feachtasaíocht ar son gaelcholáiste i láthair na huaire.

Is é Gaillimh an contae is Gaelaí de réir na taighde. Deir 51% den phobal ansin go bhfuil Gaeilge acu agus labhraíonn 10.99% an teanga gach seachtain.

Bhí torthaí suntasacha ag Cathair na Gaillimhe chomh maith, atáthar a chur chun cinn mar 'chathair dátheangach'. Labhraíonn 3.27% den phobal an Ghaeilge go laethúil agus 7.49% acu go seachtainiúil.

Tá tuairisc iomlán ar leathanach 8-9.

NUACHT NÁISIÚNTA

Treascairt Shinn Féin ina chuid den chóras nua Rialtais Áitiúil?

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil go bhfuil teoiric i measc chuid de pháirtí an Lucht Oibre agus Fhine Gael gur féidir lagan a dhéanamh ar thionchar Shinn Féin de bharr na n-athruithe atá le déanamh ar an gcóras rialtais áitiúil.

Ceaptar go dtugann toghcháin Comhairlí Baile deis do Shinn Féin bunáit a chruthú dóibh féin agus suíocháin a bhuachaint le líon beag go maith vótaí. Tugann an stádas sin deis dóibh bunchloch a leagan agus a dhul san iomaíocht do shuíocháin Comhairlí Contae - nó sin é a cheapann foinsí áiríthe sa Lucht Oibre agus i bhFine Gael.

Tá an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, ag iarraidh an líon Comhairlí Baile a laghdú ó 140 go dtí 30 ach tá argóintí ann faoi chuid acu; tuigtear go bhfuil Baile Átha Luain ar cheann de na ceanna conspóideacha taobh istigh den Rialtas.

Ceaptar go bhfuil sé ar intinn ag an Aire Hogan go mbeadh níos mo cumhachta ag grúpaí áitiúla de Chomhairleoirí Contae sna háiteacha a gcuirfí deireadh le Comhairlí Baile. D'fhéadfadh sé go gceadófaí Comhairleoirí Contae breise i gcuid de na ceantair sin. Mar shampla, d'fhéadfadh Comhairleoir nó dhó breise a bheith in oirthear na Gaillimhe dá gcuirfí deireadh le Comhairlí Baile i dTuaim, Baile Locha Riach agus Béal Átha na Sluaighe. Tá sé ar intinn ag an Aire go laghdófaí an líon Comhairleoirí in áiteacha ar nós Liatroim - síos go dtí 15, is cosúil - agus i gContae Cheatharlach. D'fhéadfadh sé go mbeadh méadú i gcontaetha eile - Loch Garman san áireamh. Is cosúil nach ndéanfar aon laghdú ar an líon suíochán i gContae na Gaillimhe - sin 30. D'fhéadfadh sé go gcuirfí leis sin má chuirtear deireadh le Comhairlí Baile in oirthear an Chontae.

Leagfar síos líon áiríthe suíocháin do chuile chontae sna téarmaí tagartha a thabharfar don Choimisiún toghcheantair áitiúil atá le ceapadh as seo go ceann cúpla mí. Beidh athrú suntasach ann freisin sa méid agus go mbeidh 6 nó 7 suíochán i chuile thoghcheantar áitiúil sa gcóras nua; bhíodh cuid de na toghcheantair taobh le 4 shuíochán roimhe seo.

Ní rabhthas ar aon fhocal faoin leagan amach nua ar an gcóras rialtais áitiúil ag an gcruinniú deireadh den Rialtas ach ceaptar nach fada go mbeidh socrú déanta.

Íomhá na Seachtaine

Dé Luain; Cóisteálaí Seoltóireachta na hÉireann, Rory Fitzpatrick, ag iarraidh sóláis a thabhairt d'Annalise Murphy tar éis di críochnú sí sa cheathrú háit i rás 'Laser' na mban ag na Cluichí Oilimpeacha in Dorset Shasana. [PIC : DAVID BRANIGAN / SPORTSFILE]

Os cionn 80 Scéim Teanga carnaithe i Roinn na Gaeltachta

Ar lean ó leathanach a haon

Is í an chéad dhréachtscéim atá i gceist le 25 de na scéimeanna atá le faomhadh go fóill ag an Roinn agus an dara scéim a bhaineann le 63 eile.

Dúirt an Roinn gur "próiseas casta é scéimeanna teanga a aontú agus gach scéim curtha in oiriúint don chomhlacht poiblí atá i gceist. Ós rud é go ndéantar scéimeanna a dhréachtú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ag comhlachtaí poiblí, is léir gur féidir leis an bpróiseas a bheith dúshlánach, go háirithe leis an mbrú ar acmhainní mar atá i láthair na huaire."

Shéan Éamon Ó Cuív, TD, nár chuir sé go leor achmhainní ar fáil chun scéimeanna teanga a phróiseáil nuair a bhí sé ina Aire Gaeltachta.

"Bhí dóthain acmhainní ann agus is dualgas don Aire a dhéanamh cinnte go bhfuil na pleananna faofa," ar seisean.

Labhair Gaelscéal le roinnt de na comhlachtaí a chur dréachtscéim chuig an Roinn, ina measc, an Chomhairle Oidhreachta, a sheol ceann go luath in 2007.

"Rinne an Roinn teagmháil linn ag an am ach laghdaigh an comhfhreagras ina dhiaidh sin," arsa Liam Scott, Ceannasaí Seirbhísí Gnó na Comhairle. "Ní raibh aon teagmháil ann ó shin i leith."

"Is eagraíocht bheag muid agus iarrtar orainn an plean seo agus an plean siúd a ullmhú agus bíonn frustrachas orainn nuair nach gcloiseann muid rud ar bith fúthu."

Dúirt Oifigeach Ghaeilge Chomhairle Contae Uíbh Fhailí, Gerry Bruton, go bhfuair siad freagra ar ais ón Roinn nuair a chur siad dréachtscéim chucu in 2007. Sheol an Chomhairle freagra ar ais ag an am ach deir Bruton nár chuala siad ón Roinn arís go dtí le déanaí.

Thug an tAire ordú don Chomhairle Ealaíon i mí na Bealtaine 2008 an dara dréachtscéim a ullmhú ach de réir na comhairle, dúirt an Roinn leo níos déanaí nach raibh orthu é a réiteach toisc go bhfuil míreanna san Acht Ealaíon 2003 a deir go bhfuil ar an eagraíocht go leor daoine le Gaeilge a earcú ionas go mbeidh siad in ann seirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don phobal.

Iarradh ar Chomhairle Contae na Gaillimhe an dara scéim a ullmhú i Meitheamh 2008 ach níor aontaíodh é go fóill.

Mhol an Ceoláras Náisiúnta an Roinn, áfach.

Chuir siad dréachtscéim chucu cúig bliana ó shin ach de réir Rosita Wolfe, bhí an Roinn "réamhghníomhach" ó shin i leith.

"D'aontaigh muid roinnt gnéithe den scéim tar éis cúpla mí agus tá athdhréachtú ar bun uirthi faoi láthair.

"Bhí an Roinn réamhghníomhach le linn na tréimhse, go háirithe nuair a chuireann tú na hacmhainní teoranta atá acu agus atá againne san áireamh."

Gaelscéal

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

Dúchas Peter King in Inis Bó Finne

Feisire Poblachtach ar an bpolaiteoir sinsearach is deireanaí le gearán a dhéanamh faoi dhealbh Ché Guevara i nGaillimh

Máirtín Ó Catháin

Is de bhunú oileán Inis Bó Finne amach ó chósta thuaisceart Chonamara an polaiteoir sinsearach is deireanaí i Meiriceá atá tar éis labhairt amach in aghaidh an phlean go mbeadh dealbh do Che Guevara i gcathair na Gaillimhe.

B'as an oileán sin iad seanmhuintir an Fheisire Peter King as Nua-Eabhrac. Is é King atá ina Chathaoirleach ar gCoiste Cosanta Baile i dTeach na nIonadaithe i Washington agus ní mo ná sásta a bheadh sé dá lonnófaí dealbh de Che Guevara i nGaillimh.

Dúirt sé i litir chuig an gComhairleoir Pádraig Conneely go bhféadfadh lonnú an deilbh atá i gceist sa gcathair dochar a dhéanamh don chaidrimh idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe.

Is é an Comhairleoir Pádraig Conneely an cathaoirleach atá ar an gCoiste Gnóthaí Cultúrtha i gComhairle Chathair na Gaillimhe agus dúirt sé le Gaelscéal an tseachtain seo go raibh an Feisire King curtha ar an eolas faoi scéal an deilbh.

As an gClochán i gConamara é an Comhairleoir Pádraig Conneely ó dhúchas agus tá eolas aige ar an gceangal áitiúil idir Conamara agus Peter King.

"Tháinig sé anall cúpla babhta ar a laghad," a dúirt Pádraig Conneely an tseachtain seo. "Chas mé leis cúpla babhta agus bíonn teagbháil agam leis anois agus arís. Bhí beirt iníonacha leis thart anuraidh. Tá daoine muinteartha leo in Inis Bó Finne i gcónaí."

Ceapann an Comhairleoir Conneely anois go dtiocfaidh an cheist faoi dhealbh Che Guevara faoi bhráid Chomhairle Chathair na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna.

An Feisire Peter King

"An cheist atá ann i ndáiríre don Chomhairle Cathrach ná an bhfuil muid sásta áit phoiblí a chuir ar fáil don dealbh seo de Che Guevara. Níl muid ag íoc as - ní bhaineann sin linn - ach baineann ceist an spáis agus an ionaid linn agus tá imní ormsa agus tuilleadh nach mé gur mo dochair a dhéanfadh an beart seo ná a mhalairt." Poblachtánach é Peter King féin agus cuirtear branda na 'heite deise" air scaití i Meiricea. Ach, ait go leor, bhí sé ar dhuine den lucht tacaíochta ba ghlóraí a bhí ag an IRA i Meiriceá nuair a bhíodar i mbun feachtais armtha. Tá cumhacht mhór aige sa bPáirtí Poblachtánach agus tá eolas air go forleathan ar fud na Státaí.

Ach, ait go leor, bhí sé ar dhuine den lucht tacaíochta ba ghlóraí a bhí ag an IRA i Meiriceá nuair a bhíodar i mbun feachtais armtha.

Ní nós leis fiacail a leagan ar a chuid cainte agus níl sé á dhéanamh sin anois ach an oiread; tá sé go láidir in aghaidh dhealbh de Che Guevara a bheith i gcontae dúchais a sheanmhuintire.

Ag Teacht

Gaelscéal ar Scoil

Forlíonadh agus suíomh oideachasúil don dara leibhéal

Forlíonadh ar ais sa nuachtán 5 Méan Fómhair

San fhorlíonadh ar feadh 30 seachtain den bhliain iar-bhunscoile beidh:

- Nótaí tacaíochta don rang Gaeilge, don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach.
- Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge.
- Nótaí OSSP/OSPS
- Ailt ghairmthreoracha.

Téigh chuig an suíomh oideachais ag www.oideachas.gaelsceal.ie ar feadh na scoilbhliana chun:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh.
- Ábhar cluastuisceana.
- Ábhar léamhthuisceana.
- Ábhar tacaíochta d'fhoghlaim na gramadaí
- agus ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim OSSP agus OSPS.

Síntiúis ar fáil do scoileanna ar phraghas speisialta

Chun síntiús a ghlacadh is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais, Caroline Ní Chualáin, ag: **scoil@gaelsceal.ie/091-897766**

Lean muid ar: Le tacaíocht ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge — An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Scéim Teanga

Comhairle Chontae Chill Chainnigh

Aighneachtaí á lorg
Acht na Dteangacha Oifigiúla 2003
Dréacht Scéim á hUllmhú ag

Udaráis Aitiúla Chill Chainnigh

Tá sé I gceist ag Udaráis Aitiúla Chill Chainnigh scéim a dhréachtadh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bun-chuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeadh fail níos mó ar sheirbhisí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeadh said ar chaighdeán níos aired.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréacht-scéime á lorg ag Udaráis Aitiúla Chill Cheannaigh anois ó aon pháirtithe leasmhara. Ba chóir nach rachadh na haighneachtaí sin thar 4,000 focal (c. 8 leathnach). Ba chóir freisin, go hinhmianaithe, aighneachtaí, a bheidh ar fail go poiblí ar láithreán gréasáin Comhaiirle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Buirge Chill Cheainnigh a sheoladh isteach go leictreonach chuig Gaeilge@kilkennycoco.ie. Ina ionad sin is féidir iad a sheoladh leis an bpost chuig Roinn Corparáideacha, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Halla an Chontae, Sráid Sheáin, Cill Chainnigh.

Tá eolas maidir le mandáid agus an ról / na seirbhísí arna soláthar don phobal ag Udaráis Aitiúla Chill Chainnigh ar fail ar www.kilkennycoco.ie agus www.kilkennyborough.ie .
Is é an data deireanach d'aighneachtai a bheith faighte ná 5.00 i.n., ar 30ú Meanfomhar, 2012.

Tá tuilleadh eolais faoin Acht ar fail ar láithreán gréasáin na Roinne Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar www.pobail.ie nó ar iarrtais tri ríomhphoist chuig **achtteanga@pobail.ie**

Eachtraí Theaghlach Uí Chuinn

Anton Mac Cába ar cad atá ag titim amach go háitiúil i bhFear Manach / i gCo. an Chabháin

TÁ iontas ar chuid de na meáin go bhfuil tacaíocht ag Sean Quinn ina cheantar féin, ach tá cúiseanna le roinnt míle duine bheith ar shráid Bhéal Átha Conaill chun tacú leis.

Tá feachtas cliste bolscaireachta ar siúl ar bhonn áitiúil agus chuige sin cuireadh an grúpa 'Concerned Irish Citizens' ar bun.

Tá leathanach snasta Facebook ag an bhfeachtas freisin, agus cé go gcaitear úinéireacht suímhe idirlín a chlárú, ní gá sin le leathanach ar Facebook.

Tugann lucht '*Concerned Irish Citizens*' "gnáthdhaoine" orthu féin. Tugadh isteach daoine aitheanta ó Chumann Lúthchleas Gael don chruinniú tacaíochta, mar go bhfuil CLG lárnach i saol an cheantair.

An fear gnó, Seán Quinn (ar dheis) agus a mhac Seán Quinn Jnr. ar a mbealach chun na hArdchúirte ní ba luaithe i mbliana. Tá Seán Quinn Jnr. i bpríosún faoi láthair as díspeagadh cúirte. Cibé barúil atá ag na meáin chumarsáide ar theaghlach Uí Chuinn, is léir go bhfuil tacaíocht acu go fóill i measc a muintire féin i bhFear Manach agus i gCo. an Chabháin. [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Tá ceannlínte ar an leathanach Facebook ag '*Concerned Irish Citizens*' a luíonn le barúlacha atá coitianta: *"ANGLO IRISH BANK/IBRC: CORRUPTION & COVER-UP": "ANGLO COMMITTED FRAUD: THE QUINNS WERE SENTENCED TO JAIL. WHY?": "CORRUPTION IN IRELAND, SUPPORTED BY THE MEDIA - THE FACTS"*.

Chuaigh seo i bhfeidhm ar dhaoine. Dúirt oibrí de chuid Quinn, "nach maith leis an fear é féin ach gur thug sé tacaíocht" mar sin féin.

Ba é cheist an 'leatroim' a shocraigh dó é. "Ní maith leat sin a fheiceáil," ar seisean.

Bhí sé tábhachtach ag náisiúnaithe sa cheantar seasamh leo siúd dá muintir go ndearnadh leatrom orthu. B'shin a rinne siad thar na blianta, go háirithe in éadán stáit an Tuaiscirt.

Tá bunadh an cheantair den bharúil gur thréig an dá rialtas iad agus tá cúis mhaith acu. Is buntáiste é nach bhfuil na meáin báúil le Quinn. Dar le daoine go raibh "Meáin Bhaile Átha Cliath" riamh naimhdeach. Nuair a dhéanann tráchtairí cáineadh ar Quinn, is buntáiste é sin dó.

Tá iriseoirí ag rá gur chothaigh ceist Quinn scoilt i Sinn Féin. Cinnte, tá difear sa rud a dúirt Michelle Gildernew, feisire an cheantair i Westminster, agus Mary Lou McDonald, Leas-Uachtarán Shinn Féin.

Dúirt Gildernew gur chaith an rialtas "go náireach" le Quinn: "*He is being punished for having the audacity to buy the bank and for being an ordinary man from Fermanagh who is hugely respected by his community*."

Dúirt McDonald go raibh an cás "mothúchánach", ach go raibh cleachtais amhrasacha gnó ar siúl ag muintir Quinn le blianta beaga anuas.

Is suimiúil nach ndearnadh aon smachtú ar Gildernew. In 2005, cuireadh an Comhalta den Tionól Reachtach, Francie Molloy, ar fionraí as gan aontú le hatheagrú na gComhairlí Áitiúla. Mar sin, is léir go bhfuil Sinn Féin ag ligint d'ionadaithe áitiúla na votóirí s'acu a shásamh. Bhí baill, agus vótóirí, Shinn Féin i bhFear Manach iontach míshásta le McDonald.

Ar ndóigh, tá na hAontachtaithe Ultacha agus an DUP ciúin, in ainneoin a rá go seasann siad don dlí agus don cheart.

Scríobh Sam Foster (UUP), iar-Aire Comhshaoil an Tuaiscirt, don Impartial Reporter faoi Quinn: "*I wish him well in these forthcoming days*."

Folúntas

Comhar na nOileán Teo

Oifigigh Tograí/Riarthóirí

Tá 3 phost lánaimseartha mar **Oifigigh Tograí/Riarthóirí** ar an gClár Forbartha Tuaithe (LEADER) á dtairiscint ag Comhar na nOileán Teo. Beidh duine amháin a cheapfar lonnaithe in oifig Chomhar na nOileán in Inis Oírr agus beidh an bheirt eile lonnaithe in oifig Chomhar na nOileán i gConamara Theas.

Tá taithí ar fhorbairt fiontair, ar fhorbairt phobail agus ar fhorbairt tuaithe sa Ghaeltacht riachtanach, chomh maith le taithí agus scileanna maithe riaracháin agus cumarsáide. Beidh tuiscint ar shaol na n-oileán agus Gaeilge agus Béarla labhartha agus scríofa d'ardchaighdeán ag na daoine a cheapfar freisin.

Is é 5 i.n. Dé Céadaoin 15 Lúnasa 2012 an spriocdháta d'iarratais. Caithfear foirm iarratais a chomhlánú agus is féidir tuilleadh eolais agus foirm iarratais a fháil ach glaoch a chur ar an oifig ag 099 75096 nó rphost a chur chuig grainne@oileain.ie.

Is fostóir comhionannais é Comhar na nOileán Teo.

NDP Plean Forbartha Náisiúnta Athrú Mór ar Éirinn
LEADER
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil Environment, Community and Local Government
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in Rural Areas.

"Tá scaifte i gcónaí san SDLP ag éisteacht leis an Eaglais"

Anton Mac Cába

TÁ an pósadh aerach ina chnámh spairne san SDLP. Dúirt Conall McDevitt, Comhalta den Tionól Reachtach do Bhéal Feirste Theas, gur sheas an SDLP don phósadh aerach. Ní mó ná sásta a bhí Alasdair McDonnell, ceannaire an pháirtí.

Níl aon pholasaí socruithe ag an SDLP ar an gceist, dar le McDonnell.

Sheas an bheirt do cheannaireacht an pháirtí anuraidh. In ainneoin gur Bleá Cliathach é, agus gur anuraidh a toghadh don Tionól é den chéad uair, bhí McDevitt i bhfoisceacht 36 vóta do McDonnell.

Tugadh an t-iarrthoir ab fhearr 'ABBA' (Anybody But Alasdair) ar McDevitt, mar gur figiúr conspóideach ina pháirtí féin é McDonnell.

Chuir sé "playing to the gallery" i leith McDevitt. Dúirt sé go raibh díospóireacht ar shiúil sa pháirtí.

Cháin McDevitt beirt chomhairleoirí ón SDLP as imeacht ó díospóireacht ar an gceist ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste.

Is duine aerach aitheanta atá ina bhall den SDLP le blianta é P.A. Mag Lochlainn. Cuireann sé fimíneacht i leith chuid den pháirtí. "Tá scaifte i gcónaí san SDLP ag éisteacht leis an Eaglais," ar seisean.

Chuir Mag Lochlainn ina leith sin gur sháraigh siad féin teagaisc na hEaglaise nuair a d'oir sin dóibh san am a caitheadh.

Shéan sé ráiteas McDonnell go raibh díospóireacht san SDLP faoi gceist: "Seo an céad uair ar chuala mé faoi, agus sílim go bhfuil saineolas agam," a dúirt Mag Lochlainn.

GSTQ diúltaithe ag Breatnaigh agus Albanaigh

Anton Mac Cába

DHIÚLTAIGH seisear peileadóirí ar fhoirne na Breataine Móire ag na Cluichí Oilimpeacha 'God Save the Queen' a chanadh, ceathrar ón Bhreatain Bheag agus beirt ó Albain.

B'iad ná Ryan Giggs, captaen na foirne: Craig Bellamy: Joe Allen agus Neil Taylor, Breathnaigh a bhí ar fhoireann na bhfear.

Dhiúltaigh na hAlbanaigh, Kim Little agus Ifeoma Dieke, chomh maith. Dúirt Little gur 'rogha pearsanta' a bhí ann, mar gur Albanach í.

Dúirt a sean-athair, William Little, atá 82 bliain d'aois, gur thug sé lántacaíocht di. Seasann seisean d'Albain neamhspleách, agus caitheann vóta do Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alba. "Dhéanfainn an rud céanna," ar seisean.

Rugadh Dieke i Stáit Aontaithe Mheiriceá. B'as an Nigéir dá tuismitheoirí. D'aistrigh an teaghlach go hAlbain nuair a bhí sí trí bliana d'aois.

Imríonn sí do chlub sa tSualainn. Dhiúltaigh sí imirt do Stáit Aontaithe Mheiriceá. "Tháinig mé go Comar nan Allt nuair a bhí mé trí bliana go leith d'aois," ar sise.

"Is ar son na hAlban amháin a bheinn compordach bheith ag imirt... Is ar Albain amháin atá cleachtadh agam, ó bhí mé iontach óg."

Ní chuidíonn '*God Save The Queen*' le hAlbanaigh a mhealladh. Sa chúigiú véarsa, tá na focail: "*Rebellious Scots to crush*."

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Pleanáil tithíochta tite, ach athaicmiú talún fós beo

LÉIRIGH na figiúirí is deanaí ón Innéacs Náisiúnta Tithíochta agus Tógála go bhfuil laghdú 19% tagtha ar iarratais phleanála le bliain anuas.

Freisin, tháinig laghdú 7% ar líon na bhfógraí tosach feidhme, a eisítear nuair a bhítear ar tí tús a chur le togra tógála.

Tháinig ardú ar fhógraí i gContae an Chabháin, Chorcaí agus na hIarmhí thit na fógraí tosaithe 2% i mBaile Átha Cliath, toradh atá ag cur borradh faoin dóchas, atá mar mhantra ag an earnáil le bliain nó dhó anuas, go bhfuil 'bun an mhargaidh' sroichte.

Léirigh taighde a d'fhoilsigh Banc Uladh ar an Luan gur tháinig meath ar earnáil na tógála i mí Iúil, an 50ú mí as a chéile.

Agus an Tíogar Ceilteach i mbarr a réime, bhíothas ag tógáil níos mó tithe sa Phoblacht ná mar a bhí sa Bhreatain. Anois tá níos lú á dtógáil ná mar a bhí ó thosaíodh ag déanamh taifid in 1970.

Chuaigh earnáil na tógála ar mire glan le linn na tréimhse agus anois tá na céadta míle duine in Éirinn atá oilte i scileanna tógála nach bhfaighidh post astu sa tír seo go brách arís.

Ina ainneoin sin, níl deireadh tagtha leis an dúil atá ag polaiteoirí i gcúrsaí tógála. Mar shampla, vótáil Comhairle Chontae na hIarmhí in éadan molta chun an méid talún atá zónáilte do thithíocht a laghdú an tseachtain seo caite.

Tá 745 heictéar zónáilte le haghaidh tithíochta sa Chontae sin ach níl ach 174 heictéar ag teastáil idir seo agus 2014 de réir na bpleanálaithe. Tá 65 agus 50 heictéar ag teastáil sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain faoi seach, ach tá 212 agus 165 heictéar leagtha síos do thithe sna bailte sin.

Moladh athruithe do phlean forbartha an Chontae le 'Croí-straitéis' a chur ann, rud atá riachtanach faoin Acht um Phleanála agus Forbartha 2010. Faoin moladh, ní bheadh cead tithe a thógáil ar an talamh breise go dtí 2014 ar a laghad, ach ní dhéanfaí athaicmiú air.

Dhiúltaigh comhairleoirí don mholadh, áfach, agus is faoin Aire Chomhshaoil a bheas sé na rialacháin a chur i bhfeidhm.

Tuillte i mBaile Átha Luain in 2009.
GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Agus cén fáth gur dhiúltaigh siad don mholadh? Cheannaigh daoine go leor den talamh seo toisc go raibh sé zónáilte do thithíocht le linn an Tíogair Cheiltigh. Mura mbeidh cead acu tithe a thógáil, titfidh luach na talún sin agus beidh siad i mponc leis na bainc.

Idir an dá linn tá cead tugtha ag Comhairle Contae Laoise chun tithe a thógáil ar thalamh in aice le Móinteach Mílic atá sa chrios tuillte is baolaí.

Ceadaíodh pleananna chun 30 teach 'éiceabhách' a thógáil i gceantar an Acra Ghearr agus Debicot, in ainneoin go raibh bainisteoir an chontae, Peter Carey, ina choinne. Dúirt Carey go raibh an talamh rófhada ón mbaile agus go raibh baol tuillte ann. Dúirt sé nach raibh bealach ar bith go n-éireodh leis an gceadúnas pleanála.

Bheadh an chuid is mó de na tithe i gCrios Tuillte A, an rangú is airde.

Is bocht an mhaise é don daonlathas áitiúil in Éirinn má tá an saghas seo iompair ar bun ag comhairleoirí contae. Níor cheart go mbeadh muid ag brath ar fheidhmeannaigh neamhthofa chun rialacháin chiallmhara chur i bhfeidhm.

Chuir an tseirbhís phoiblí fear ar an ngealach

TÁTHAR ag gearán le fada an lá faoin gcur amú airgid a tharlaíonn sa tseirbhís phoiblí. Cuirtear daoine soir nuair a chloiseann siad go bhfuil an cháin a d'íoc siad caite ar chostais d'fheidhmeannaigh i bhFÁS nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Níor cheart dia beag a dhéanamh d'aon tuairim nó idéeolaíocht, áfach. Ceann atá á chur chun cinn le 30 bliain anuas ach go háirithe ná go bhfuil an earnáil phríobháideach níos éifeachtaí ná an earnáil phoiblí, i gcónaí, agus gur cheart gach rud a fhágáil faoin margadh. Glaodh 'Reagonmics', 'Nua-Liobrálachas,' 'Thatcherism', 'eacnamaíocht Scoil Chicago' agus téarmaí eile ar an teoiric seo.

Tá torthaí na teorice seo le feiceáil go soiléir le blianta beaga anuas - fiacha ollmhóra ar fud an domhan forbartha agus deighilt níos mó idir lucht an rachmais agus an chuid eile den phobal. Is cinnte go mbíonn an tseirbhís phoiblí mí-éifeachtach go minic, agus gur ceart go leor rudaí a fhágáil faoin earnáil phríobhaideach, ach tá rudaí ar féidir leis a dhéanamh nach féidir leis an margadh a dhéanamh.

Dhear oibrithe ón earnáil phoiblí an róbat 'Curiosity' atá i mbun taighde ar Mhairs faoi láthair.

Mar shampla, d'éirigh le daoine san earnáil phoiblí duine a chur ar an ngealach. Tá róbat curtha acu go Mars an tseachtain seo agus é mar aidhm aige a fháil amach an bhfuil ná an raibh beatha ar an bPláinéad Dearg.

Bhí tionchar níos leithne ag obair NASA ar an saol i gcoitinne ná an gliondar a chuireann misean na gníomhaireachta ar dhaoine idir óg agus aosta timpeall na cruinne. I measc na rudaí a forbraíodh nó a feabhsaíodh de bharr thaighde NASA tá slisíní ríomhaireachta, uirlisí cumhachta gan sreang, meaisín scagdhealaithe duán, scanóirí CT, bia reothriomaithe, insliú alúmanaim, íonú uisce, spéaclaí gréine, teanntáin dofheicthe fiacla, teilifís satailíte, lionsaí scrabhadh díonach agus brathadóirí deataigh.

Rinne oibrithe san earnáil phoiblí an obair seo ar fad beag beann ar bhrabús a thuilleadh. Ar ndóigh, táthar ann den tuairim go gcuirtear na billiúin dollar ar fáil do NASA mar fhóirdheontas neamhoifigiúil don earnáil phríobháideach. Is é sin, go gcaitear airgead an phobail ag forbairt teicneolaíochta a mbaineann an earnáil phríobháideach leas as níos déanaí chun an geilleagar a fhás.

Folúntas

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Spéis agat i bpost maith le Gaeilge?

Tapaigh do dheis agus bain cáilíocht aitheanta ollscoile amach!

Tá na cúrsaí iarchéime seo a leanas le fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2012-2013:

- **MA / Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)**
- **MA / Dioplóma Iarchéime (Cumarsáid)**
- **MA/ Dioplóma Iarchéime (Léann Teanga)**

Eolas: 091 595101
caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

www.oegaillimh.ie

Foras na Gaeilge

Is mian le Foras na Gaeilge an ceapachán seo a leanas a dhéanamh. Beidh an post lonnaithe in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath.

> Oibrí Stórais – Áis (Tag: OS/0712/)

Brúigh Folúntais ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge www.gaeilge.ie le gach eolas faoin bpost seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Proficiency in the Irish language, both written and spoken, is an essential requirement for the above post.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.

SPRIOCDHÁTA: Ní mór cóip chrua shínithe d'fhoirmeacha iarratais a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 p.m. Dé hAoine, 31 Lúnasa, 2012.

**Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Ré Úr do Ghaeil Chois Laoi

Tugann **Concubhar Ó Liatháin** cuairt ar Chaifé Cois Laoi, caifé Gaelach Chorcaigh

Breandán, Aindriú Ó Donnchú (athair agus mac) in éineacht le Criostóir Ó Mathúna agus Adrian Breathnach i gCaifé Chois Laoi [PIC : CONCUBHAR Ó LIATHÁIN]

Nuair a shiúlann tú cois Laoi ní gá ach do shúil a ardú agus tabharfaidh tú faoi ndeara láithreach é, an comhartha os cionn an caifé is nua agus is gaelaí i gCorcaigh, Caifé Cois Laoi.

Anocht [Dé Chéadaoin] a osclófar go hoifigiúil an chaife seo agus tuigtear go mbeidh aoíanna móra le rá, daoine atá go mór i mbéal an phobail cois Laoi i mbun an chúraim seo.

Ach tá an caifé ag déanamh gnó ar feadh roinnt mhíonna anois óna suíomh i bhfoirgneamh ana bhreá ar Ché Uí Shuilleabháin i gcroí na cathrach.

Ní caifé amháin atá san fhoirgneamh seo - tá siopa ann chun earraí Ghaeilge ar nos t-léinte, leabhair, bréagáin agus, ar ndóigh, Gaelscéal, a cheannach ann.

Tá biúró eolais ann chun ceisteanna an phobail ar imeachtaí Ghaeilge a fhreagairt agus bionn ranganna Gaeilge ann gach oíche den seachtain agus le linn an lae le cois. Agus níl ansan ach an tús....

Cúig bliana is fiche ó shin a bhunaigh Pádraig Ó Cuanacháin, a cailleadh go tobann is go tubaisteach i 2007, Gael-Taca, eagraíocht a bheadh ag tacú leis an Ghaeilge a chur i lár an aonaigh cois Laoi agus ar fuaid an chondae ina dhiaidh sin.

Ní beag an méid a bhain sé amach. Bhí láimh aige i mbunú iliomad Gaelscoileanna, an ceann is mó sa tír, Gaelscoil Uí Ríordáin i mBaile an Chollaigh le breis 500 dalta, ina measc.

B'é a spreag go leor gnóanna i gCorcaigh chun ainmneacha is mannaí i nGaeilge a chrochadh ar a siopaí - leithéidí Marks & Spenser ina measc. B'é an argóint a chuaigh i bhfeidhm ar na hollchomhlachtaí seo, go bhféadfaidís an Ghaeilge a úsáid chun a gcoimitmint d'Éirinn a chur in iúl do chustaiméirí Éireannacha a raibh ánabháúil don teanga, fiú mura labhair go leor acu í.

Anois tá glúin nua ag cur a gcloch féin ar charn Uí Chuanacháin agus iad ag iarraidh an aisling a raibh aige a fhíorú ina ré féin.

Múinteoir óg i nGaelscoil Charraig Uí Leidhin, Adrian Breathnach, atá ina rúnaí ar an eagras. Oibrí deonach é ach tá sé - cosúil le go leor eile ar an gcoiste - ag cur a chroí agus a anam isteach san obair seo.

Tá a rian sin le feiceáil. Tá Gael Taca i mbéal an phobail i gCorcaigh gan aon amhras - tá leathnach acu gach seachtain san nuachtán trathnóna, An Evening Echo, agus bionn clár acu gach trathnóna Déardaoin ar Raidió an Champais.

Is minic a bhíonn siad luaite sna meáin éagsúla mar gheall ar a gcuid beartas éagsúil.

An gnó is mó a mheallann poiblíocht chuig an eagras, Gradam Uí Chuanacháin, scéim a spreagann gnóanna chun comharthaí agus ainmneacha i nGaeilge a chrochadh taobh amuigh dá bhfoirgnimh maraon le seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil laistigh, tá sé ag fás go rábach.

Anuraidh bhí 35 gnó i gcathair agus i gContae Chorcaí a chur isteach ar an scéim - i mbliana mhéadaigh sé sin faoi dhó go 73 gnó.

"Tá ana shuim sa chomórtas seo mar go bhfuil bá ag na gnóanna don Ghaeilge - is mó duine a chastar linn a deir gur fhoghlaim siad Gaeilge agus iad óg agus anois tá aiféaltas orthu go bhfuil sí ligthe i ndearúd acu," arsa Adrian. "Bealach é an Gradam seo chun teacht ar ais go dtí an teanga."

Beidh an 73 gnó seo - agus go leor eile atá ag léiriú spéise san ob air - á chur ós comhair an phobail in eolaire ghnóanna atá sásta an Ghaeilge a úsáid atá á ullmhú ag Gael Taca faoi láthair.

Ba chéim mór agus dána ag Gael-Taca bogadh ón oifig cúlsráide a raibh ag an eagras go foirgneamh réasúnta mór atá i lár an aonaigh, díreach treasna an droichead is mó coisithe sa chathair.

"Bhí rogha deacair le déanamh againn - fanúint san áit a rabhmar a raibh as radharc agus ag cosaint airgid orainn," arsa Breandán Ó Donnchú, ball den choiste. "Nó bogadh go h-oifig nua i lár an aonaigh a bheadh costasach cinnte - ach a thabharfadh deis dúinn sruth ioncaim a chruthú dúinn féin."

An t-é a bhíonn dána, bíonn buach. Thacaigh an choiste - ar a bhfuil an iar Aire Stáit, Donnchadh Ó Liatháin, ann mar leas chathaoirleach agus Pádraig Hamilton ina chathaoirleach uirthí - leis an moladh agus anois tá seilbh an fhoirgnimh ar Ché Uí Shuilleabháin ag Gael-Taca go deireadh 2013 ar a laghad.

Mar gheall ar an éiginnteacht faoi mhaoiniú faoina mhaireann gach eagras Ghaeilge, ní féidir dul i muinín léas níos faide fiú is gur doichí go mbeadh sin níos saoire.

Tá ag eirí anois le Gael Taca a h-áit féin a bhaint amach i saol na cathrach thar mar a bhí roimhe. Ach níl siad sásta suí siar ar a maidí ramha go fóill ná baol air.

De bharr a míshastacht leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a

Caifé Cois Laoi ó Shraid an Chapaill Bhuí, Corcaigh [PIC : CONCUBHAR Ó LIATHÁIN]

Adrian Breathnach, Rúnaí, Gael-Taca
[PIC : CONCUBHAR Ó LIATHÁIN]

Cúig bliana is fiche ó shin a bhunaigh Pádraig Ó Cuanacháin, a cailleadh go tobann is go tubaisteach i 2007, Gael-Taca, eagraíocht a bheadh ag tacú leis an Ghaeilge a chur i lár an aonaigh cois Laoi agus ar fuaid an chondae ina dhiaidh sin.

raibh, dar leo, lán le mianta agus de chaint san aer, seachas gníomh, chum siad a bPlean 20 Bliain féin.

Beidh an chaipéis seo á phoibliú acu níos déanaí sa bhliain - ach tá mír amháin ar a laghad a bheidh á chur i bhfeidhm acu gan ró mhoill.

"An sprioc atá againn deich bunscoil atá ag múineadh trí Bhéarla faoi láthair a mhealladh chun ábhar amháin, corpoiliúint mar shampla amháin, a mhúineadh trí Ghaeilge ón Mheán Fhómhair seo ar aghaidh," arsa Adrian.

Tá teagmháil déanta le roinnt scoileanna cheana féin - agus is cosúil go bhfuil an aischothú go maith agus dearfach. Mar sin tá Plean 20 Bliain amháin, ar a laghad, gur féidir a rá go bhfuil míreanna ann á chur i bhfeidhm! Sprioc eile atá acu ná tabhairt ar chumainn CLG i gCorcaigh níos mó Ghaeilge a úsáid. I gceantar Sheandún amháin - sin cathair Chorcaí - tá 25 cumann CLG. Tá siad ag clarú cheana don chomórtas seo.

Anuas ar sin tá foireann peile dá gcuid féin ag Gael-Taca agus iad páirteach i Sraith Idir Ghnóanna Chorcaí.

"Fuaireamar crústáil ceart ó Apple nuair a imríomar iad,"arsa Adrian - ach is léir nach bhfuil an Ciarraíoch seo ró bhuartha go fóill. Tá cuireadh faighte ag Gael-Taca an foireann a thabhairt go Baile Átha Cliath chun na Gaeil Óga a imirt deireadh seachtaine éigean go luath agus tá sé ag súil go mór le sin.

"Droichead isea an ionad agus caifé seo chun daoine a mhealladh i dtreo na Gaeilge," arsa Breandán, ag meabhrú go bhfuil timpeall 200,000 duine ina gcónaí i gcomharsanacht chathair Chorcaí. "Dá n-eireodh linn 2-3% diobh seo a mhealladh inár dtreo, bheadh ár dtodhchaí slán."

Aon duine a raibh aithne acu ar Phádraig Uí Chuanacháin, faoi mar a raibh aithne agamsa air, tuigfidh siad gur fear gnímh ab ea é. Bhí sé i gconaí ag gluaiseacht chun tosaigh agus ag beartú seifteanna agus pleananna chun an Ghaeilge a chur ós comhair an phobail. Tá a oidhreacht slán agus beo agus gníomhach, mas aon teist é an chuairt ghairid a thug mé ar Caifé Cois Laoi ag an deireadh seachtaine.

Tá seans agat bheith páirteach sa Réabhlóid Reibiliúnach seo chomh maith - nó tá Gael Taca ag earcú foirne ó FÁS chun cuidiú leo san obair thabhachtach seo ar son na teanga. Má tá suim agat san obair, gabh i dteagmháil leo ag www.gael-taca.com.

Chomh maith le sin bionn mic is iníonacha léinn atá ag tabhairt faoin B.Comm (Gaeilge agus Gnó) ag Coláiste Ollscoile Chorcaí ag obair leo.

Duine díobh sin ab ea Helena Ní Dhea atá a seal leis an eagras ag teacht chun deiridh go luath agus í ag ullmhú chun filleadh ar an ollscoil.

"Bhain mé ana thaithneamh agus ana thairbhe as an mbliain a chaith mé le Gael-Taca," arsa Helena.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Daonáireamh 2011 maidir le Labhairt na Gaeilge - Cuid 1: Bailte agus Contaetha

An tseachtain seo caite, ar an idirlíon, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) miontorthaí ón Daonáireamh a tógadh anuraidh, do gach toghcheantar (ED) as stát. Tá scagadh déanta ag an taighdeoir agus an t-iarléachtóir matamaitice, **Donncha Ó hÉallaithe**, ar na sonraí a foilsíodh, chomh fada agus a bhaineann siad le úsáid na Gaeilge ar fud an stáit agus sa Ghaeltacht. Beidh toradh a chuid anailíse le léamh thar thrí eagrán de Ghaelscéal, ag tosú an tseachtain seo le hanailís ar chontaetha agus bailte taobh amuigh den Ghaeltacht oifigiúil. An tseachtain seo chugainn beidh sé ag díriú ar úsáid na Gaeilge sna ceantair éagsúla i mBaile Átha Cliath. Sa tríú cuid dá anailíse beidh sé ag díriú ar an nGaeltacht.

Tá mí na Márta seo caite foilsíodh réamhthuarascáil ón Daonáireamh a tógadh in Aibreán na bliana 2011. Léirigh na torthaí sin go raibh **1,774,437** duine sna 26 Contae ag tabhairt le fios go raibh Gaeilge acu, ardú suntasach ón **1,656,790** cainteoir Gaeilge a tuairiscíodh sa bhliain **2006**. Ar chomhchéim leis an ardú sin, d'ardaigh daonra na tíre, a bheag nó mhór, ag an ráta céanna, rud a d'fhág nár tháinig ach athrú beag i sciar na daoine ar éilíodh ina leith go raibh Gaeilge acu: ó **40.8%** in **1996** go dtí **40.6%** in 2011.

Is sa bhliain **1996** a tosaíodh ar cheist a chur sa Daonáireamh faoi úsáid na Gaeilge. Tuairiscíodh in **2002** go raibh **9%** de dhaonra na tíre ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Bhí an figiúr seo as riocht de bharr go raibh go leor gasúr in aois scoile in ann a rá gur úsáid siad an Ghaeilge go laethúil.

Athraíodh an cheist teanga don Daonáireamh a tógadh in **2006** agus cuireadh ceist den chéad uair riamh faoi úsáid na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais (TACO). Mar gur féidir comparáid a dhéanamh le torthaí an

Daonáirimh a tógadh in 2006, tá tábhacht faoi leith mar sin ag baint le torthaí an Daonáirimh a tógadh in 2011, le fáil amach an bhfuil méadú nó lagú ag teacht in úsáid na Gaeilge in áiteanna éagsúla.

An Staid Náisiúnta:

Léiríonn Tábla 1 thíos staid na teanga sa stát ina hiomláine, do réir thorthaí an Daonáirimh.

Tábla 1. Daoine a úsáideann Gaeilge go laethúil agus go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais (TACO):

Bliain	2006	2011
Daonra (3bl.+)	4,057,646	4,370,631
Líon le Gaeilge	1,656,790 (40.8%)	1,774,437 (40.6%)
Go Laethúil	72,148 (1.78%)	77,185 (1.77%)
Go Seachtainiúil	102,861 (2.53%)	110,642 (2.53%)
Go Rialta	175,009(4.31%)	187,827(4.30%)

Nóta: Glactar leis nach cainteoirí Gaeilge iad siúd nach dtugann freagra ar an gceist teanga. Ní chuireann an CSO na daoine sin san áireamh agus céatadán cainteoirí á ríomh. Sin an chúis go mbíonn na céatadán cainteoirí beagáinín níos ísle san anailís seo, ná mar a thuairiscíonn an CSO.

Mar a foilsíodh níos túisce i mbliana, is beag athraithe a tháinig ar an céatadán den phobal sa stát a deireann go bhfuil an Ghaeilge acu. Cé gur tháinig méadú ar líon na nGaeilgeoirí laethúla agus ar líon na nGaeilgeoirí seachtainiúla, tá an méadú tarlaithe ag an ráta céanna leis an méadú sa daonra agus dá bharr sin fanann na céatadán beagnach mar a chéile.



Club Árus na nGael, Sráid Dhoimnic, Cathair na Gaillimhe. Léiríonn an Daonaireamh is deireanaí gurb í Cathair na Gaillimhe an tríú háit is mó Gaeilge i measc Chontaetha agus Chathracha na hÉireann.

Is Beag a Labhraítear Taobh amuigh den Seomra Ranga

An ceathrú chuid (25%) de na daoine a deireann go bhfuil Gaeilge acu, ní labhraíonn siad í riamh, dar leo féin. Tá an tríú cuid eile acu (34%) nach labhraíonn í ach go hannamh. Tá beagnach 30% eile acu nach labhraíonn í ach taobh istigh den seomra ranga. Níl ach beagán le cois 10% de na cainteoirí Gaeilge (4.3% den daonra) a deireann go labhraíonn siad í go laethúil nó go seachtainiúil taobh amuigh den seomra ranga: na cainteoirí rialta taobh amuigh den chóras oideachais, a thugaim orthu.

Sa scagadh seo atá déanta agam, tugaim céatadán na gcainteoirí Gaeilge laethúla agus na gcainteoirí seachtainiúla taobh amuigh den córas oideachais, do gach contae agus do na bailte is mó Gaeilge sa stát.

Sa darna chuid den anailís an tseachtain seo chugainn beidh mé ag breathnú ar cheantair agus ar bhruachbhailte i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Sa tríú cuid den tsraith anailíse beidh mé ag breathnú go mion ar na ceantair Ghaeltachta.

An Contae is mó ina labhraítear Gaeilge taobh amuigh den Scoil:

Contae na Gaillimhe an contae is mó ina labhraítear Gaeilge. Tá leath den pobal (51%) ag maíomh go bhfuil an teanga acu. Tá 7.35% á húsáid go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais (TACO) agus tá 11% á húsáid go rialta TACO. Ní nach ionadh, tá contae eile Gaeltachta, Dún na nGall, sa darna

áit. Ach iontas na n-iontas, sa tríú háit tá Cathair na Gaillimhe, í chun cinn ar na contaetha eile Gaeltachta.

Taobh amuigh de na contaetha Gaeltachta, is é an Clár an contae is fearr ó thaobh úsáid na Gaeilge de, taobh amuigh den chóras scoile. Bhí an gradam sin ag Co. Chill Dara in 2006. Tá an Clár gaite chun cinn le Gaeilge á úsáid go rialta (go seachtainiúil ar a laghad) ag 4.36% den pobal agus ag teacht ina dhiaidh tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ag 4.35%.

Is é Co. an Chabhán an contae leis an leibhéal is ísle (2.65%) ó thaobh úsáid na Gaeilge go rialta de, taobh amuigh den córas oideachais. Is ag Uíbh Fhailí a bhí an áit ag bun na tábla in 2006.

Cathair na Gaillimhe (10.99%) an ceantar uirbeach is láidre, i gcónaí. Taobh istigh den chathair tá difríochtaí an-mhóra idir ceantar amháin agus ceantar eile le tabhairt faoi deara. Beidh anailís níos iomláine déanta agam ar chathracha Bhaile Átha Cliath, Chorcaigh agus na Gaillimhe sa chéad chuid eile den anailís seo, an tseachtain seo chugainn.

Na Bailte Móra:

Chomh maith le briseadh síos a thabhairt ó thaobh úsáid na Gaeilge sna contaetha agus sna toghcheantair ar fad sa stát, tugadh torthaí chomh maith do na bailte ag a bhfuil comhairle dá gcuid féin. Thart ar 90 baile atá i gceist. Sa tábla thíos tugtar na torthaí ó thaobh úsáid na Gaeilge sna 30 baile is láidre.

Leitir Cheanainn i nDún na nGall is láidre de na bailte ó thaobh úsáid na Gaeilge de go laethúil ar beagnach 3% ach Maigh Nuad i gCo. Chill Dara is láidre ó thaobh úsáid na Gaeilge go rialta de, sé sin go laethúil nó go seachtainiúil, le céatadán beagán faoi bhun 6%.

Níl spás anseo leis na bailte eile a thabhairt, ach níor mhiste a rá go mba é Baile Átha Troim i gCo. na Mí ab ísle, gan ach 1.64% den daonra ag tabhairt le fios go n-úsáideann siad an Ghaeilge ar a laghad go seachtainiúil.

Conclúid:

Nuair a foilsíodh réamhthuarascáil ón Daonáireamh i mí Aibreáin seo caite, tugadh eolas faoi úsáid na Gaeilge ar bhonn náisiúnta. Ba léir nach raibh mórán athraithe ar chéatadán na ndaoine sa stát a deireann go bhfuil Gaeilge acu ná sa chéatadán a deireann go labhraíonn siad Gaeilge go rialta, is é sin go laethúil nó go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais. Léirítear na torthaí agus na hathruithe i dTábla 1 thuas. Léiríonn Tábla 1 an bhunfhadhb atá ann maidir le Gaeilge sa stát: as an 1.67 milliún duine a deireann go bhfuil Gaeilge acu, níl ach duine as deicniúr a úsáideann í ar bhonn rialta, is é sin go laethúil nó go seachtainiúil.

Nuair a bristear síos na figiúirí de réir na gcontaetha agus de réir na mbailte, mar atá déanta i dTábla 2 agus i dTábla 3 thuas, tá difríochtaí móra idir contaetha a bhfuil Gaeltachtaí iontu agus na contaetha nach bhfuil. Ó thaobh na mbailte de, tá sé suntasach go bhfuil bailte áirithe gaite chun cinn ar bhailte eile idir 2006 agus 2011. B'fhiú níos mó taighde a dhéanamh faoin gcúis atá leis sin.

Is é an dúshlán is mó a bhéas ag an Stráitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, atá ceaptha a bheith á bhfeidhmiú ag an rialtas, ná cén chaoi a mbeifear in ann na daoine a bhfuil an Ghaeilge acu, dar leo féin, a spreagadh lena húsáid go rialta. Tá spriocanna arda leagtha amach sa stráitéis, spriocanna míréadúla i mo thuairim-se. Ar foilsiú na bhfigiúirí ón gcéad daonáireamh eile, beifear in ann a rá an bhfuil an Stráitéis Fiche Bliain ag obair. An tseachtain seo chugainn beidh mé ag breathnú ar thorthaí an Daonáirimh sna ceantair éagsúla i gcathracha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Gaillimhe.

Tá na sonraí daonáirimh ar a bhfuil an anailís seo bunaithe le fáil ón nasc seo a leanas: http://www.cso.ie/en/census/census2011smallareapopulationstatistics-ssaps/

Tábla 2: Contaetha/Cathracha in ord do réir an % cainteoirí rialta Gaeilge sa Daonra (3bl.+)

	Contae/ Cathair	% atá ábalta Gaeilge a labhairt	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais.
1	Co. na Gaillimhe	50.99	7.35	10.99
2	Dún na nGall	38.44	5.94	8.96
3	Cathair na Gaillimhe	43.97	3.27	7.49
4	Ciarraí	45.94	3.02	6.34
5	Maigh Eo	45.50	2.16	5.50
6	Co. Phort Láirge	46.81	2.05	5.20
7	Co. Chorcaí	46.84	1.56	4.45
8	An Clár	48.10	1.37	4.36
9	Dún Laoghaire	41.88	1.67	4.35
10	Cathair Chorcaí	40.34	1.37	4.19
11	Tiobraid Árann Thuaidh	47.11	1.23	4.04
12	Cill Dara	42.00	1.43	3.91
13	An Mhí	39.33	1.42	3.76
14	Cathair Luimnigh	38.48	1.23	3.72
15	Liatrom	41.66	1.07	3.61
16	Muineachán	38.73	1.25	3.60
17	Co. Luimnigh	47.03	1.03	3.59
18	Cill Chainnigh	42.53	1.11	3.57
19	Sligeach	41.84	1.06	3.56
20	Baile Áth Cliath Theas	35.80	1.30	3.43
21	Ros Comáin	43.88	0.96	3.41
22	Fine Gall	37.49	1.22	3.34
23	Laois	41.19	1.01	3.33
24	Cill Mhantáin	37.41	1.16	3.33
25	Ceatharlach	38.41	1.05	3.29
26	Cathair Bhaile Áth Cliath	32.05	1.28	3.29
27	Tiobraid Árann Theas	42.32	0.91	3.23
28	An Iarmhí	39.96	0.96	3.18
29	Lú	36.12	0.99	3.00
30	Cathair Phort Láirge	37.73	0.95	2.95
31	An Longfort	38.81	0.90	2.93
32	Uíbh Fhailí	38.66	0.82	2.92
33	Loch Garman	36.81	0.84	2.89
34	An Cabhán	36.40	0.72	2.65
Stát	Stát	40.60	1.77	4.30

Foinse: Tá an tábla seo curtha le chéile ag Donncha Ó hÉallaithe ag úsáid figiúirí atá foilsithe ag an CSO sna táblaí SAPs, Daonáireamh 2011 atá le fáil ar shuíomh idirlín an CSO.

Tábla 3: Na Bailte is mó (taobh amuigh den Gaeltacht) ina úsáidtear Gaeilge go rialta taobh amuigh den chóras scoile.

	Baile	% atá ábalta Gaeilge a labhairt	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais.
1	Maigh Nuad	48.55	2.51	5.94
2	Leitir Ceanainn	36.96	2.97	5.89
3	Dún Garbháin	44.74	2.32	5.49
4	Caisleán an Bharraigh	43.33	2.09	5.07
5	Léim an Bhradáin	46.11	2.17	4.98
6	Dúrlas Éile	44.20	1.69	4.73
7	Beanntraí	43.30	1.25	4.59
8	Carraig Mhachaire Rois	34.67	1.21	4.58
9	Má Chromtha	40.77	1.62	4.50
10	Tuam	39.31	1.58	4.45
11	Cill Droichid	43.25	1.65	4.34
12	Béal Átha an tSluaighe	41.00	1.57	4.31
13	Trá Lí	40.13	1.55	4.30
14	Cill Chaoi	38.88	1.67	4.23
15	Inis	45.41	1.38	4.16
16	An tAonach	42.29	1.63	4.16
17	An Trá Mhór	45.65	1.27	4.16
18	Cathair na Mart	39.46	1.45	3.99
19	Carraig Uí Leighin	46.66	1.32	3.97
20	Baile Locha Riach	38.50	1.53	3.95
21	Cloich na Coillte	43.38	1.23	3.88
22	Na Clocha Liatha	43.30	1.25	3.78
23	Nás na Rí	42.24	1.39	3.77
24	An Pasáiste Thiar	42.53	1.07	3.70
25	Cill Rois	36.98	1.68	3.61
26	Sciobairín	40.53	1.06	3.56
27	Brí Chualann	35.31	1.37	3.55
28	Mala	40.10	1.11	3.52
29	Áth Í	36.15	1.56	3.51
30	Ceatharlach	36.15	1.04	3.49

Foinse: Tá an tábla seo curtha le chéile ag Donncha Ó hÉallaithe ag úsáid figiúirí atá foilsithe ag an CSO sna táblaí SAPs, Daonáireamh 2011. Tógadh na figiúirí le haghaidh Mhaigh Nuad agus Chill Droichid ó thábla do na toghcheantair, mar nach raibh siad curtha san áireamh i liosta na mbailte le stádas oifigiúil.

Is minic a luaitear Ceatharlach mar bhaile ina bhfuil an-dul chun cinn déanta in úsáid na Gaeilge le blianta beaga anuas. Níl an dul chun cinn sin le feiscint sna sonraí daonáirimh. Gan ach 1% de chainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais agus gan ach 3.5% de chainteoirí rialta, tá baile Ceatharlach faoi bhun an mheáin náisiúnta a sheasann ag 1.77% de chainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais agus 4.30% de chainteoirí rialta.



Leac cuimhneacháin d'Eamoinn Ruairí Mag Uidhir, Gleann Gaibhleann, Co. an Chabháin. D'ainneoin gur mhair an Ghaeilge dhúchasach chomh fada sin i gCo. an Chabháin, is é an contae is lú Gaeilge é ó thaobh úsáid na Gaeilge go rialta de inniu. [PIC. PADDY RONAGHAN]

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Ar mhachairí bána na hAstráile – capaillíní Chonamara

Máirtín Ó Catháin

NÍ féidir leat tuiscint cheart a fháil ar chúlra agus ar oidhreacht chapaillíní Chonamara mura dtagann tú chuig Seo an Chlocháin. Sin é an leagan amach atá ag Karen Holloway agus tá an t-aistear déanta aice-se as an Astráil arís i mbliana.

Seo í an bhean atá ina hUachtarán ar Chraobh na hAstráile de Chumann Lucht Chapaillíní Chonamara agus freisin is í atá mar ionadaí na hAstráile ar Choiste na gCraobhacha Idirnáisiúnta a mbeidh a gcruinniú chinn bhliana acu sa gClochán an tseachtain seo freisin.

Táthar ag súil le hionadaithe as 16 thír agus níl ar iarraidh ach ionadaithe na Nua-Shéalainne.

Tuairim is 600 capall de mhianach Chonamara atá san Astráil a deir Karen Holloway. Saolaítear idir scór agus deich gcinn fhichead searrach ar de mhianach Chonamara iad chuile bhliain. Déanann Craobh na hAstráile meastóireacht ar leathscór bromach sa mbliain leis na staileanna is fearr a phiocadh amach astú sin. Is deacair eagar a choinneáil ar obair na Craoibhe i dtír chomh mór leis an Astráil. "Tá muid ag baint leasa anois as an teicneolaíocht nua, " a deir Karen Holloway, "agus tá cúpla cruinniú ar an nasc físeáin (*video link*) eagraithe againn". Tá sí ag moladh gur cheart féachaint leis an gcóras seo a úsáid freisin i measc na gcraobhacha idirnáisiúnta.

"Táthar ag eagrú do chapaillíní Chonamara i Stát Victoria i mbliana," a deir Karen Holloway, "agus táthar ag iarraidh rannóga do chapaillíní Chonamara a eagrú i Seónna eile."

Cé gurb iad na cnocáin agus na criathraigh áit dhúchasach chapaillín Chonamara is fada uaidh sin atá siad san Astráil. Míníonn Karen Holloway go bhfeicfidh tú na capaillíní imeasc caiple eile ar fhaichí móra 500 acra san Astráil.

Ionsaí ar theampall Saíceach i Wisconsin

Scott De Buitléir

Ar maidin Dé Luain na seachtaine seo, d'fhógair póilíní chathair Oak Creek ainm an fhir a mharaigh seisear i dteampall Saíceach sa chathair i stát Wisconsin, sular maraíodh é féin ag póilíní agus é ag teacht amach as an áit. Ba é Wade Michael Page, fear 40 bliain d'aois a bhí ina ársa Airm na Stát Aontaithe an te a ainmníodh.

"Níor labhair sé ar chor ar bith," a dúirt Harpreet Singh, neacht uachtarán an teampaill, "ach thosaigh sé ag scaoileadh urchar." Dar le huachtarán an teampaill, Satpal Kaleka, fear sé troigh ar airde a bhí ann – fear nach bhfaca éinne sa teampall é riamh cheana – agus bhí an chuma air go raibh sprioc aige agus eolas aige ar cá háit a raibh sé ag dul. Maraíodh seisear san ionsaí agus gortaíodh triúr eile go dona, cuid acu atá san ospidéal faoi láthair. Tá póilíní Oak Creek ag tabhairt "gníomh sceimhlitheoireachta dúchais" ar an eachtra.

Níl aon chúis leis an ionsaí ar eolas ag na húdaráis go fóill. Tugadh ísliú céime san arm don té a rinne an t-ionsaí sular ligeadh leis 12 bliain ó shin, de réir oifigeach cosanta a labhair leis na meáin ar choinníoll nach dtabharfaí a ainm toisc nach raibh cead oifigiúil aige chun cás an fhir a mhíniú.

Tuigtear gur tugadh ísliú céime dó mar gheall ar 'phatrúin mí-iompraíochta' (patterns of misconduct) agus deirtear gur sárú araíonachta a bhí i gceist a bhain lena bheith ólta ar dualgas agus é a bheith as láthair gan cead.

Oifigeach Póilíní ag caint le baill den phobal Saíceach tar éis an ionsaí ar theampall Saíceach i Wisconsin inar maraíodh seisear agus an fear gunna. Tá oifigeach Póilíní go dona tinn san ospidéal i gcónaí.

Tá grúpa saineolaithe a bhoinn ag iniúchadh antoiscigh i ndiaidh a fhógairt go raibh naisc ag Wade le grúpaí ciníochais. Dar le CNN, bhí ceadúnas dleathach aige don ghunna a d'úsáid sé san ionsaí. Rinne sé iarracht earraí a cheannach ón ngrúpa nua-Naitsíoch i Meiriceá, National Alliance, siar in 2000 agus bhí sé ina bhall den ghrúpa ciníoch, End Apathy, a bhí lonnaithe in Fayetteville, North Carolina. Rinneadh cuartú ar a áit chónaithe i mbaile Cudahy, gar do Milwaukee, agus seoladh foireann dhiúscartha buamaí chun na háite chomh maith.

"Níor cheap muid riamh go dtarlódh a leithéid d'uafás seo inár bpobal," arsa Devendar Bagra, 48 bliain d'aois as Mount Pleasant. "Ní dhearna muid aon dochar d'éinne riamh." D'éirigh le deirfiúr Devendar éalú as ionsaithe fhear an ghunna agus é i gcistin an teampaill. "Níor fhoilsigh na húdaráis ainmneacha na marbh ná na ndaoine gortaithe, ach deimhníodh go raibh sagart agus uachtarán an teampaill ina measc. Ainmníodh uachtarán an teampaill go h áitiúil mar Satwant Singh Kaleka. Bunaíodh an teampall i mí Dheireadh Fómhair 1997 agus tá pobal de 350 go dtí 400 duine aige anois.

Páistí dátheangacha níos fearr "ag réiteach fadhbanna"

Colm Ó Broin

TÁ páistí dátheangacha níos cruthaithí agus níos fearr ag réiteach fadhbanna ná páistí le teanga amháin de réir taighde nua. Thug Ollscoil Srath Chluaidh agus Ollscoil Cagliari tascanna teanga, matamaitice agus fisiciúla do 121 páiste as Albain agus an tSairdín mar chuid de thaighde don *'International Journal of Bilingualism'*.

Léiríodh go raibh 62 páiste dátheangach i bhfad níos fearr ag na tascanna ná na páistí aonteangacha.

Labhair na páistí ó Ghlaschú Béarla agus Gaeilge, nó Béarla amháin, agus labhair na páistí ón tSairdín Sairdínis agus Iodáilis nó Iodáilis amháin.

De réir na dtaighdeoirí, bhí torthaí níos fearr ag na páistí dátheangacha toisc go mbíonn níos mó gníomhaíochta inchinne ar bun acu agus iad ag aistriú ó theanga amháin go teanga eile.

D'éirigh níos fearr leis na páistí le Gaeilge ná na páistí le Sairdínis. Mheas na húdair go raibh níos mó rátha orthu de bharr go múintear an Ghaeilge go foirmiúil agus de bharr go bhfuil litríocht forleathan ag an teanga.

Páistí dátheangacha as Sgoil Ghàidhlig Ghlaschu, Albain.

An té a scríobhann an nuaíocht, is é ea cruthaíonn an nuaíocht!

Eoin Ó Murchú

Lucht tacaíochta an ANC – tá an páirtí ag filleadh ar a fhréamhacha ar an eite chlé ach an páirtí cumannach é? [Pic : REUTERS]

TÁ bunú an EMS, Sás Cobhsaíochta na hEorpa, á mholadh go láidir ag an rialtas mar fhearas a chothóidh (creidtear) seasmhacht i gcúrsaí airgeadais. Ar an taobh eile táid ann a chreideann go bhfuil muid ag gabháil slán le féinriail na hÉireann nuair a ghéilleann muid na cumhachtaí maoirseachta seo do institiúidí eachtrannacha.

Cás tábhachtach mar sin an cás a thóg an Teachta Dála Thomas Pringle a bhí ag iarraidh reifreann faoin EMS féin. Sa deireadh rialaigh an Chúirt Uachtarach nach raibh gá le reifreann agus chuaigh an rialtas ar aghaidh ag dearbhú an tsáis.

Deireadh leis an díospóireacht mar sin. Ach ní hea. Dá mbeifeá ag brath ar nuaíocht RTÉ le heolas a fháil faoin scéal ní bheadh a fhios agat go bhfuil argóintí Pringle (go bhfuil an EMS ag sárú chonarthaí an Aontais Eorpaigh) curtha ar aghaidh ag an gCúirt Uachtarach go dtí Cúirt na hEorpa.

Agus dhiúltaigh an Chúirt abhus reifreann a fhógairt mar gur féidir faoiseamh ar ghearán Phringle a fháil ón gCúirt Eorpach. Is é sin, má rialaíonn siadsan go bhfuil an ceart ag Pringle beidh ar na Gearmánaigh agus eile filleadh go dtí an bord díospóireachta agus beidh an deis againn réiteach níos fearr a fháil don tír seo mar a mholann Pringle.

Ach ní theastaíonn ó na daoine a bhíonn i gceannas ar na meáin in Éirinn go mbeadh aon díospóireacht faoi na nithe seo, de réir mar nach dteastaíonn óna ceannairí polaitiúla agus ghnó go mbeadh a leithéid de dhíospóireacht ann.

'*Groupthink*' a thugtar air sin i mBéarla.

Mar sin, tá muid le coinneáil gan eolas faoi agus súil ag lucht ár rialaithe go mbeidh Cúirt na hEorpa i bpócaí na nGearmánach mar atá muide anseo.

Mar a tharlaíonn, táid ann sa nGearmáin a chreideann go dtéann an EMS rófhada le cabhrú le stáit atá thíos de bharr imeachtaí na mbanc Gearmánach, agus gur chóir aon chúnamh a cheangal le tuilleadh cumhachtaí thar an tír a ghéilleadh trí chonradh nua dlúthcheangal feidearálach a thabhairt isteach.

Is léir go bhfuil díospóireacht ag teastáil. Agus díospóireacht faoi cén cineál Aontais Eorpaigh atá uainn, agus cén smacht daonlathach is cóir a chur ar na margaí.

Mar is é an geilleagar margaidh atá taobh thiar den ghéarchéim a chruthaigh an oiread sin bochtanas, dearóile, agus easpa dóchais le blianta anuas. Nach bhfuil sé in am bealach níos fearr a chruthú le cúrsaí na tíre a riaradh, agus nach bhfuil fíordhíospóireacht faoina roghanna éagsúla ag teastail – díospóireacht bunaithe ar eolas iomlán?

Céard faoi, a RTÉ?

An Aifric Theas faoi ionsaí!

OS ag caint faoi chaimiléireacht na meán cumarsáide atá muid, ba dheas dom alt a fheiceáil san 'Irish Times' ag caitheamh anuas ar athmhacnamh atá ar siúl i gComhdháil Náisiúnta na hAfraice (ANC) san Aifric Theas.

Filleadh ar chumannachas atá san athmhacnamh seo, dar leis an 'Irish Times' a deir go bhfuil tacaíocht an ANC ag dul in ísle i measc vótóirí.

Tá sé sin fíor ar ndóigh, cé go bhfuil tacaíocht 60% acu i gcónaí, ach tá daoine ag éirí míshásta toisc go bhfuil éillitheacht róchoitianta agus rófhairsing, agus go bhfuil feabhsú saoil na ngnáthdhaoine ag tóigeáil an iomad ama.

Níos measa fós, tá ceannairí an ANC ag rá nach féidir na cinntí is tábhachtaí a fhágáil ag na margaí!

Eiriceacht, sea!

Deir siad go gcaithfidh riachtanais sóisialta na ngnáthdhaoine a chur sa túsáit agus leas na ndaoine sin a bheith mar shlat tomhais don eacnamaíocht agus don pholaitíocht araon.

Agus más cumannachas sin, b'fhéidir gur chóir dúinne freisin triail a bhaint as.

Coinsias sóisialta ag NAMA?

AGUS mar fhocal scoir, feicim go bhfuil NAMA ag caint faoi chuid den tithíocht atá ina sheilbh a úsáid le freastal ar riachtanais shóisialta tithíochta. Tá fáilte á cur roimh an scéal. Ach cuimhnigh: go dtí inniu, ó bunaíodh é, níor chuir NAMA ach seasca (sea, seasca) teach ar fáil, agus faoin bplean nua níl sé i gceist ach dhá mhíle a chur ar fáil faoi dheireadh na bliana seo chugainn – i gcomparáid leis an seachtó míle atá ar liostaí tithíochta na n-údarás áitiúil.

Is beag a dhéanfaidh an plean mar sin do dhaoine a bhfuil tithíocht de dhíth go géar orthu, ach b'fhéidir go gcuirfidh sé airgead ar fail do lucht forbartha a bhíonn i "gcruachás" na laethanta seo.

Seachain an lucht gnó a bheireann brontannais chugat.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Tráchtaireacht Ghaeilge ar na Cluichí Móra, Ceist ceartas atá ann

An oiread is go mbíonn a gcúrsaí traidisiúnta ag na Fir Buí le linn an tsamhraidh, bíonn mo ghearán traidisiúnta agamsa. Ní bhíonn tráchtaireacht bheo i nGaeilge ar an teilifís ar na gcluichí móra CLG ná ar na hócáidí spóirt is mó - mar shampla na Cluichí Oilimpeacha - ag ár gcraoltóir náisiúnta, RTÉ, nó a leathbhadóirí, TV3 agus TG4.

Ceist ceartas atá ann, gan amhras. Cearta craoltóireachta - seachas cearta teanga. Sin an fáth gur féidir le Cumann Lúthchleas Gael cearta dá gcluichí móra, na cluichí is mó lucht féachana, a dhíol leis na craoltóirí a bhfuil na sparáin is doimhne acu. Ní imríonn TG4 sa tsraith chéanna le leithéidí RTÉ agus TV3 agus an cluiche 'Gaelach' seo á imirt, bí cinnte.

Ní hé sin le rá, áfach, nár cheart go mbeadh dualgas ar ár gcraoltóir náisiúnta tráchtaireacht bheo i nGaeilge a chur ar fáil i slí éigean ar na cluichí móra seo, go háirithe cluichí an CLG.

Fiú is nach bhfuil Scéim Teanga (mair a chapaill agus gheobhair féar) daingnithe ag RTÉ go fóill - bhí an chéad scéim le bheith daingnithe roimh an 4 Aibreán 2010 - tá dualgais ar an gcraoltóir faoin Acht Craoltóireachta agus de réir a gcuid ráiteas misin féin cláracha agus seirbhísí i nGaeilge a fhorbairt agus a spreagadh.

Airiú, is dócha go bhfuil a fhios againn fán dtráth seo gur beag is fiú reachtaíocht agus forálacha reachtúla más ag baint leis an nGaeilge atá siad - agus go leor nithe eile - ach an Ghaeilge go háirithe.

Fágtar an té ar mhaith leis nó léi féachaint ar ócáid mhór spóirt ar an dteilifís - leithéidí na Cluichí Ceannais Uile Éireann sa pheil nó san iomáint agus na Cluichí Oilimpeacha - ar an dtrá folamh.

Cinnte, is féidir leat RTÉ Raidió na Gaeltachta a lasadh agus éisteacht leis an dtráchtaireacht bhríomhar ansan agus an fuaim a ísliú ar do theilifís ach ní mar a chéile é.

Ní gá go mbeadh an cluiche céanna á thuairisciú ag RTÉ Raidió na Gaeltachta, mar shampla, cé gur minic go mbíonn. Má tá an t-ádh leat agus go bhfuil an tráchtaireacht ar siúl ar an gcluiche céanna, ag an am céanna ar RnaG agus an teilifís, bhuel bionn sé cosúil le bheith ag faire ar scannán eachtrannach aistrithe go Béarla. Ní thagann na focail go díreach leis na pictiúir.

Ní ag lochtú tráchtairí RTÉ RnaG atáim as seo - ní orthu an locht. Ní don teilifís atá siad ag craoladh, dá fheabhas iad.

Go deimhin ba mhaith liom ardmholadh a thabhairt do RTÉ RnaG as an dtráchtaireacht bheo i nGaeilge atá déanta acu ar roinnt de na mór-imeachtaí Oilimpeacha go dtí seo.

Katie Taylor ag troid le Natasha Jonas, An Bhreatain, Dé Luain. An ceart Teanga é go mbeadh deis ag lucht na Gaeilge amharc ar ócáidí náisiúnta mar seo i nGaeilge? [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

D'éist mé le Gearóidín Nic an Iomaire agus í ag cur síos ar na gcluichí badmantan agus is fearr SBB i gcónaí i gcró na ndornálaithe ná Jimmy 'Is fada mo chuimhne' Magee.

Tá moladh agam le theacht as an sáinn seo. Agus sinn ar tháirseach ré nua sa chraoltóireacht le díbirt an chomhartha analógaigh agus teacht i réim an ré dhigitigh ar an 24 Deireadh Fómhair, an féidir linn cainéal nua a bhunú le haghaidh na n-ócáidí seo.

Ar an gcainéal seo, nuair a bheadh cluiche mór ar siúl bheadh an tráchtaireacht ann i nGaeilge. Ní gá painéil ainniseoirí, gabh mo phardún, anailíseoirí, nó rud ar bith ardnósach mar sin. Díreach tráchtaireacht snasta den chineál a bhíonn ag TG4 ar na cluichí móra a bhíonn cead acu a chraoladh, tráchtaireacht a bheidh ag teacht leis na pictiúir mar is ceart.

Os rud é nach bhfuil aon teora, de réir dealraimh, leis na héachtaí ar féidir a bhaint amach leis an dteicneolaíocht digiteach, creidimse nach bhfuil an t-éileamh sin míréasúnta ar chor ar bith.

Feictear dom go bhféadfadh na heagrais Ghaeilge glacadh leis mar mhisean (nach bhfuil dodheánta) dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí lena chinntiú go ndéanfaí amhlaidh. Tá sé in am bua phraiticiúil a thuigfeadh an phobal a bheith ag na heagrais Ghaeilge.

Seachas an gearán sin, táim sona sásta. Tá Corcaigh buacach go fóill.

Tá Ciarraí ag ullmhú d'Fhéile Thrá Lí gan d'abhar imní acu ach an mbeidh Daithí Ó Sé ar a sheanléim céanna anois agus é pósta agus é ag cur na Rósanna faoi agallamh.

Ní raibh aon bonn buaite ag na hÉireannaigh i Londain agus an t-alt seo á scríobh agam - b'fhéidir go mbeidh athrú tagtha ar an scéal agus seo á léamh agaibh.

Ardaíonn gach taispeantas mo chroí, fiú nuair nach n-éiríonn leis an té atá in iomaíocht. Ba mhó mo mheas ar Chiarán Ó Lionáird agus é ag rith leis go cróga sa 1500m Dé hAoine in ainneoin a ghortuithe.

Chomhlíon an Múscraíoch seo an Spiorad Oilimpeach gan aon amhras agus, le cúnamh Dé, beidh sé ar ais arís ar thraic an reatha gan rómhoill agus é in ard a mhaitheasa. Beidh lá eile ag an Lionáirdeach!

SÚIL SIAR na Seachtaine

Aighneas i gConamara faoi Ghaeilge

Donncha Ó hEallaithe

Ceann de na rudaí a bhaineann geit as tuismitheoirí sa Ghaeltacht, nuair a thosaíonn gasúr leo ar an iarbhunoideachas den chéad uair, go bhfaigheann siad amach nach í an Ghaeilge a úsáidtear mar theanga teagaisc i roinnt ábhar i scoileanna áirithe sa Ghaeltacht. I gcásanna eile, téacsleabhair i mBéarla a úsáidtear leis an ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge, cé go mbíonn a mhacasamhail de théacsleabhair i nGaeilge ar fáil san ábhar.

De ghnáth, ní bhíonn sé de mhisneach ag tuismitheoirí gearán a dhéanamh faoin gcur i gcéill seo. Scór bliain ó shin, deineadh gearán faoin teanga teagaisc i Scoil Phobail Mhic Dara, an scoil iarbhunoideachais atá lonnaithe i gCarna, a fhreastalaíonn ar cheantar Ghaeltachta Iorras Aintheach. Ní raibh roinnt bheag tuismitheoirí sásta gur i mBéarla a bhí na scrúdaithe Nollag i roinnt de na hábhair sa scoil. Ní bhfuair na tuismitheoirí a d'ardaigh an cheist leis an scoil mórán sásaimh ó bhainistíocht na scoile. Dúradh leo go gcaithfí freastal ar na daltaí nach raibh Gaeilge acu sa scoil! Dúirt duine de na tuismitheoirí le hiriseoir ón Irish Times go raibh an t-am tagtha go mba cheart Gaelscoil a bhunú i nGaeltacht Chonamara do thuismitheoirí a bhí ag éileamh oideachais sa Ghaeltacht trí Ghaeilge dá gcuid gasúr. Is cosúil go mba peaca mór é gur tugadh poiblíocht don fhírinne gur i mBéarla a bhí roinnt de na hábhair á múineadh i meánscoil Ghaeltachta ag an am.

Sa nuachtán seachtainiúil Ghaeilge, ANOIS, bhí alt faoin aighneas ag an iriseoir ó Charna, Máirtín Ó Catháin. Ní minic a léiríonn iriseoirí míshástacht le daoine a labhraíonn leis na meáin faoi aighneas poiblí ach sa gcás seo bhí an Cathánach ag ceistiú na cúise go ndeachaigh tuismitheoirí chuig na meáin chumarsáide lena ngearáin faoi theanga teagaisc na scoile i gCarna.

Faraor, níor mhínigh an Cathánach do lucht léite ANOIS, an bunús a bhí leis na gearáin a bhí déanta, mar a bheifeá ag súil leis i scéal nuachta ó iriseoir proifisiúnta.

ANOIS, 8/9 Lúnasa, 1992

Scéal ó Smacht i gCarna

Le Máirtín Ó Catháin

[...] 'Bunaithe ar theagasc na Gaeilge i Scoil Mhic Dara, Carna, atá an chonspóid is deireannaí.

Ní ceart a chur as an áireamh go raibh roinnt chruinnithe conspóideacha faoi ábhar eile i Scoil Phobail Mhic Dara, Carna, le trí nó ceithre de mhíosa. Bhí idir tuismitheoirí agus múinteoirí ag na cruinnithe sin. Níl a fhios an bhfuil cuid de smionagar an aighnis sin fanta fós nó nach bhfuil.... Ní féidir a shéanadh go bhfuil brú ar an nGaeilge i bparóistí Gaeltachta go leor. Ar bhealach, is léiriú ar dhul chun cinn é - tuilleadh daoine ag teacht isteach agus ag fanacht san áit. Imirceoirí agus a gclann, a rugadh thar lear ag filleadh abhaile. Níl ansin ach cuid den scéal....

Má tá limistéar Galltachta sa cheantar scoile, má tá gasúir ann a rugadh thar lear nó má tá gasúir ann a tháinig isteach sa cheantar as páirt éigin eile den tír, caitear na gasúir sin a mhúineadh freisin. Níl ciall ar bith leis na comparáidí atá á ndéanamh leis na Gaelscoileanna.

Tá daoine a chuireann a gcuid gasúr chuig na Gaelscoileanna spreagtha go mór i bhfábhar na Gaeilge. Moladh an mhór dlite dóibh ach, [ní] fiú tada comparáidí idir na scoileanna sin agus scoileanna Gaeltachta.

B'fhéidir go mbíonn scoileanna ann nach dtéann i ngleic sách scafánta leis na deacrachtaí seo agus nach leagann síos polasaí nó nósmhaireacht sách soiléir nó sách daingean i dtaobh na Gaeilge. Sin ceist do bhainistíocht agus do thuismitheoirí. Murar féidir na ceisteanna sin a réiteach go háitiúil, sin ceist eile.

Is dócha go bhfuil ceist le cur sa chás seo agus í an cheist sin ná cén chaoi ar tharla sé go raibh roinnt tuismitheoirí áitiúla den bharúil nach bhféadfaidís gearáin a bhí acu a phlé gan iad a tharraingt anuas sna meáin chumarsáide.

Cén chaoi ar tharla sé nár oibrigh an gnáthchóras cumarsáide go háitiúil an iarraidh seo?'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Cad faoin gcogadh eile?

TÁ cogadh cathartha na Siria i mbéal an phobail mar is ceart dó a bheith ach tá cogadh eile ag dul ar aghaidh béal dorais sa Tuirc le breis agus 30 bliain agus ní raibh sé riamh i mbéal an phobail - ach ba cheart dó a bheith.

Istigh sa Tuirc, nó sa chuid sin den Chordastáin atá sa Tuirc, tá cath fíochmhar á throid le breis agus coicís idir rialtas na Tuirce agus reibiliúnaigh Coirdíneacha.

Tá héileacaptair agus eitleáin chogaidh á n-úsáid ag na Tuircigh - go díreach mar atá siad á n-úsáid ag rialtas na Siria.

Tá buairimh ann faoin daonra sibhialtach sa cheantar ach níltear ag ligin aon duine isteach chun a gcás sin a fhiosrú.

Cad é an difear idir an choimhlint seo agus an ceann sa tSiria? Cén fáth nár chuala tú trácht ar an gcogadh seo? Cén fáth nach bhfuil sé i mbéal an phobail?

An é nach bhfuil an cogadh idir na Coirdínigh agus an Tuirc brúidiúil go leor do na meáin?

Ní hé, tá míniú simplí ar an scéal, tá an Tuirc ina ball de NATO, tá Siria cairdiúil leis an Rúis.

Sin an difear.

Is fíor go bhfuil an PKK (Páirtí Lucht Oibre na Cordastáine) i mbun cogaidh i gcoinne na Tuirce.

Is fíor go meastar mar sceimhlitheoirí iad sa Tuirc, in NATO, sna Stáit Aontaithe agus san Aontas Eorpach.

Mar sin féin, séantar cearta ar na Coirdínigh sa Tuirc, cearta teanga go háirithe.

Mar shampla, d'ainneoin gur cainteoirí dúchais Coirdíse iad 11% de dhaonra na Tuirce, ní cheadaítear oideachas trí mheán na teanga sin.

Caithfear a admháil, áfach, gur tháinig maolú ar iarrachtaí na Tuirce an teanga a scrios le blianta anuas.

Mar sin féin, maireann an leatrom go fóill agus ba cheart don Tuirc a cogadh ar chultúr na gCoirdíneach a stopadh láithreach bonn.

Is ceap magaidh a mheas go bhfuil an Tuirc 'réidh' do bhallraíocht san AE, ach ar ndóigh, ó thaobh teangacha de agus cearta teanga, níl an Ghréig ná an Fhrainc mórán níos fearr ná an Tuirc ina leith sin ach an oiread.

'Curiosity' agus na páistí gur cuma leo faoi

MAIDIN Dé Luain, thárla rud éigin stairiúil. D'éirigh le háisíneacht spáis Stáit Aontaithe Meiriceá, NASA, 'róbat ruagaire' mór a thuirling ar an pláinéad Mars.

'Curiosity' an t-ainm atá air. Is é an cuspóir atá aige ná cuardach a dhéanamh chun fiosrú an bhfuil aon fhianaise ann go raibh 'beatha' le fáil ar Mars tráth dá raibh.

D'éirigh leis an ruagaire cré dearg Mars a bhaint amach tar éis a bheith ag taistil síos tríd atmaisféar an pláinéid sin ar feadh 7 nóiméad.

Deirtear linn go raibh an-imní ar fhoireann NASA le linn na tréimhse sin agus go raibh an-fhaoiseamh orthu nuair a mhothaigh siad gur éirigh le 'Curiosity' tuirling go slán sábháilte.

Sa tréimhse sin áfach, fuair tuairim is 77 páistí bás ar chúinsí bainteach leis an ocrais.

Cé acu is tábhachtaí?

$2.5bn an praghas atá ar an togra seo.

Ní ceart oiread is pingin rua a chaitheamh ar a leithéid de rud a fhad is a bhfuil oiread is páiste amháin ag fáil bháis mar gheall ar an ocras ar an pláinéad seo.

Tá sé seafóideach, náireach agus olc.

Agus, nuair a smaoiníonn tú air, conas nach féidir leis na daoine cliste sin in NASA a fheiceáil cé chomh amaideach leitheadach is atá sé chun dul ag cuardach fhianaise go raibh beatha ann sa bPláinéad Dearg agus beatha a chailleadh ar an domhain seo mar gheall ar an bhochtanas.

Ní ceart dúinn a bheith i gcoinne dhul-chun-cinn an chine daonna, ba cheart dúinn dul chuig Mars am éigin ach tá go leor rudaí le réiteach againn thios anseo ar an domhain seo go fóill.

Maith thú Katie Taylor

Tá sé ráite againn cheana agus déarfaidh muid arís é mura miste libh - maith thú Katie Taylor, is laoch thú. Tá an bhean óg seo ina sampla don tír, tá sé tiomanta, misniúil agus dearfach. Guímis gach ráth uirthi.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Níl locht ar dhuine a bheith aerach ach ...

A Eagarthóir, a chara,

Maidir leis an alt 'Éire - an Vota Bándearg' le Scott de Buitléir (Gaelscéal 18ú Iúil) an amhlaidh go gceapann an lucht "aerach" go mbeidh siad in ann "pósadh" amach anseo?

Caithfidh go bhfuil a fhios acu, comh maith le cách, nach dtarlaíonn pósadh ach idir bean agus fear, ainneoin tacaíochta polaiteoirí áirithe atá ag iarraidh taispeáint don tsaol go bhfuil siad nua-aoiseach, forásach, dul chun cinn i gcúrsaí moráltachta.

Ar ndóigh, ní haon locht ar dhaoine aeracha a bheith "aerach" óir rugadh difriúil ó ghnáthdhaoine iad - ó thaobh ghnéas de atá frith-nádúir agus in áit bheith óllghlórach ag éileamh pósadh, ba chóir dóibh a bheith sásta leis na cearta a bhaineann le páirtnéireacht shibhialta.

Is mise
Le dea-mhéin
Bhera Ní Aodha

Tá 'próiseas ath-chóilínithe nua' ar bun

A Eagarthóir, a chara,

Bhí áthas orm le feiceáil gur luadh ceist na Siria in eagarfhocal Gaelscéal na seachtaine seo caite (25-Iúil-2012) ar bhealach nach raibh ag teacht leis an histéire agus an tráchtaireacht fhrithghníomhach atá le brath ón gcuid is mó de na mór-mheáin nuair a phléascann coimhlintí mar seo sa Mheán-Oirthear.

Níl aon amhras faoi, is corraitheach iad na híomhánna a bhíonn le feiceáil ón gcoimhlint sa tír úd ar na scáileáin atá againn agus is cinnte gur mhian le chuile dhuine stop a chur leis na heachtraí siúd.

Ní mór dúinn bheith cúramach faoinár gcuid mianta agus an méid a léann nó a fheicimid sna meáin, ámh.

Tá tuairiscí ag teacht amach le deireanas go bhfuil 'Comhairle Náisiúnta na Siria' (na reibiliúnaigh a bhfuil tacaíocht faighte acu ón iarthar) ag tarraingt scriosta ar cheantair áirithe na tíre ach go bhfuil an t-Iarthar sásta an milleán a leagan ar réimeas al-Assad do na hionsaithe uilig.

Dá mba rud é go raibh dream chun tosaigh ag tús na dtrioblóidí seo ar theastaigh uathu cur i gcoinne déachtóireacht Al-Assad go macánta agus sochaí nua a chur ar bun ar mhaithe le pobal coitianta na Siria (agus nílim a rá nach raibh) tá siad á chur ar leataobh anois.

Tá 'próiseas ath-chóilínithe nua' tugtha ar a bhfuil ar siúl sa tSiria ag an iriseoir 's staraí Tariq Ali agus samhlaítear gurb amhlaidh.

Is cosúil go bhfuil dhá rogha ag muintir na Siria faoi láthair, mar sin: déachtóir úr nua atá fabhrach do chumhachtaí móra an iarthair nó déachtóir a ghlacann seasamh ina n-aghaidh. Cíbe ceann díobh seo a bhéas ann, is so-fheicthe nach mbeidh faoiseamh le fáil ag gnáth-phobal na Siria mar thoradh.

Le gach dea-ghuí,
Luke Callinan,
Cill Tuama,
Baile Átha Luain

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Is cuma leis an Iarthar fuil a bheith á doirteadh ar shráideanna na Siria

Eoghan Ó Néill

An fhírinne an chéad rud a mharaítear in am cogaidh. Nach sampla foirfe de sin an dóigh a bhfuil na meáin in Éirinn agus san Iarthar ar fad ag tuairisciú imeachtaí an Mheánoirthir.

Cuireann siad in iúl go bhfuil an tIarthar neodrach sa Mheánoirthear agus nach bhfuil siad ach díreach ag iarraidh ról dearfach a imirt ann. Ag iarraidh ciall a chur ar Arabaigh a bhfuil craos fola orthu.

B'fhiú cuimhneamh air, áfach, nach sa Mheánoirthear (ná san Afraic ná i Meiriceá Laidineach) a thosaigh an dá Chogadh Domhanda a mharaigh corradh is 70 milliún duine.

70 milliún duine!

Muidne, pobail léannta dhaonlathacha an Iarthair, a chuir tús leis na cogaí sin agus a throid a raibh inár gcorp chun náisiúin agus ciníocha comharsanachta a bhascadh.

An tseachtain seo, beimid ag comóradh Hiroshima agus Nagasaki, sléachtanna eile a rinne an tIarthar ar son na síochána.

Ná luaimis coilíniú na hAfraice agus Meiriceá Laidineach, eachtraíocht a d'fhág na céadta milliún marbh agus síorchogaíocht agus bochtanas mar iarmhairt ag glúin i ndiaidh glúine. Mar sin, seachas a bheith ag cur in iúl go bhfuil an tIarthar neodrach i gcúrsaí idirnáisiúnta nó ag imirt ról dearfach ann ba cheart dár meáin, ach iad a bheith ionraic agus cothrom, a mheabhrú dúinn go bhfuil stair náireach againn sa Mheánoirthear.

Trodairí de chuid 'Arm Saoirse na Siria' – ach cé tá taobh thiar dóibh agus cad atá siad ag iarraidh i ndáiríre? [PIC : REUTERS]

Is é an tIarthar a chruthaigh an Mheánoirthear lofa atá inniu ann.

Na céadta bliain ó shin thógamar an claíomh agus an chros linn chun 'an creideamh' a bhrú ar na hArabaigh.

Ansin le linn an chéid seo caite rinneamar an Mheánoirthear a dheighilt agus a ghearradh suas ina mhíle phíosa, gan aird dá laghad againn ar theorainneacha stairiúla ná ar phobail dhúchasacha agus a gcearta.

Chruthaigh an tIarthar stáit ar nós na Libia, na Siria, na hIaráice, na Liobáine, ní ar son chothrom na Fírinne ach chun leasa an Iarthair a chosaint, beag beann ar an bpraghas a d'íocfadh pobail na háite as.

B'fhiú cuimhneamh air, áfach, nach sa Mheánoirthear (ná san Afraic ná i Meiriceá Laidineach) a thosaigh an dá Chogadh Domhanda a mharaigh corradh is 70 milliún duine. 70 milliún duine!

Cuireadh deachtóirí i gcumhacht sna tíortha sin, deachtóirí a bhí brúidiúil le pobail s'acu féin ach fabhrach don Iarthar.

Agus chun a chinntiú nach mbeadh aon athrú ar an status quo náireach sin, thacaigh an tIarthar go fonnmhar le bunú Iosrael; súile agus cluasa an Iarthair sa réigiún.

Tír a bhfuil airm núicléacha aici agus rialtas atá níos mó agus níos mó faoi thionchar 'lucht creidimh.'

Mar sin, nuair a chuireann an Bhreatain, Meiriceá, an Fhrainc, srl., in iúl go bhfuil déistin orthu faoin dóigh a bhfuil leatrom á imirt ar phobal na Siria nó ar phobal na hÉigipte nó ar phobal na Libia cuireann sé fonn urlacain orm.

Is cuma sa sioc le rialtais an Iarthair fulaingt phobal na Siria, nó phobal na Libia, nó pobal na hÉigipte.

Ní fheiceann an tIarthar daoine. Tchíonn siad a leasa féin.

Léirigh David Cameron sin go foirfe nuair a shiúil sé trí smionagar agus trí fhuil Chearnóg Tahrir anuraidh ag caint faoin daonlathas ach gualainn ar ghualainn leis bhí ochtar díoltóirí arm Sasanach a bhí ag díol luach na milliún punt d'airm le junta míleata na hÉigipte.

Mar sin, ní chreidim ar feadh soicind go bhfuil an tIarthar ag tabhairt airde ar chearta daonna ná ar dhaonlathas nuair a bhíonn siad ag breathnú ar shléacht na Siria.

Tá siad ag breathnú ar bhealaí chun níos mó arm a dhíol, tá siad ag breathnú ar bhealach chun a chinntiú go mbeidh rialtas puipéid dá gcuid féin i gcumhacht ar imeacht Assad, agus tá siad ag iarraidh an talamh a ullmhú do mhór-ionsaí ar an Iaráin.

Sin bun agus barr an scéil.

Amaidí atá sa chraic seo uilig faoi Cameron nó Haig, Clinton nó Obama a bheith buartha faoi chearta sibhialta nó faoin ngnáth-Arabach.

I ndiaidh do Barack Obama na páistí a sheoladh chun na scoile gach maidin, filleann sé ar a oifig sa Teach Bán go suíonn sé os comhair ríomhaire agus roghnaíonn sé, go pearsanta, cé na daoine a mharóidh ladrann Meiriceánacha an lá sin.

Sin an cur chuige atá ag an Iarthar sa Mheánoirthear.

Níl amhras ar bith orm go gcaithfidh Assad imeacht agus ní mór an chumhacht a dílárú go pobal na Siria.

Ach cé atá leis sin a dhéanamh?

Arm Saoirse na Siria?

'Arm' atá á armáil agus á maoiniú ag an Araib Shádach, tír a chreideann i ndlí an Shar'ia agus a mharaíonn lucht daonlathais ar a sráideanna féin.

'Arm' atá á thraenáil ag an CIA agus ag an SAS, dreamanna nárbh chairde leis an daonlathas riamh iad.

Tá an tIarthar ag cothú agus ag buanú an chogaidh sa Siria mar go n-oireann cogaíocht sa tSiria dá leasa sa réigiún.

Nuair nach n-oirfidh cuirfidh siad brú agus stopfaidh an cogadh.

Monuar, níl aon réiteach agamsa ar ghéarchéim na Siria.

Ach, dar liom, gur túsphointe é nach gcuirfeadh an tIarthar a ladar isteach ar aon slí feasta i ngnóthaí an Mheánoirthir.

Agus go mbeadh iriseoirí agus tráchtairí agus craoltóirí easaontacha againn sa tír seo agus san Iarthar a chuirfeadh ceisteanna ciotacha seachas a bheith ag craoladh bolscaireachta.

Cén fáth nach gcloistear cogar as an Aontas

Conall Ó Móráin

Gnéas. Sin rud a d'fhoghlaim mé inné. Is mar gheall ar ghnéas a thosnaíonn cailíní óga ag caitheamh toitíní - nó ag 'ól tobac' mar a thugtaí uair air.

Chuir mé an cheist ar m'iníon atá ceithre bliana déag d'aois ar cén fáth gur thosaigh cailíní ar a aois ag caitheamh, go mór mór nuair chaitheann an dream céanna an oiread sin ama - na huaireanta agus na huaireanta - á réiteach agus á maisiú féin chun dul amach ag rince?

Gnéas.

Sin a dúirt sí liom. Rud chomh simplí leis sin, tugann sé seans do chailín lasair a lorg ó bhuachaill agus dreas cainte a dhéanamh leis. D'fhéadfainn a bheith ag breathnú ar thaighde faoi na fáthanna a mbíonn daoine óga ag caitheamh ar feadh bliana agus chuirfinn geall nach mbeadh seoid den sórt sin le fáil sna leathnaigh.

Níl freagra agam air seo ach dá mbeinn, nó dá mbeadh léitheoirí Ghaelscéal, in ann bealach cliste d'fháil chun a theacht thart ar an bhfadhb seo, bealach seolta chun dul ag caint le buachaillí nó cailíní, bheadh armlón nua faighte againn sa chogadh i gcoinne comhlachtaí tobac.

Cheap rialtais go gcabhródh sé mura mbeadh cead ag na cuideachtaí céanna a gcuid toitíní a dhíol gan aon bholscaireacht. Sa seift chéanna, d'aontaigh rialtais nach mbeadh cead a gcuid earraí a thaispeáint go hoscailte i siopaí.

Ach an bhfuil a fhios agaibh cé

dóibh a d'oir an méid sin? Na cuideachtaí tobac mar gur shábháil sé na milliúin, b'fhéidir fiú na céadta milliún euro, orthu mar nach raibh orthu a bheith i gcoimhlint lena chéile, comhlacht tobac i gcoinne comhlacht tobac, branda toitíní i gcoinne branda toitíní, do sa mhargadh fógraíochta.

Is é atá tar éis titim amach ná go bhfuil na céatadán céanna de dhaoine coimeádta ag na comhlachtaí, mar a bhí siad roimh a cuireadh deireadh leis an bhfógraíocht. Arís cé a cheapadh é - togra in aghaidh tobac a d'imigh chun tairbhe díreach do na comhlachtaí a raibh sé dírithe ina gcoinne?

Tá buaiteoir eile ann, nuair a thosaíonn daoine óga ag caitheamh agus nuair a leanann siad ar aghaidh ag caitheamh. Seo in ainneoin 'fhéile' bhliantúil' Chéadaoin an Luaithrigh le hiarracht eile a dhéanamh, nó an chuma sin a chur air ar aon nós, cabhrú leo siúd atá ag caitheamh chun éirí as an tobac.

Is iad an Roinn Sláinte a dhíolann as na feachtais bhliantúla seo, an Roinn chéanna, nó a gcuid ospidél ar aon nós, a bheidh plódaithe le daoine, meánaosta agus seana, ar a mbeidh orthu cúram a thabhairt dóibh go díreach de bharr míshláinte ag éirí as caitheamh tobac. Ach seo an roinn rialtais céanna atá ag braith ar an gcáin ó na toitíní (atá ár marú) a dhíolann as na hospidéil atá ag teastáil de bharr dhúracht daoine a bhíonn ag caitheamh.

Cosúil le han-chuid gníomhaireachtaí rialtais eile, tá an chuma air go n-oireann sé dóibh siúd, ar a bhfuil an cúram orthu stop a chur leis an bpobal a bheith ag caitheamh, go leanfadh an pobal i gcoitinn ar aghaidh ag caitheamh tobac.

N'fheadar? Mar is gnáth, is gearrthéarmacht pholaitíochta atá taobh thiar den teip iomlán atá tarlaithe le stop a chur le daoine, daoine óga go mór mhór, toitíní a chaitheamh. Níl aon rialtas sásta, de bharr go gcosnódh sé an iomarca airgid orthu sa ghearrthéarma, is é sin an téarma ina bhfuil siad i gcumhacht, chun cosc glan, iomlán, a chur ar chaitheamh tobac.

Uaireanta glacann rialtais



Iontais Árann

Páidí Ó Lionáird

Uaireanta bronnann an tír bheag, bhocht seo deiseanna nach mbeifeá ag súil leo orainn. Deiseanna iad a mbeifeá ag súil leo in áiteanna i bhfad i gcéin. Cosúil leis na scéalta Fiannaíochta a chualamar ónár sinsir agus sinn ag fás aníos, bíonn na heachtraí méadaithe le ham agus le blúire áibhéile.

Agus mé ag scríobh an cholúin seo, táim i mo shuí ar leaba i dTeach na Leachtaí i Mainistir, Inis Mór.

Is dócha go gceapann sibh gur le haer an tsaoil agus an deireadh seachtaine saoire bainc atáim anseo?

Bhuel bheadh sibh leathcheart. Ar éigin gur shamhlaíos sular tháinig mé isteach go hÁrainn ar an Aoine, áfach, cén sórt ócáide a bheadh romham amach.

Bhí ócáid, a leithéid nár facthas riamh cheana in Árainn ná go deimhin in Éireann, á thionól ar Inis Mór.

I bPoll na bPéist, ar an dtaobh thiar-theas den oileán, bheadh cuairteoirí á gcaitheamh féin isteach in uisce suaite an Atlantaigh ó árdán crochta ag barr aille 90 atá troigh nó 27 méadar os cionn na farraige.

Bhí tumadoirí aille Red Bull tagtha i dtír. Ceathrar déag de na fir spóirt is cróga dá bhfeicfeá riamh i do shaol agus iad ag léimt anuas den aill agus ag tumadh isteach sa bhfarraige. Ach ní haon gnáthpholl uisce Atlantaigh atá i bPoll na bPéist.

Go deimhin chaithfeá a rá gur ionann é agus an céad linn snámha dronuilleogach riamh ar thalamh na cruinne - Dia-dhéanta.

Chonac Poll na bPéist cheana ach ní fhaca mé riamh é á úsáid i gceart. Is cuimhin liom, áfach, a bheith ag smaoineamh faoi fhathaigh dhiamhara na bhfinscéalta - iad ar fad ag iomaíocht lena chéile, ag sárú a chéile le léimeanna contúirteacha nó ag ligean scíth ann mar a bheadh i dtobán uisce te na linne seo.

Níor cheapas riamh, áfach, go bhfeicfinn fíor-fhir dhaonna ag déanamh aithrise ar na déithe sin. Bhuel, chonac iad an deireadh seachtaine seo caite.

Fuaireas cuireadh ó Éamonn Seoige, Bainisteoir Margaíochta Spóirt an chomhlachta Red Bull a bheith mar fhear an tí don ócáid. I ndiaidh dó a raibh i gceist acu a bhaint amach a mhíniú dom, níorbh fhada go rabhamar ag réiteach chuige.

Is sraitheanna domhanda iad gach ócáid spóirt a eagraíonn Red Bull - sraitheanna a thaistealaíonn timpeall na cruinne go láithreacha spleodracha, álainne d'fhonn dúshláin dhainséaracha agus fhísiúla a léiriú don phobal féachana.

Chuirfeadh an raon leathan ullmhúcháin mearbhall ort. Gan trácht ar eitiltí idirnáisiúnta do na tumadóirí, na moltóirí agus do na foirne léirithe - bhí báid fharantóireachta, lóistín, cúrsaí iompair agus gnáth-nithe eile mar sin le réiteach.

Ach níl sé sin féin ina réamhrá don chur síos ar na riachtanais a bhaineann le reáchtáil a leithéid de chomórtas, áfach.

Daoibhse nach bhfuil Poll na bPéist feicthe agaibh, tá sé ar tan taobh thiar den oileán, an taobh a fhaigheann batráil sheasta ón Aigéan Atlantach.

Thar achar ama na mílte bliain, chruthaigh an bhatráil seo na laigí san aolchloch a bhris an t-íochtar agus a d'fhág an poll foirfe dronuilleogach mar atá sé inniu.

Ach conas a chuirfí ardán scafaill os cionn na haille? Conas a chuirfí córas fuaime agus físe ar an láthair? Cé a thabharfadh seomra feistis le tobán te agus áiseanna cóireála do na haclaithe? Conas a thabharfaí agus a ndéanfaí bainistiú ar na sluaite a thiocfadh isteach ag lorg blas den spleodar?

Go leor ceisteanna, ach más ea, bhí freagraí le fáil ar gach uile cheann acu. Mar a dúirt mé ó chianaibh, ceathrar déag as gach ceard den domhan, ón Cholóim go dtí an Rúis agus iad idir 23 agus 37 bliain d'aois. Iar-thumadóirí 10 méadar Oilimpeacha ab ea go leor acu agus iad sa tóir ar bhlas níos tréine aidréanailín ná mar a bhronn an t-ardán 10 méadar orthu.

A luaithe agus a leag siad súil ar an láthair, bhí a fhios acu go mbeadh siad ag glacadh páirte in ócáid speisialta -a leithéid nárh facthas ar an oileánra seo nó sa tír seo riamh cheana. Ócáid a mhéadódh a stór crógachta féin dá mbainfeadh siad an sméar mullaigh amach.

Bhí an slua de 700 (a fuair ticéid i gcrannchur speisialta saor in aisce) i láthair faoi dhraíocht na ridirí seo a léim, a chas, a lúb agus a thum isteach i bPoll na bPéist.

Léimeadar óna gcosa agus léim cuid díobh óna lámha agus chuir go mór leis an teannas a bhí géar ón gcéad iarracht ar an Aoine.

Ansan ar an Satharn, gan ach dhá bhabhta le comhlíonadh - babhta duine ar dhuine agus an babhta ceannais.

Níor lig na ridirí spóirt seo síos muid, iad ag aer-rothlú, ag lúbadh agus ag léimt d'fhonn ocras na Péiste a shásamh.

Uaireanta bímíd ag rith agus ag rás sa tóir ar eispéaras agus ar ócáidí nua, ar spleodar agus ar radharcanna nua - go minic ag déanamh dearmad go bhfuil nithe dá gcosúil sin ar leic an dorais againn cheana féin.

Má mheallann agus má spreagann an méid seo sibh, beidh deis féachana agaibh freisin go luath, mar beidh an clár le feiceáil ar TG4 faoi cheann coicíse.

Eorpach faoi chosc a chur le gnó an tobac?

céimeanna móra tábhachtacha, tionscnaimh a bhíonn chomh tábhachtach go maireann siad sna leabhair staire ina dhiadh. Cheapfá, os rud é gurb é an sár-ego atá ag an tromlach acu, go mbeadh spéis ag ar laghad Aire Sláinte amháin clú a bhaint amach le togra mór cosúil le cosc a chur le tobac.

Ach ar ndóigh ba chuma céard a bheadh ag teastáil ó Aire Sláinte is ag an Aire Airgeadais atá an sparán agus is dóigh, sa saol réadúil, go dtabharfaidh an tAire sin an tAire eile isteach i seomra agus ar phíosa páipéar beag, go dtaispeánfar na suimeanna simplí dó nó dí - cuir cosc ar thobac, cuir deireadh le d'Aireacht.

Ach ag breathnú siar ar na tograí uaireanta, is féidir sásamh éigin a ghlacadh uathu go dtarlaíonn rudaí maithe chorruair. Mar shampla, ag an tráth nuair a bunaíodh an Stát, nuair a 'tógadh an gunna' as polaitíocht an tSaorstáit agus gur dearnadh an cinneadh nach mbeadh gunnaí ag ár nGardaí Síochána, b'shin cinneadh mór.

Ansin bhí an tAire Noel Browne ann agus an méid a rinne seisean chun deireadh a chur le heitinn. Coscanna eile atá tar éis cabhrú go mór le sláinte an náisiún ná an cosc a cuireadh, i gcoinne stocaireacht láidir na tábhairneoirí, ar tiomáint agus alcól glactha ag duine. B'iad na tábhairneoirí a bhí i gcoinne an choisc a cuireadh ar thoitíní sna tithe tábhairne, rud a chabhraíonn anois go díreach le sláinte gach duine a bhíonn ag obair agus ag ól i dtithe tábhairne.

Chuir Mary Harney deireadh le gual le toit á dhó sna cathracha móra (togra atá á leathnú amach níos leithne anois) rud a ghlan an aer, agus na scamhóga, thar oíche. Arís, rinne sise an méid sin in ainneoin fheachtas láidir stocaireachta.

Agus fiú cuimhnigh ar an agóid fíochmhar a rinne déantóirí carranna agus táirgeoirí peitril, faoi luaidhe a bhaint as an bpeitreal - an bealach a rinne na fórsaí cur síos ar an mhéid a thiocfadh as an togra sin, cheapfá gur mbeadh deireadh tagtha ar an saol sibhialta. A mhalairt a tharla, ar ndóigh, agus tá carranna fós ar an mbóthar (agus níor chuala mé dada riamh faoi aon damáiste a tharla d'aon inneall) agus gan páistí óga ag análú na luaidhe céanna.

Arís, is dóigh gur cúrsaí ioncaim rialtais is mó is cúis leis sin, tá gach rialtais faoi chomaoin ag an airgead seo in ainneoin na mílte agus na mílte dá gcuid saoránach a bheith á mharú ag ailse, de bharr tobac.

Teoiric agam féin é, teoiric atá simplí go leor gur féidir domsa é a thuiscint ach b'fhéidir nach bhfuil iomlán fíor, ná gur as an Eoraip, nó as an Aontas Eorpach a tháinig an cuid is mó de na hathruithe maithe a tharla sa tír seo, thar na blianta. Gan an AE tá go leor dlíthe ar chúrsaí sóisialta a bheadh fós á bplé ag ár 'gcinnirí' ach gur chuir an Bhruiséil iachall orthu brú ar aghaidh agus iad a ghlacadh mar dhlíthe na tíre.

Ach ní cloistear cogar as an AE faoi chosc a chur le gnó an tobac ar fud na Mór-Roinne, mar gur dóigh gurb é sin an t-aon bhealach éifeachtach chun é a dhéanamh. Arís, is dóigh gur cúrsaí ioncaim rialtais is mó is cúis leis sin, tá gach rialtais faoi chomaoin ag an airgead seo in ainneoin na mílte agus na mílte dá gcuid saoránach a bheith á mharú ag ailse, de bharr tobac.

Agus ná dearmadaigh brúghrúpa eile - dreamanna beaga feirmeoireachta i dtíortha cosúil leis an Iodáil a dhéanann feirmeoireacht ar dhuilleoga tobac. Tá an chosúlacht air go bhfuil an dream beag seo an-láidir i gcomparáid lena n-uimhreacha.

Ach arís, má tá polaiteoir cliste amháin ann, duine ar mharaigh an ailse a mháthair nó a athair, sásta brú a chur an na feirmeoirí céanna a gcuid barra a iompú go ceann éigin eile, fiú má caithfear fóirdheontas a thabhairt dóibh, bheadh na glúine agus na córais sláinte chomh mór sin níos fearr as gur b'fhiú é, fiú más airgead fola a bheadh ann.

Ach, agus muid ag fanacht (agus is dóigh ag fanacht agus ag fanacht) ar a leithéid do thogra mór tarlú, ba mhaith liom dúshlán a chur os comhair na daoine cliste, cruthaitheacha sin sna gníomhaireachtaí fógraíochta - le bhur dtoil, smaoinigh ar bhealach éigin eile trí shúile an aois óig chun tús a chur le comhrá in áit lasair, agus drochnós marfach, a thosú.

I MEASC AN PHOBAIL

Fear óg ag tabhairt taispeántas buailte coirce ag Féile Chnoc Fola i nGaoth Dobhair. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Owenie Ó Duibhir ag tabhairt taispeántas ar an tslí le cliabh a dhéanamh ag Féile Chnoc Fola i nGaoth Dobhair. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]



I láthair ag seoladh an leabhair "Súil Siar" i nGaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine ó chlé: Gearóid Ó Smoláin, Údarás na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, Aire Stáit na Gaeltachta, a rinne an seoladh, Mícheál Ó Domhnaill, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaoth Dobhair agus Máirín Uí Fhearraigh, Bainisteoir Chomharchumann na nOileán Beag. Bailiúchán de sheanphictiúir as oileáin bheaga Dhún na nGall atá sa leabhar. Tá os cionn 140 pictiúr sa leabhar agus glacadh an chuid is mó acu idir 1930 agus 1950. Is pictiuir dhubha agus bhána iad uilig agus tá cuid mhaith acu de dhaoine as na hoileáin thar an tréimhse sin. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]



An Dr. Pat McKay, Máire Hendron, Cathaoireach na Comhpháirtíochta Dea-Chaidrimh, Róise Ní Bhaoill agus Aodán Mac Póilin, Iontaobhas ULTACH ag seoladh na bileoige ar Logainmneacha Gaeilge Bhéal Feirste a bhí i Halla na Cathrach 1 Lúnasa. Gavin Robinson, DUP, Ard-Mhéara Bhéal Feirste a sheol an bhileog agus chuir Aonad Dea-Chaidrimh Chomhairle Chathrach Bhéal Feirste an bhileog ar fáil i gcomhpháirt le hIontaobhas ULTACH.
[PIC SIMON GRAHAM/HARRISONS]

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie

Roinnt den scata a bhí i láthair ag an gCafé Gaelach a bhí mar chuid d'Fhéile Charraig Álainn, i gCo. Liatroma ag an deireadh seachtaine.

Breandán Ó Beaglaoich as Corca Dhuibhne ag seinm i Séipéal Mhic Thomáis, Dumha Goirt, Acaill, mar chuid de Scoil Acla na bliana seo. [PIC : JAKE SCOTT]

Tommy Peoples ag seinm ag oscailt oifigiúil Scoil Acla ag deireadh na míosa seo caite [PIC : JAKE SCOTT]

'Spóirt' ag seinm ag Scoil Acla agus a 'Hataí Acla' á chaitheamh acu. Baineann 'Hata Acla' le traidisiún ón 19ú aois nuair a d'fhágtaí hata ard ag an gcé in Acaill chun go bhféadfadh duien a chaitheamh ag dul chuig an baile mór ionas nach dtuigfí ansin cé chomh bocht is a bhí an té sin. [PIC : JAKE SCOTT]

An tAthair Seamus Meegan ag gearradh an ribín chun tús oifigiúil a chur le an 45ú Féile Mháire an Chlocháin Léith. Sa phictiúr tá buaiteoir na bliana seo caite, Debbie Rodgers, Emma McGarvey stiúrthóir na Féile, Mary Ward cathaoirleach na Féile, Beid Marie Byrne, Máire Bheag na Féile agus Odhrán Wallace atá ina fear coimhdeachta. [PIC : EOIN MCGARVEY]

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Trucail ag iompar an innill tochailte tolláin Shell agus é ag déanamh a bhealach thar Dhroichead Ghleann na Muaidhe faoi thionlacan na nGardaí Dé hAoine seo caite. Bhí an trucail greamaithe ag crosbhóthar Ghleann na Muaidhe ón Mháirt roimhe. (PIC: UINSÍONN MAC GRAITH)

Gaillimhe

Créamatóiriam ag teastáil a deir Comhairleoir Contae

Máirtín Ó Catháin

Theastódh créamatóir i nGaillimh a deir an Comhairleoir Contae Michael Fahey agus ba cheart don Chomhairle Contae agus don Chomhairle Cathrach a theacht le chéile agus é a fhorbairt.

Dúirt an Comhairleoir Fahey go bhfuil sé 6 bliana ó shin ó chuir sé an moladh seo chun cinn ag cruinniú den Chomhairle Contae agus go bhfuil an cheist níos práinne anois ná a bhí sí an uair sin.

"Tá muid sa riocht sa gComhairle Contae anois agus nach bhfuil muid in acmhainn an deontas cothabhála - sin €450 sa mbliain - a íoc le coistí áitiúla le cothabháil a dhéanamh ar na reiligí atá againn. Níl airgead againn le talamh a cheannacht le haghaidh reiligí ná le reiligí a mhéadú. Teastaíonn an créamatóiriam agus teastaíonn an tseirbhís ó chuid mhaith daoine freisin".

Tá 225 reilig faoi scáth na Comhairle Contae i nGaillimh chomh maith le trí reilig atá faoi scáth na Comhairle Cathrach. Tá beagnach 30 de na reiligí seo ionann agus a bheith lán. Is beag spáis atá i reiligí na cathrach ach an oiread. Le blianta beaga anuas tá roinnt de mhuintir na cathrach á gcur i gceantracha sa gcontae; tá an reilig nua san Órán Mór ar an gceann is mó acu sin a bhfuil na mairbh á dtabhairt ann.

Faigheann 2,000 duine, ar an meán, bás i gContae na Gaillimhe chuile bhliain. Cé nach dteastaíonn ach an 6 x 4 traidisiúnta le háit scíthe a thabhairt do dhaoine, tógtar suas tuilleadh talún de bharr leaca cuimhneacháin agus spás eile i reiligí. Is lú go mór an spás a theastaíonn i gcás créamtha.

"Ní hé an spás uilig é," arsa an Comhairleoir Michael Fahey, "ach níl an drogall céanna ag daoine roimh an gcréamadh anois ar bhunús creidimh agus tá níos mo daoine ag dul an treo sin. Silim go mbeadh an oiread de theacht isteach as créamatóiriam agus a thabharfadh slán é ó thaobh airgid de agus beidh mé ag iarraidh aríst go dtabharfadh an Chomhairle Contae agus an Chomhairle Cathrach aghaidh air," a dúirt an Comhairleoir Michael Fahey.

Féile na gCurach in Inis Oírr

Beidh Féile na gCurach ar siúl in Inis Oírr an deireadh seachtain seo. Cuirfear tús leis na himeachtaí ar an Aoine le hOíche Ghaelach in Áras Éanna. Beidh Pádraig Ó hOibicín, Johnny Mháirtín Learaí agus Nan Tom Taimín i láthair don ócáid sin ina mbaileofar airgead do M.S. agus do Chúram Ailse an Iarthair.

Beidh lá spóirt do dhaoine óga ar siúl ar an Satharn agus lá spóirt na ndaoine fásta ar an Domhnach. Ina dhiaidh sin beidh na rásaí curach ar siúl amach ón trá.

Seinnfidh Damien Dempsey san Áras oíche Dé Sathairn agus beidh na Bráithre Fanzini i mbun siamsaíochta an lá dar gcionn lena seó nua, 'Deathwish'.

Cead d'fhorbairt sna Forbacha

Tá cead pleanála tugtha ag Comhairle Contae na Gaillimhe do Eile Mental le páirc gníomhaíochta agus trí leithreas cheimiceacha a thógáil ag Leitir Gungaid, sna Forbacha.

I measc na n-imeachtaí a bheidh sa pháirc beidh millín péinte, cluichí láithreach catha, boghdóireacht, agus zorbáil.

Cé go scriosfaidh an forbairt nua seo bratphortach Áitiúil, dar le pleanálaithe na Comhairle tá sé inmharthanach agus cloíonn sé le Plean Forbartha an Chontae.

Is iad na stiúrthóirí atá ar Eile Mental ná Patrick Faherty, a thugann seoladh i Leitir Gungaid; agus Murach Mac Donncha, a thugann seoladh i gceantar an Spidéil.

Bhíodh Faherty ina stiúrthóir ar chomhlacht eile, Personal Properties. Leachtaíodh é sin 10 mbliana ó shin. AMC

€44,926 do Halla Pobail na Tulaí

Tá deontas de €44,926 curtha ar fáil do Choiste Pobail na Tulaí, Baile na hAbhann, Co. Na Gaillimhe chun athchóiriú a dhéanamh ar halla an phobail.

Dúirt an tAire Stáit, Dinny McGinley, go raibh an-áthas air an deontas a chur ar fáil don choiste agus go raibh sé cinnte go mbainfeadh pobail an cheantair agus an dá choláiste Gaeilge a bhaineann úsáid as an halla i gcaitheamh an tsamhaidh leas as infheistíocht na Roinne.

Bhuaigh Coiste Pobal an Tulaigh an chéad áit náisiúnta i gComórtas Ghlór na nGael do choistí gan cúnamh fostaíochta i mbliana. Bhronn Glór na nGael seic €10,000 orthu mar chuid den duais. Bhuaigh an coiste Duais Chumann na Sagart agus seic €1,000 chomh maith.

Leachtaitheoir ceaptha ar 'Ostán' Bodkins

Tá leachtaitheoir ceaptha ar Bodkins Hotel i gCathair na Gaillimhe. Tá an t-ostán suite i bPáirc Mhuirlinne, ar bhóthar Bhaile Átha Cliath ar imeall thoir na cathrach.

Tá sé ar oscailt i gcónaí. Tá éagsúlacht sna léirmheasanna a fhaigheann sé ar an suíomh idirlín 'Trip Advisor'. Téann siad ó "We shall be back" go "would not recommend it to anybody."

Tá seoladh ag an gcomhlacht i bPáirc Teicneolaíochta na Gaillimhe agus is iad Walter agus Bernadette King, a bhfuil seoladh acu i mBaile an Chláir, na stiúrthóirí. De réir na gcúntas is déanaí, don bhliain 2009, chaill an chomhlacht €450,433. Is é John Kenny, ó chomhlacht Arkins Kenny sa chathair, a ceapadh mar leachtaitheoir. AMC

Fear slándála ag sconsa Shell i nGleann na nGad, Maigh Eo

Post ag 15% as scéim "Tús" i nGaeltacht Chonamara

Máirtín Ó Catháin

Triúr as scór a chuaigh ar an scéim "Tús" i nGaeltacht Chonamara anuraidh a fuair post ó shin. Beidh a dtréimhse bliana ar an scéim seo críochnaithe an mhí seo chugainn.

Cuireadh comhairle ar bheirt eile a bhí ar an scéim gur cheart dóibh a dhul ar chúrsa tríú leibhéal. Táthar ag súil go dtiocfaidh duine nó beirt eile ar phost amach anseo de bharr a gcuid taithí ar an scéim seo.

Thosaigh an Rialtas an scéim "Tús" in 2011 le deis a thabhairt do dhaoine a bhí dífhostaithe a theacht ar ais ag obair agus a gcuid íocaíochtaí a choinneáil - sin agus €50 sa tseachtain le cois an dól.

Bhí an dream a thosaigh ar an scéim i mbun réimsí éagsúla oibre in imeacht na bliana ó thosaíodar. 5,000 folúntas uilig a bhí ar an scéim "Tús" ar fud na tíre.

Thosaigh daoine eile ar an scéim "Tús" i nGaeltacht Chonamara ag tráthanna eile i rith na bliana agus tá cúig dhuine dhéag agus fiche páirteach ann anois.

Ach tá an t-éileamh ar scéimeanna oibre pobail na heagraíochta FÁS i gConamara laghdaithe le tamall. Bhí folúntais do chúigear ar scéim atá faoi scáth na heagraíochta Forbairt Chonamara Láir Teoranta in iarthar Chonamara (ceantracha Chamais, Ros Muc, Chill Chiaráin, Charna agus an Chaisil) ach ní raibh aon iarratais istigh orthu le gairid. Tá roinnt cúiseanna leis seo: cailleann máithreacha singile a gcuid liúntas anois nuair a théann siad ar scéim FÁS ina bhfuil 19 uair an chloig sa tseachtain agus níl mórán acu ag bacadh leis anois. Sa deireadh, níl ach tuairim scór euro breise ag daoine as scéim FÁS i gcomórtas leis an dól.

Tá srianta curtha leis an obair is féidir le daoine a dhéanamh ar scéimeanna FÁS freisin; ní féidir leo mar shampla tada a dhéanamh le taobh an bhóthair phoiblí ná sna reiligí mura mbíonn oiliúint ar leith curtha orthu. Cosnaíonn an lear oiliúna a theastaíonn anois cuid mhaith airgid agus níl an ciste ann leis an oiliúint sin a chuir ar fáil.

Mar sin, laghdaíonn na constaicí sin an réimse oibre is féidir a dhéanamh ar scéimeanna FÁS.

Iorras Mhaigh Eo

Cead ag Shell Sconsa 2.8 m a thógáil i nGleann na nGad

Anton Mac Cába

Rinne An Bord Pleanála leasú ar chead pleanála a tugadh do Shell sconsa slándála a thógáil ag an áit mar a thagann an píoba gáis i dtír ag Gleann na nGad in Iorras, Co. Mhaigh Eo.

Tá cead anois ag Shell sconsa dúbáilte 2.8 méadar ar airde a thógáil.

Beidh limistéar tuilsoilsithe idir an dá sconsa. D'fhéadfaí go ndéanfaí an sconsa inmheánach a leictriú, ar chomhairle na nGardaí Síochána. Dar leis an mBord gur le slándáil na suímhe straitéisigh bonneagair seo a dheimhniú atá an obair seo le déanamh.

Dúirt Peter Sweetman, agóideoir atá ina chónaí i Ros Dumhach, gur sháraigh an Bord Pleanála dlí an Aontais Eorpaigh. "An breithiúnas reatha, gan barúil an phobail a iarraidh, déanann sé níos measa an chéad botún nuair nár cuireadh dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm."

Dar le Sweetmen go bhfuil An Bord Pleanála ag sárú breithiúnais a thug an Chúirt Eorpach i gcás 215/06. Dá réir sin, bheadh measúnú tionchair comhshaoil de dhíth sula dtógfaí an fhorbairt.

Ionad Deirbhle le méadú

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo cead do Chomharchumann Ionad Deirbhle síneadh a chur le hIonad Deirbhle san Eachléim, lámh leis an bhFód Dubh.

Is fiontar pobail é an tIonad in a bhfuil iarsmalann bheag, bailiúchán béaloidis agus caifé.

Scríobh an pleanálaí, Aisling Judge, go raibh an foirgneamh a bhí beartaithe mór "ach tá sé inghlactha agus ag cur leis an bhfoirgneamh atá ar an suíomh faoi láthair," dar léi. *AMC*

Talamh agus uisce i bPlean na Gaeltachta

Máirtín Ó Catháin

Molfar sna leasuithe atá le déanamh ar Phlean Ghaeltacht na Gaillimhe go ndéanfar tuairim 70% de laghdú ar thalamh tógála i sráidbhailte an Spidéil agus na Ceathrún Rua.

Tá sé seo ag teacht leis na polasaithe is deireanaí faoin lear talúna atá ag teastáil a bheith zónáilte le haghaidh tithe agus obair thógála.

Ní cosúil go mbainfear tada as an méid atá zónáilte ar pháipéar ach roinnfear é ar scála 1 agus scála 2.

I gceantar scála a 1 a cheadófar tógáil sna blianta amach romhainn. Ceaptar go mbeidh fuílleach sa méid sin féin - sin tuairim an tríú cuid den talamh atá zónáilte anois - le haghaidh cibé ar bith tógáil a bheidh ar siúl.

Cuirfear dréacht de Phlean Leasaithe na Gaeltachta ar taispeáint go poiblí as seo go ceann cúpla seachtain.

Ní cosúil go dtarraingeoidh na leasuithe ar thalamh zónáilte mórán cainte i measc an phobail ná i measc Chomhairleoirí Contae Chonamara; tá an oiread de laghdú ar luach talún agus foirgintí agus nach údar mór díospóireacht iad na cúrsaí zónála feasta. Ach tarraingeoidh ceist na gceantar fuarlaigh caint.

Dúirt an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg go bhfuil stráicí den taobh tíre ag teacht isteach faoi scáth na gceantar fuarlaigh seo agus nach bhfeiceann seisean mórán céille leis.

Tá Baile an tSagairt sa Spidéal ar cheann acu sin. "Is cosúil gurb é an chúis atá leis seo ná go bhfuil draein ag teacht anuas le fána ansin," arsa an Comhairleoir Ó Tuairisg. "Tá Baile an tSagairt in áit chrochta agus tugann an draein an t-uisce le fána.

Ach d'fhéadfadh sé go mbeadh Baile an tSagairt féin aitheanta mar cheantar fuarlaigh sna leasuithe. Sin rud a chuirfeadh as go mór do dhaoine a bheadh ag iarraidh cead pleanála ar an mbaile," a dúirt sé.

Dúirt an Tuairisgeach go gcreideann sé go 'speáinfeadh staitisticí ó chomhlachtaí árachais gur beag a híocadh amach ariamh ar dhamáiste ó fhuarlaigh i gConamara.

"Níor cheart tuilleadh trioblóide a chur ar dhaoine a bheadh ag iarraidh cead pleanála i gConamara," a deir an Comhairleoir Ó Tuairisg, "agus gan aon údar maith leis."

Tá laghdú ar an múnla céanna beartaithe i sráidbhaile Bhearna agus tá leasuithe á gcur ar phlean an bhaile sin anois freisin.

Tá plean dá chuid féin ag Bearna nach mbaineann go díreach le plean na Gaeltachta.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An Mhí

Spraoi Lúnasa i gContae na Mí

Tá Coláiste na bhFiann ag eagrú imeachta dar teideal 'Spraoi Lúnasa' i nDroim Rí, Contae na Mí, Dé Luain seo chugainn.

Beidh Uachtarán an CLG, Liam Ó Néill, mar aoi speisialta ag an ócáid a bheas ar siúl i Lárionad Óige Choláiste na bhFiann ar an mbaile.

Beidh cluichí, spóirt, ceoil, céilí, sóláistí agus BBQ ar siúl san ionad ó 4.00in-8.00in.

Táthar ag súil go mbeidh os cionn 600 duine óg i láthair ar an lá, ó cheithre choláiste samhraidh de chuid Choláiste na bhFiann, Sligeach, Ráth Cairn, Droim Rí agus Ros Muc.

Co. Lú

Dianchúrsa Gaeilge in Ó Méith

Beidh dianchúrsa Gaeilge ar siúl an tseachtain seo chugainn mar chuid de Chomóradh 100 Bliain Choláiste Bhríde in Ó Méith.

Beidh sé ar siúl ón Aoine go dtí Dé Domhnaigh (17-19 Lúnasa) agus tá siad dírithe ar chuile leibhéal, idir fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa.

Reachtáilfear an cúrsa i dTigh an Tráighe (The Strand House), in Ó Méith, agus beidh costas €35/£30 i gceist leis.

Bunaíodh Coláiste Bhríde in Ó Méith 100 bliain ó shin ach bhog sé go Rann na Feirste níos déanaí toisc go raibh meath ag teacht ar an nGaeilge sa cheantar.

Beidh imeachtaí ar bun i rith Lúnasa agus Mheán Fómhar mar chomóradh ar bhunú an choláiste.

Uíbh Fháilí

Leabharlann nua don Tulach Mór

Osclóidh leabharlann nua a chosain €1 milliún ar an Tulach Mhór inniu. Beidh dhá uair níos mó spáis úrláir ann ná mar a bhí sa seanleabharlann.

Thosaigh tógáil ar an bhfoirgneamh nua i samhradh 2011. Ag an am dúirt leabharlannaí an chontae go raibh an maoiniú a bhí acu chun leabhair a cheannach gearrtha 50% le blianta beaga anuas. Bhí an méid cuairteanna ón bpobal suas 16% agus ballraíocht suas 10%, áfach.

Seán Ó Dálaigh ar shlí na fírinne

Colm Ó Broin

Cailleadh Seán Ó Dálaigh an tseachtain seo caite in aois a 82 bliana. Bhí baint lárnach ag Seán le saol na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ó na 1940í, ina measc, Conradh na Gaeilge (Craobh Móibhí), Coiste Chathair Átha Cliath de Chonradh na Gaeilge, Club Chonradh na Gaeilge, Feis Átha Cliath, An Coimisiún le Rincí Gaelacha, An tOireachtas agus an tIonad Buail Isteach. Bronnadh Gradam Sheachtain na Gaeilge air sna 1980í. Chaith sé na blianta ag obair mar dhoirseoir i mBord na Gaeilge san oíche, ag fáiltiú isteach gach duine a tháinig.

Tógadh é in Árasáin Mercer i lárdheisceart na cathrach agus bhog sé go Bóthar Achadh Bheannach i gCromghlinne níos déanaí, áit ar thóg sé a chlann le Gaeilge.

Poblachtach go smior a bhí ann. I measc an 500 a d'fhreastal ar an sochraid bhí bhí na Teachtaí Dála de chuid Shinn Féin, Mary Lou McDonald, Seán Crowe agus Aonghus Ó Snodaigh. Bhí an craoltóir Michéal Ó Muircheartaigh agus an ceoltóir Seán Potts ann chomh maith. Cuireadh corp s'aige i Reilig Chnocán Iaróm i gCrois Araild. Maireann a bhean Noeleen agus a chlann, Críona, Aisling, Cormac agus Niamh.

Beidh an leabharlann ar oscailt ó 10.00rn-5.00in Dé Luain, Dé Céadaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn agus ó 10.00rn-8.00 Dé Máirt agus Déardaoin.

Beidh fáil ar leabhair, rleabhair, closleabhair, rchlosleabhair, dlúthdhioscaí, DVDanna agus eile sa leabharlann nua. Beidh daoine in ann seiceáil isteach agus seiceáil amach a dhéanamh ar leabhair agus ábhair eile chomh maith.

Rinneadh athchóiriú ar sheandroichead idir Cearnóg Uí Chonchubhair agus Sráid an tSéipéil mar chuid den togra.

Rinne Comhairle Contae Uíbh Fhailí ciorrú ar uaireanta oscailte na leabharlanna i mBeannchar, sa Daingean agus i gCill Chormaic níos luaith i mbliana.

Tá leabharlann Beannchair ar oscailt ar feadh 14 uair in aghaidh na seachtaine seachas 17 uair mar a bhí, gearradh uaireanta oibre leabharlann an Daingin ó 13 go 6 uair an chloig agus gearradh leabharlann Chill Chormaic ó 16 go 6.5 uair an chloig.

Baile Átha Cliath

Féile Peil na mBan faoi 10

Tá Cumann Lúthchleas Gael Fhine Ghallain ag eagrú Féile Peile na nBan ag seachtain ón Sathairn ar aghaidh. Beidh sé ar siúl ó 10.30rn-4.30in i bpáirceanna an chlub ag Timpeallán an Inbhir i Sord

Beidh 10 bhfoireann ó 9 gclub (níos mó ná 150 imreoir san iomlán) ag glacadh páirte sa chéad chomórtas dá leithéid atá eagraithe ag an gcumann. Mar aon le foirne ó Bhaile Átha Cliath beidh cinn ann ó Lú, an mhí, Cill Mhantáin agus Loch Garman.

Nuair nach mbeidh siad ag imirt, beith deis ag na cailíní traenáil a dhéanamh le himreoirí ó fhoireann sinsir Peile na mBan Bhaile Átha Cliath.

"Is rud difriúil é seo mar nach mbíonn aon chomórtais nó féilte cosúil leis seo do chailíní den aois seo," arsa Liam Ó Culbáird ó Chumann Fhine Ghallain. "Is é seo an chéad bliain agus tá súil againn go mbeidh an comórtas ar siúl gach bliain as seo amach."

Foireann Fhine Ghallain Faoi 9

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Seoladh 'Radharcanna Ciarraíoch'

Beidh Taispeántas Ealaíne do 'Radharcanna Ciarraíoch,' le Bob Ó Cathail á sheoladh ar an a seacht a chlog ar an Satharn seo chugainn i stiúideo 'Solaman', i mBaile an tSléibhe i bParóiste Fhionn Trá.

Tá Bob ag cur fé sa cheantar le blianta maithe agus cáil cruthaithe ag a cuid ealaíne a bhfuil stíl neamhghnách ag baint léi. Is minic a d'fheicfeá obair dá chuid ar chlúdach leabhra agus i scata áiteanna neamhchoitianta. Beidh an stiúideo agus an taispeántas oscailt óna 10i.n. go dtí 6i.n. i rith mhí Lúnasa.

Féile Lios Póil

"Nuair a thugann Pobal Lios Póil fé aon ní fé leith, éiríonn leo é a dhéanamh go críochnúil," a dúirt Nuala de Mórdha, an snámhaí aitheanta idirnáisiúnta ón nDaingean agus í ag oscailt Fhéile Lios Póil ar an Aoine seo caite. Mhol Nuala, a labhair i nGaeilge, an 'spriorad' atá bainteach le pobal Pharóiste Lios Póil, "spiorad na daonnachta na comhthuisceana agus na comharsanachta".

Níl sé rófhada ó shnáimh Nuala trasna Loch Lucerne san Eilvéis agus Bá na Túinéise.

"Ach bhí daoine ag cabhrú liomsa agus duine ag coinneáil bia liom faid is a bhíos ag snámh," ar sí. "I Lios Póil cabhraíonn gach éinne lena chomharsa rud atá sean-aitheanta," ar sí. Oíche mhór ina raibh láthair' Blúiríní Blasta,' i Lios Póil plódaithe, ab ea oíche Dé hAoine.

Bhí dís ógánach ón bparóiste 'Aoibhneas', Siobhan Ní Ghrífín agus Bríde Ní Eibhín, go bhfuil an-mholadh fachta acu mar amhránaithe le déanaí, ag casadh amhrán agus is dócha gur ceann eile do bhuaicphointí na féile ná físeán a bhí réitithe ag Roibeárd Ó Cathasaigh, Leachtóir i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach agus beirt chairde leis, Mícheál Ó Deargáin agus Pádraig Ó Dufaigh. Cuirtear síos conas mar a lonnaíodh Cros ag Barr an Chnoic, an Cnapán Mór, sa bhliain 1954, bliain onóra na Maighdine Muire.

Is le capall a tarraingíodh suas an chrois a bhí déanta as adhmad ó dhíon an tseipéil. Cuireadh díon nua ar an Séipéal an bhliain sin. Bhí go leor acu siúd a bhí bainteach leis an obair dheisiúcháin ar an séipéal agus i mbeartas na croise a thabhairt go barr an chnoic ag obair go deonach. Orthu siúd a bhí bainteach leis an obair agus atá ar an bhfistéip, tá na paróistigh, Tomás Ó hEibhín, Dónal G Mac Gearailt, Tomás ó Grífín, Tomás agus Páidí Mac Gearailt, Seán Ó Súilleabháin agus Lís Ní Shúilleabháin.

"Dheineamar é seo," arsa Riobárd, "le snaidhm a nascadh le muintir an pharóiste a bhí gníomhach i gcúrsaí Bhliain na Maighdine sa bhliain 1954 agus i mbliana, caoga bliain níos déanaí, bliain onóra na Maighdine arís." Físeán pobail ab ea é seo, agus bhí ríméad ar mhuintir na háite as a fheabhas. Léiríodh mar a tháinig Séamus Ó Dúbháin, ó Arda Mór ar 'sheod cloiche' seandálaíochta agus mar a cuireadh críoch uirthi sa Mhúsaem ar an mBuailtín.

Mar chuid den oíche, bhí mír inar chuir Roibeárd agallamh gearr anphearsanta ar Shéamus. Má bhí 'An Oscailt', agus an oíche shiamsaíochta a lean breis agus dhá uair an chloig san bhfoirgneamh ar a dtugtar 'Blúiríní Blasta', bhí blúiríní an-bhasta ar fáil do chách a bhí láthair ar an Aoine. Ghaibh fear an tí, Risteard Mac Eoin, buíochas le gach duine.

Maidin Dé Sathairn, bhí Rás go dtí Barr an Cnoic, An Starraicín agus bronnadh an gradam 'Rí' agus 'Banríon' an pharóiste ar an gcéad fhear agus bean a bhain an barr amach. is é Rí na bliana seo ná, Séan Ó Súilleabháin ó Lios Deargáin agus is í Banraíon an pharóiste ná an Tiobraid Aránnach, Yasmin Ní Chionnaith. Bhí siúlóid agus rás an pharóiste agus iompar Croise nua go barr an Chnoic, comórtas Bréag Fheisteas, Seó Talamhaíochta agus garraíodóireachta, Feis, comórtas ealaíne, comórtas bláthanna, áiseanna do phaistí, seó madraí caorach, Cibeal Cois Caisleáin, ar siúl san oíche Dé Sathairn.

Bhí Caisleán na Mine Airde lasta suas agus ceol, amhráin agus béaloideas á aithris. D'éirigh leis an mac léinn iriseoireachta, Éabha Ní Shúilleabháin, an t-amhránaí Mickey Joe Harte a mhealladh go dtí Táhairne Uí Shúilleabháin san oíche Dé Domhnaigh. Bhí an domhan daoine ann.

"Bainimíd go léir an-shásamh as eagrú na Féile, mar bíonn gach aon duine ag cabhrú go fonnmhar," arsa cathaoirleach an Choiste Forbartha, Máire Uí Shúilleabháin, "agus is ceann dár n-iarrachtaí é, le béim a chur ar labhairt na Gaolainne".

Trí bhonn óir buaite i Londain

Concubhar Ó Liatháin

Tá trí bhonn - nó réalta - órdha buaite i Londain ag comhlacht ó Mhúscraí cheana féin ag macasamhail an bhia de na Cluichí Oilimpeacha.

D'éirigh le Folláin, comhlacht déanta suibhe, marmaláide agus anlainne goinbhlasta, an t-aitheantas órdha a bhaint amach ag na 'Great Taste Awards' atá ar bun i Londain le linn na gCluichí Oilimpeacha.

Aithnítear na 'Great Taste Awards' i Londain mar an t-aitheantas is mó éilimh do speisialtóirí bia agus tugann sé ardú proifíle d'earraí Folláin ar fuaid na Riochta Aontaithe agus in Éirinn.

Chinn na moltóirí an t-aitheantas a bhronnadh ar an Anlann Goinbhlasta Piobair Gualghriollta, an Subh Cuiríní Dubh gan aon siúcra curtha leis agus ar an Marmaláid Oráiste Seville a bhfuil breis torthaí ann.

"Ní fhéadfaimis a bheith níos sásta dá mba rud é go raibh bonn óir buaite againn ag na Cluichí Oilimpeacha," dúirt bunaitheoirí Folláin, Peadar agus Máirín Uí Lionáird, tar éis an dea-scéal a fháil.

Faoi láthair tá ath-bhrandáil á dhéanamh ag Folláin ar a gcuid prócaí agus suaitheantais nua á gcur i bhfearas acu thar réimse leathan a n-earraí.

Tá an comhlacht - a bhfuil go leor aitheantais agus gradam faighte aige cheana féin - suite in Eastáit Tionscail Údarás na Gaeltachta i mBaile Bhuirne. Tráth seo na bliana, bíonn daoine ag piocadh sméar dubh fud fad an cheantair chun iad a dhíol leis an gcomhlacht dá subh sméar dubh.

Bunaíodh an comhlacht in 1983 agus bhí sé suite ar dtúis i gcistin thí Pheadairín agus Mháirín i gCúil Aodha. Bhí go leor de na hoidis tugtha ag máthair Mháirín, Nóra, agus tá curtha leis an réimse go mór ó shin. Mar sin, déantar cinnte go gcoinnítear an blas déanta sa bhaile trí úsáid a bhaint as comhábhair ata 100% nádúrtha agus gan aon bhlaiseanna aisteacha ná saorga a chur leis.

Tá ceannródaíocht déanta ag Folláin i margaíocht, ag baint úsáide as an nGaeilge agus is cúis mór bróid dóibh go bhfuil 'Folláin - the Irish for wholesome' aitheanta ar cheann de na manaí margaíochta is cliste agus is éifeachtaí ar an margadh.

Saoithe, daltaí agus éarlaimh Acadamh Fodhla ag bronnadh a Saíocht ar Mháire Ní Chéilleachair in Áras Éamoin Mhic Suibhne i gCúil Aodha ar Lá Lúnasa

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Aonach an Phoic

Beidh Aonach an Phoic ar siúl an tseachtain seo agus beifear 'ag bailiú', ó amárach amach. Tá stair as an ngnáth ag dul le Féile págánach an Phoic. Cuirtear Pocán Gabhair ó Shléibhte Charn Tuathail ar bharr seastáin os cionn an bhaile le linn na Féile agus bíonn 'An Rí' ar a sheastán 'Ríoga' go deireadh na Féile.

Is í Clár Ní Shúilleabháin ó Lios na Gaoithe, cailín óg, Banríon na Féile agus is í a chuirfidh an Choróin ar an bpocán. Bhí uair ann agus théadh daoine ó Iarthar Duibhneach go dtí Aonach an Phoic, le capaill nó le bromaigh, do shiúl na gcos, beagán le cois daichead míle bóthair. Téann go leor ann fós, ach ní do shiúl cos é.

Áit mhór ab ea An Poc do lucht siúil ina mbíodh go leor seastán acu ann ag díol earraí lámhdhéanta dá gcuid. Tagann siad fós ina sluaite ach is beag ceardaíochta anois a bhíonn acu, ach bíonn scata capall ar an Aonach acu.

Dea-chúis

Beidh Ráiseanna capall Dhún Chaoin, ar siúl i dTigh Krugir á n-eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin ar an Aoine seo chugainn, an 10ú lá

ar mhaithe le dífhibrileoir a chur ar fáil sa pharóiste. €10 an ceann atá ar chapall.

Con Houlihan ar lár

Breandán Mac Gearailt

Bhí an-aithne tamall den tsaol i gCorca Dhuibhne ar Con Houlihan. Ó Oileán Chiarraí, an t-iriseoir grámhar a fuair bás le linn na deireadh seachtaine seo caite in aois a shé bliana agus ceithre fichid.

Ar feadh roinnt mhaith blianta, thagadh Con agus Charlie Lenihan, polaiteoir, fórspleoiseach cleachtúil, go Tábhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín gach Lá Dreoilín. Chuir scata ón gceantar aithne ar Chon san am.

Ba fhear deisbhéalach cleachtúil agus spóirt é. Fear lán de ghus d'fhuinneamh agus de ghreann ab ea Charlie Lenihan, ó Ghort an tSléibhe, atá idir Thrá Lí agus Oileán Chiarraí. Sheas Charlie mar neamhspleách in olltoghchán. Chaith sé blianta ina chomhairleoir contae. Glac leis go gcaithfí freagra a thabhairt ar a cheisteanna agus aon duine ná daonnaí a thrasnaigh é fuair sé sciúrsáil teanga.

Bhí bua na cainte aige agus é sáréifeachtach mar pholaiteoir. Chuireadh sé iris ar fáil le linn feachtais ar a dtugadh sé, 'The Taxpayers News'. Gan amhras ba é Con Houlihan a chuireadh eagar ar an iris agus a scríobhadh a formhór. Bhíodh an-éileamh ar an iris agus bhaintí an- sásamh aisti, óir bhíodh sí lán de ghreann, de mhagadh agus de sháiteáin pholitaíochta. Is é Tony Meade, sáririseoir a bhí ina leaseagarthóir ar an nuachtán 'The Kerryman', a mheall Con le dul i mbun na hiriseoireachta.

Thosaigh Con le sraith altanna san Kerryman, altanna a léirigh go raibh bua fé leith aige mar thráchtaire agus mar scríbhneoir. Maireann Meade fós in aice na bhFoidhri, fear a bhí ina dhlúthchara ag Con le caoga bliain agus breis agus a chuir comhairle ar scata de scríbhneoirí agus d'iriseoirí óga. Is minic a bhí seisiún agam le Con i mBaile Átha Cliath tar éis do Meade mé a chur in aithne dó, lá Dreoilín ar an mBuailtín.

Caithfead a rá go raibh meas, labhairt agus ardtuiscint ar an nGaolainn ag Con. Is minic a théinn ón Daingean blianta ó shin, le cóip den nuachtán an 'Evening Press', a fháil ina mbíodh an leathanach cúil breactha ag Con le seoda liteartha agus stráicí tarraingteacha soléite, faoi chúrsaí spóirt. 'Conas atá siad thiar?' an chéad bheannacht a dheineadh Con nuair a bhuailfinn leis.

Is mó bliain anois de bharr aoise, oibre, agus sláinte ó bhí Conn inár measc, ach cuimhníonn go leor de mhuintir an cheantair fós ar a phearsantacht lách. "Ba dhráma ann féin é, nuair a thagadh Charlie (Lenihan) agus Con isteach chugainn," a dúirt Dónal Ó Catháin, trócaire air, liom uair. "Ni raibh aon teora le hintleacht Chon agus le deisbhéalacht Charlie," ar sé.

NÓTAÍ UÍBH RÁTHAIGH

Lá Oscailte ag Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

Beidh lá oscailte ar siúl ag an gComhchoiste Dé hAoine seo chugainn an 10ú lá de Lúnasa ag tosú ag 10 r.n. in Oifigí an Chomhchoiste i gCeann Eich. Is deis é seo don phobal a theacht chun casadh le stiúrthóirí agus le foireann an Chomhchoiste, eolas a fháil mar gheall ar an obair atá ar siúl ag an gComhchoiste, srl. Beidh Steve Ó Cualáin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta i láthair ag 11 r.n. agus déanfaidh sé lainseáil ar thorthaí an tsuirbhé Gaeilge a deineadh sa cheantar i mí Meitheamh. Ón 12 nóin ar aghaidh beidh Gareth Lawless ón bhfeachtas Digital Switch Over i láthair chun labhairt le daoine faoi chlúdach teilifíse agus na hathruithe atá chun tarlú i mí Dheireadh Fómhair. Fáilte agus fiche roimh gach éinne!

Campaí Samhraidh

An tseachtain seo chugainn beidh an Campa Samhraidh Gaeilge ar siúl i bPort Mhic Aodha. Eolas agus áirithintí ón gComhchoiste 9474888 nó www.uibhrathach.ie (faoi Ghaeilge & Cultúr). Beidh an campa deireanach ar siúl sa Dromaid do leanaí 3-6 bliana d'aois i rith na seachtaine 20 Lúnasa -24 Lúnasa seo romhainn.

Trad um Thráthnóna

Beidh an chéad seisiún eile sa tsraith seo ar siúl i Mhonarcha Seacláidí na Sceilge ar an Domhnach an 12 Lúnasa ag 7.00 i.n. Ceoltóirí óga ón gceantar ag seinnt, ag canadh agus ag rince - bí ann chun blúirín dár gcultúr dúchasach a bhlaiseadh! Fáilte ar leith roimh chuairteoirí go dtí an ceantar. Eolas ón gComhchoiste 9474888. Buíochas d'Údarás na Gaeltachta & Fáilte Éireann atá ag tacú leis an imeacht seo, agus do Seacláidí na Sceilge comh maith.

Cúrsa Gaeilge – Seachtain sa Ghaeltacht!

Beidh cúrsa Gaeilge FETAC Leibhéal 3 a mhairfidh ar feadh seachtaine ar siúl i mBaile an Sceilg ón 11 go an 17 Lúnasa. Dírithe ar dhaoine a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil ach go bhfuil meirg tagaithe uirthi b'fhéidir! Meascán de ranganna, imeachtaí sóisialta agus cultúrtha, craic agus spraoi! Eolas ón gComhchoiste 066 9474888 nó www.irishlanguageholidays.com ; beidh an cúrsa seo oscailte do chuairteoirí agus do mhuintir an cheantair mar an gcéanna.

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile na Finne

Fear Maraithe sa Ghaeltacht Láir

Anton Mac Cába

Maraíodh fear nuair a chuaigh carr s'aige den bhóthar ag an Mhín Mór, Baile na Finne.

Ba é Eddie McGuigan, 71 bliain d'aois, an fear a maraíodh, feirmeoir beag as, Baile na Finne.

Bhí sé pósta, ach gan clann aige. Maireann a bhean chéile.

€50,000 do thogra traenach i mBaile na Finne

Tabharfar deontas €50,000 do Chomhlacht Traenach na Gaeltachta Láir Teo i mBaile na Finne, Contae Dhún na nGall.

Fiontar turasóireachta é seo atá tógtha timpeall an iarnróid a bunaíodh ag deireadh na 18ú haoise ag Bord na gCeantar Cúng, a bhí in úsáid suas go dtí 1952 agus atá athbhunaithe arís ar an láthair sin.

Tá an maoiniú á bhronnadh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun an togra a reáchtáil i mbliana agus a fhorbairt don todhchaí, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.

Dúirt an tAire Stáit, Dinny McGinley, gur "tionscnamh fíorthábhachtach turasóireachta atá i gceist anseo, tionscadal pobail atá forbartha go príomha ag daoine deonacha agus atá ag baint leas as áilleacht an ghleanna ar bhruach Loch Fhinne agus an oidhreacht traenach a bhaineann leis an gceantar.

"Tá sé tábhachtach go mbeidh tacaíocht ar fáil chun deis a thab-

Bás an Chomhairleora Seamus Shields

Scott De Buitléir

D'éag polaiteoir do Thír Eoghain Láir agus comhairleoir an Ómaigh, Seamus Shields, san oíche Shathairn seo caite, i ndiaidh tinnis fhada.

Bhí Shields ina chomhairleoir don Ómaigh ar feadh trí bliana agus fiche, chomh maith le bheith ina bhall ar Bhord Leabharlann Thuaisceart Éireann agus Iontaobhas Otharcharr Thuaisceart Éireann. Bhí sé ar Bhord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair chomh maith ar feadh dhá bhliain déag. Bhí an-suim aige sa stair áitiúil, ábhar ar a raibh go leor alt foilsithe aige faoi.

Dúirt ceannaire an SDLP, an Dr. Alasdair McDonnell, go bhfuil sé ina "fhíorbhrón" gur cailleadh fear a bhí ina cheannródaí sa pháirtí polaitíochta.

"Fágann sé ina dhiaidh," a deir an Dr. McDonnell, "cuntas ar sheirbhís poiblí atá ina eiseamláir dúinn uilig. Bhí sé dílis dá chuid luachanna go dtí an deireadh... ag troid ar son an chomhionannais i ngach cuid den saol. Bhí seans agam bualadh leis sula bhfuair sé bás, agus cé go raibh sé ag súil leis an mbás, b'iontach an chrógacht a bhí aige roimhe."

D'oibrigh Shields le tionscadail Eorpacha do cheantair thras-teorainn, ag obair leis an Ómaigh, an



Seamus Shields, nach maireann.

Srath Bán agus Cathair Dhoire. Rinne sé staidéar ar an dlí roimh dhul isteach sa pholaitíocht, nuair a toghadh é den chéad uair in 1989.

"Comhghleacaí láidir luachmhar a bhí i Seamus," arsa Joe Byrne MLA, ionadaí d'Iarthar Thír Eoghain, "fear a bhí cairdiúil liom ó thosaigh sé amach sa pholaitíocht. Fiú agus é tinn, bhí a mhuintir ar bís lena fheiceáil ag bainis a aonmhic cúpla seachtain ó shin, nuair a thug sé óráid den scoth. Ba shin ardchaighdeán an duine a bhí ann; cé go raibh sé tinn, ba iad a chlann an rud ba luachmhara dó. Sárdhuine a bhí ann."

Maireann a bhean chéile Úna, beirt iníon agus mac ina dhiaidh.

hairt d'fhiontair den chineál seo a fhorbairt i gceantair Ghaeltachta," a dúirt an tAire Stáit "go háirithe chun cur le hinfreastruchtúr turasóireachta an cheantair agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur chun cinn."

An Cabhán

'SnaG' le linn Fhleadh Cheoil na hÉireann

Beidh 'Seachtain na Gaeilge' ar siúl le linn Fhleadh Cheoil na hÉireann i mbaile an Chabháin an tseachtain seo chugainn.

Tosóidh na himeachtaí Dé Luain le Club na nÓg ag 11.00r.n. sa Leabharlann ar Shráid Fhearnáin agus beidh Ceardlann Rap i nGaeilge don aos óg leis na cnagadóirí GMC & Bubba Shakespeare in Ionad na Gaeilge, An Phríomhshráid, ag 1.00i.n.

Beidh deis ag déagóirí agus ag daoine fásta roinnt Gaeilge a labhairt san ionad ag 2.00i.n. áit a bheas 'Comhrá Gaeilge - Bain Triail As!' ar siúl. Beidh na himeachtaí seo ar siúl i rith na seachtaine.

Tabharfaidh Tomás Ó Raghallaigh léacht faoin téama 'Teallach Dhonnchadha; Stát Gaelach ar Thairseach na Plandála' san ionad ag 4.00i.n. agus beidh seirbhís éacúiméineach ar siúl in Eaglais na hÉireann, Sráid Fhearnáin.

Beidh léachtaí eile ar stair na Gaeilge ar siúl le linn na seachtaine mar aon le céilithe, turais threoraithe, imeachtaí scéalaíochta agus amhránaíochta agus eile.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar www.fleadhcheoil.ie.

Na cailíní atá ag glacadh páirte i bhFéile Mháire an Chlocháin Léith i mbliana ag an oscailt oifigiúil oíche Dé Sathairn. [PIC : EOIN MC GARVEY]

Róise Ní Bhaoill, Iontaobhas ULTACH; Gavin Robinson, DUP, Ard-Mhéara Bhéal Feirste; Máire Hendron, Cathaoirleach na Comhpháirtíochta Dea-Chaidrimh, Aodán Mac Póilin, Iontaobhas ULTACH

Fáisc Miotail Éireann ag iarraidh síneadh a chur le monarcha

Anton Mac Cába

Chuir Fáisc Miotail Éireann isteach ar chead pleanála ó Comhairle Contae Dhún na nGall le síneadh breise a chur le monarchan s'acu ar an Eastát Tionsclaíoch ar an mBun Beag.

Tá siad ag iarraidh céad pleanála, fosta, fá choinne na n-oibreacha laithreáin atá comhcheangailte leis an síneadh.

Fuair an comhlacht cead anuraidh le síneadh eile a chur leis an mhonarcha. Déanann Fáisc Miotail páirteanna do thionscal na gcarranna. Bíonn siad ag feidhmiú 24 uair sa lá agus tá 25 duine ag obair ann faoi láthair.

Is iad na stiúrthóiri ná Brendan agus Declan Ward a bhfuil seoltaí acu beirt i Leitir Ceanainn.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

CHOMHSHAOIL

Bagairt na Glúiní Bhioraí

Bagairt ón nGlúineach Bhiorach (Japanese Knotweed) : scaiptear 'scriostóir an mhorgáiste' le haineolas agus le heaspa cúraim le baint fhásra thaobh an bhóthair

Lenár dTuairisceoir

Tháinig an bhagairt a bhaineann leis an nGlúineach Bhiorach chun solais arís agus an dóigh a gcuirtear léi ar na mallaibh nuair a bhí saorálaithe leis an tionscadal SAMHLAIGH ag suirbhéireacht gnáthóg agus dúlra i nDoire.

Tá meon slachta faoi na fálta agus faoi taobhanna na mbóithre ag teacht le chéile le haineolas ar an phlanda seo lena fhorleathnú a mhéadú in Éirinn.

Ní mór don phobal eolas a chur orthu féin faoi chuma an phlanda seo agus nóta a thógáil cá háit a bhfuil sé lena smachtú," a deir Pól Mac Cana, comhordaitheoir tionscadail SAMHLAIGH.

Is planda eachtrannach í an Ghlúineach Bhiorach atá dúchasach sa Chianoirthear. D'éalaigh sí ó ghairdíní anseo agus gan aon namhaid nádúrtha lena smachtú abhus, fásann sí ina mothair mhóra. Ach ní ga dí a bheith ina mothar sula dtosaíonn sí ag déanamh damáiste agus scrios. Scriosann a gais agus a fréamhacha beaga foirgnimh, stopann siad morgáistí agus iarratais phleanála.

De dheasca a ionrachta agus a nirt, bíonn luibhicídí thar bhlianta de dhíth agus in amanna caithfear an ithir shalach a chur i láithreán líonadh talún, agus ní ghlacann roinnt láithreán léi fiú.

Cosnaíonn sé idir £50 agus £300 lena glanadh ó 3 troithe cearnach. Measadh go nglacfadh sé £70 milliún lena glanadh ó 10 n-acra as suíomh na gCluichí Oilimpeacha i Londain.

Glúineach Bhiorach

Glúineach bhiorach ag briseadh tríd tarmac gan stró

Déanann an Ghlúineach Bhiorach an oiread sin damáiste as siocair go bhfásann a gais agus a fréamhacha isteach i scoilt ar bith i stroighin nó i gcoincréit, rud a bhriseann brící agus coincréit óna chéile.

Fiú má leagtar coincréit ar bharr talaimh agus an Ghlúineach Bhiorach thíos faoi, bíonn an planda in ann a bhealach a aimsiú trí laige ar bith le solas agus uisce a aimsiú, agus ag scrios na coincréite ar an mbealach.

Is dócha gurb é an ghné is spéisiúla fán phlanda seo - agus an ghné is mó buartha dúinn - ná a chumas fás as an bpíosa is lú den fhréamh nó den ghas a bhristear ó mháthairphlanda. Mar sin, ní mharaíonn baint, strimeáil ná tochailt an planda seo. Ní dhéanann siad ach é a scaipeadh níos leithne arís. Smiodar ar bith a iompraítear ar innealra conraitheora go dtí láithreán eile, cothaíonn sé sin cuallacht nua dó.

Chonaic saorálaithe le SAMHLAIGH fear áitiúil amuigh ag baint taobh an bhóthair. Ní raibh sé eolach ar an Ghlúineach Bhiorach agus an dochar is féidir leis a dhéanamh ar a gcuid comharsana.

Ach nuair a cuireadh e ar a eolas faoin bplanda, scoir sé den bhaint san áit ina raibh an Ghlúineach. Ba thráthúil casadh air ag an am sin.

Ar an drochuair, seachtain ina dhiaidh, bhí conraitheoir amuigh ar an mbóthar céanna ag gearradh an bhfál. Chonaic na saorálaithe arís é lena chur in iúl faoi bhagairt. Luaigh sé gur inis an fear eile dó faoin chás ach b'fhéidir nár thuig sé go hiomlán an bhagairt a bhí ann, ach tá seans ann anois go gcosnóidh a ghníomh daoine áitiúla eile amach anseo, nó fiú i gceantair eile.

Cé go bhfuil an tSeirbhís um Bóithre (sa Tuaisceart) eolach faoin bhóthar seo agus go mbeidh siad ag cur luibhicídí amach, is féidir le gearradh ar bith roimhe sin an Ghlúineach a scaipeadh níos faide agus tá seans anois go mbeidh an fhadhb ann go ceann roinnt blianta eile, ag cur costais ar cháiníocóirí, ar íocóirí rátaí áitiúla agus ar shealbhóirí foirgnimh áirithe.

Ach bíonn foinsí den Ghlúineach Bhiorach ar thailte príobháideacha go minic, agus mar sin seans nach mbeidh fiúntas le hiarrachtaí na Seirbhíse um Bóithre mura dtugtar faoi na foinsí féin. Comhoibriú a bheas de dhíth idir sealbhóirí príobháideacha agus an rialtas áitiúil agus réigiúnach leis na foinsí seo a scrios agus a leathnú a stopadh.

"Ní mór do chonraitheoirí a bheith eolach faoin bplanda seo. Tá sé tábhachtach na cuallachtaí thart faoin tír a mhapáil,2" a mhínigh Pól Mac Cana, comhordaitheoir ar an tionscadal SAMHLAIGH.

"I gceantar Mhachaire Fíolta, cuireann SAMHLAIGH fáilte roimh thuairiscí ó shaorálaithe a seoltar chugainn faoin nGlúineach Bhiorach lena mapáil agus beart a cheapadh leis an chuid nua seo inár n-oidhreacht a chealú. Tá spéis againn taifid a fháil, ní amháin ar an Ghlúineach Bhiorach, ach freisin ar Lus na Pléisce, an Feabhrán Capaill, agus ar speicis eachtrannacha eile."

"Bheadh muid an-bhuíoch don lucht iascaireachta agus don lucht feirmeoireachta dá mbeadh siad airdeallach agus inseacht dúinn faoi na plandaí seo. Tá a lán acmhainní ar fáil a chuidíonn leis na plandaí seo a aithint, agus is féidir linn cuidiú le daoine áitiúla iad a aithint. Is bunchloch go mbeadh tuiscint ar cá háit a bhfuil an planda agus é sin a bheith mapáilte, le dul i ngleic leis an mbagairt," ar seisean.

Is tionscadal oidhreacht phobail é SAMHLAIGH agus tugann Ciste Oidhreachta an Chrannchuir, SWARD, An Cháin ar Líonadh Talún agus CEDaR tacaíocht chaoin don tionscadal Le tuilleadh eolas a fháil agus le cur in iúl dúinn cá háit a bhfuil an Ghlúineach Bhiorach agus speicis eachtrannacha eile, labhair le Pól Mac Cana ag an Carn (Machaire Rátha) ar 028-7954-9978 nó polmaccana@ancarn.org

TEIC

Ouya! Comhlacht Nua chun monoplacht na mboc mór a bhriseadh

Amharc **Diarmuid Ó Muirgheasa** ar 'Ouya', comlacht atá tar éis $5 milliún a bhailiú chun consol nua a chur ar díol

An chuma a bheas ar an gconsól nua - cuma dheas air go cinnte ach an mbeidh sé in ann aon sciar den mhargadh a bhaint de na boic mór atá ann san am atá i láthair?

LE fada an lá anois tá smacht ag comhlachtaí móra ar mhargadh na gconsól cluichí. Tá Sony ann leis an Playstation, Microsoft leis an XBox, agus Nintendo leis an Wii. Tá an cosúlacht ar chúrsaí anois go mb'fhéidir go bhfuil rudaí san earnáil ar tí athrú, áfach, i ndiaidh do ghrúpa i Meiriceá os cionn $5 milliún a bhailiú ar an suíomh kickstarter.com le consól nua, an Ouya (óh-yá) a chur ar díol.

Tá sé de sprioc ag foireann Ouya mórán den chumhacht atá ag na comhlachtaí móra úd a bhaint uathu, agus na bacanna atá ar dhaoine a theacht isteach san earnáil mar dhearthóirí cluichí a bhriseadh síos, trí chonsól a chur ar díol nach bhfuil faoi smacht ollchomhlachta.

Ó thaobh Kickstarter de, is rud iontach mór é seo chomh maith. Feidhmíonn Kickstarter trí dheis a thabhairt don phobal i gcoitinne infheistiú a dhéanamh i gcomhlachtaí beaga atá ag lorg airgid le táirge nó tionscnamh ar leith a mhaoiniú.

Seachas scaireanna sa chomhlacht, ceannaíonn airgead na n-infheisteoirí rud éigin bainteach leis an togra. I gcás Ouya, is féidir ainm úsáideora ar an gcóras ar líne a chur in áirithe ar $10, nó consól a cheannach ar $99 (seolfar i Mí Márta seo chugainn iad). Má íocann tú $5,000 is féidir lá a chaitheamh i San Francisco le dearthóirí an chonsóil.

Píosa ar phíosa, tá Kickstarter ag dul i dtreo a bheith mar fhoinse maoinithe dáiríre do níos mó agus níos mó comhlachtaí. Ó bhailigh an Ouya níos mó airgid laistigh de 24 uair an chloig (os cionn $1.5 milliún) ná tionscnamh ar bith eile a bhí ar Kickstarter riamh, tá tábhacht ar leith ag baint leis, leis an ainm atá ag an suíomh a chothú agus a chaomhnú.

Fiú agus iad ag dul i dtreo a bheith ar an tionscnamh maoinithe is mó riamh ar Kickstarter, tá dúshlán ollmhór le sárú ag lucht Ouya go fóill. Go stairiúil, is margadh uafásach dian é margadh na gconsól cluichí, agus is féidir a bheith cinnte go gcaitheann leithéidí Sony i bhfad, i bhfad níos mó ná $5 milliún ar dhearadh consóil.

Agus tá neart samplaí ann de chomhlachtaí a chuaigh san iomaíocht agus nár mhair, de thoradh easpa airgid: Atari, NEC, Commodore, agus fiú Sega. Ba fhathach ollmhór é Sega sular chuireadar an Sega Dreamcast ar díol in 1998. Fiú agus gur dhíoladar os cionn 10 milliún Dreamcast mórthimpeall an domhain, agus fiú go raibh mórán cliste agus nuálach faoi, ní raibh neart ansin le go mbeadh an t-airgead acu dul in iomaíocht leis na comhlachtaí eile sa mhargadh. Ba é an Dreamcast an iarracht dheireanach a bhí acu ó thaobh na gconsól de - anois, foilsíonn siad cluichí do chonsóil na gcomhlachtaí eile.

Tá neart rabhadh ann, mar sin, do dhuine ar bith a smaoineodh ar dul in iomaíocht le fathaigh an lae inniu. Ní cosúil go bhfuil bunaitheoir Ouya, Julie Uhrman, róbhuartha faoi sin ar fad, áfach, agus labhraíonn sí go muiníneach ar an bhfíseán ar Kickstarter mar gheall ar thodhchaí an togra. Dar léi, tá domhan na gconsól cluichí ullamh go maith don réabhlóid atá le theacht ó Ouya, agus dearthóirí agus imreoirí mórthimpeall na cruinne ullamh slán a fhágáil le roinnt de na drochrudaí a bhaineann le forlámhas na gcomhlachtaí móra.

Ceann de na rudaí sin ná praghsanna, atá éirithe iontach ard le blianta beaga anuas. Tagann mórán de sin ó na táillí a ghearrann Microsoft, Sony agus Nintendo ar dhearthóirí.

Mar chomparáid, tá "Fifa 12" ar díol ar play.com ar na trí mhór-chonsól, chomh maith leis an PC. Agus Gaelscéal ag dul i gcló, bhí €43 ar leagan an XBox 360, €39 ar leagan an Playstation 3, €27 ar leagan an Nintendo Wii agus díreach €22 ar an leagan don PC. Ar ndóigh, níl aon táille ann ó dhream ar bith don leagan PC, agus is ó na táillí sin a shíolraíonn mórán den difríocht.

Ba fhathach ollmhór é Sega sular chuireadar an Sega Dreamcast ar díol in 1998. Fiú agus gur dhíoladar os cionn 10 milliún Dreamcast mórthimpeall an domhain, agus fiú go raibh mórán cliste agus nuálach faoi, ní raibh neart ansin le go mbeadh an t-airgead acu dul in iomaíocht leis na comhlachtaí eile sa mhargadh.

Deir Microsoft agus Sony go bhfuil gá leis na táillí, mar go ndíoltar a gconsóil ar phraghas níos saoire ná a gcostas déanta. Ní bheidh a leithead fíor i gcás an Ouya. Dearadh é ag baint úsáide as "Tegra 3", páirt a úsáidtear go forleathan i bhfóin soghluaiste cumhachtacha, agus a sholáthraíonn cumhacht ard ar chostas iontach íseal. Ar bharr na bpraghsanna ísle, beidh leagan saor in aisce de chuile chluiche.

Tá an consól féin, le bheith cruinn faoi, nach mór díreach cosúil le fón soghluaiste, a ritheann ar an gcóras oibriúcháin Android ach atá gan scáileán, gan cadhnra fir4

gu: cadhnra, nó raidió GSM. Leis na rudaí sin ar fad imithe, agus le rialaitheoir cluichíochta san áireamh chomh maith, ní chosnaíonn an gléas nua seo ach $99.

Le costais seachadta go hÉireann san áireamh, cosnaíonn Ouya faoi bhun €100. Maíonn leathanach Kickstarter go seolfar chugainn iad i Márta na bliana seo chugainn. iad.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

'Azzi Idir Dhá Stól'

Sarah Garland, €6.95 , Crua Aoisghrúpa: Páistí 10 mbliana+ An Gúm

Insíonn an leabhar grafach seo scéal Azzi agus a tuismitheoirí, agus iad ag teitheadh óna mbaile agus óna dtír féin.

Tá cogadh ar siúl agus tá an chlann i mbaol. Is cailín óg í Azzi agus tá sé deacair uirthi agus ar a tuismitheoirí bogadh go háit nua agus a bheith ina gcónaí i measc strainséirí, go háirithe nuair nach dtuigeann siad teanga na ndaoine.

Beidh léitheoirí óga in ann ionannú (*identification*) a dhéanamh le hAzzi agus í ag déanamh iarrachta dul i ngleic leis na hathruithe móra atá ag tarlú ina saol. Cé go bhfuil Azzi cróga agus misniúil, bíonn imní uirthi faoi Mhamó, atá fós sa bhaile.

An bhfeicfidh siad arís í?

Tá an scéal seo lán le dúshláin, le mothúcháin, le carachtair láidre agus le gníomhaíocht.

Beidh léitheoirí an-tógtha le caighdeán na bpictiúr sa leabhar, agus cabhraíonn siad go mór leis an scéal a mhíniú, go háirithe má tá deacrachtaí ag léitheoirí le cuid den Ghaeilge.

Tá leagan amach an leabhair féin ar nós úrscéal grafach, agus tá cúpla bosca éagsúla ar an-chuid de na leathanaigh, le pictiúir agus bloc téacs difriúil i ngach bosca.

Seasann an leabhar pictiúr seo amach, mar cé go bhfuil an leabhar lán le pictiúir, dathanna agus íomhánna, tá a lán téacs ann freisin, agus an-chuid léitheoireachta le déanamh má tá an leabhar á léamh agat.

Rud iontach faoi leagan amach an leabhair ná go mbeidh páistí níos óige fós in ann breathnú ar na pictiúir agus an scéal a thuiscint ar bhealach éigin, fiú gan an téacs a léamh ar chor ar bith.

Meallfaidh sé seo páistí de gach aois agus sílim go bhfuil ard-mholadh tuillte ag údar an leabhair, Sarah Garland, as a cuid oibre.

Is í Sarah a mhaisigh an leabhar freisin agus is léir go bhfuil an-dúil aici sa scríobh agus san ealaíon araon.

Tá an leabhar seo foilsithe ag An Gúm agus tá clúdach crua air. Cé go bhfuil an leabhar seo dírithe ar pháistí atá deich mbliana d'aois nó níos sine, beidh neart páistí níos óige ná sin in ann an leabhar a léamh má tá cumas mhaith léitheoireachta acu nó má léann a gcuid tuismitheoirí an leabhar dóibh.

Tá costas €6.95 ar an leabhar, agus sílim go bhfuil sé seo an-réasúnta nuair a chuirtear caighdeán an leabhair san áireamh. Níl aon amhras ach go mbeidh an-tóir ag páistí agus ag tuismitheoirí ar an leabhar álainn seo.

'Nasc na Fola'

Eachtraí na nDálach i bPórtó Ríce
Tomás Mac Síomóin, An Gúm
82 lch.

Nuair a sheolann na déagóirí, Séamas agus Tomás Ó Dálaigh, as Gaillimh chun na Spáinne le héalú ó dhaorsmacht na nGall in Éirinn san 18ú céad, is beag a shíleann siad go bhfuil sé i ndán dóibh lorg drámatúil a fhágáil ar stair oileáin i bhfad i gcéin, Pórtó Ríce. Ach is amhlaidh a tharlaíonn.



Sa scéal fírinneach seo, Nasc na Fola, tá cur síos ar a gcuid eachtraí sa Spáinn agus i bPórtó Ríce agus ar an tslí ar chuir na dearthháireacha agus deoraithe Gaelacha eile le cosaint agus le rathúnas Phórtó Ríce, a dtír nua.

Sílim go bhfuil an leabhar dírithe ar pháistí ó aois deich mbliana d'aois ar aghaidh agus bheadh déagóirí óga in ann leas a bhaint as chomh maith. Tá gluais fíoráisiúil ann i dtreo dheireadh an leabhair, a chabhróidh go mór le léitheoirí agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an teanga a úsáidtear sa leabhar. Is maith an rud é leabhar mar seo a bheith ar fáil i nGaeilge, mar go minic is i mBéarla a bhíonn leabhair stairiúla cosúil leis seo. Bhraith mé in amanna go raibh an leabhar ag éirí beagán róchosúil le ceacht staire mar go bhfuil stíl cineál teagascach aige, ach tá buntáistí ag baint leis seo freisin agus is cinnte go bhfoghlaimeoidh léitheoirí go leor ón scéal.

Foilsithe ag An Gúm agus scríofa ag Tomás Mac Síomóin, tá an leabhar seo luachmhar mar gheall ar an iarracht a dhéanann sé na nascanna stairiúla idir Éireann agus na tíortha Easpáinneacha a léiriú.

Is leabhar ildaite é seo le clúdach tarraingteach geal agus neart pictiúir laistigh den leabhar chomh maith. Cabhróidh sé seo le léitheoirí óga tabhairt faoin leabhar agus meallfaidh sé i dtreo na staire iad.

Ina ainneoin sin, caithfidh mé a rá nach raibh mé róthógtha ar chor ar bith le caighdeán na léaráidí sa leabhar, cruthaithe ag Karen Dietrich. Tá siad thar a bheith simplí agus beagán leadránach i ndáiríre, agus níl aon bheocht iontu. Sílim go bhféadfadh siad a bheith i bhfad níos éifeachtaí agus níos tarraingtí.

Dianchúrsa



Dianchúrsa i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil, Meán Fómhair 2012

Tá iarratais á nglacadh ag MÓINÍN don Dianchúrsa thuasluaite

- Tá áit do ochtar (8) ar an gcúrsa cuimsitheach seo.
- Is é an scríbhneoir Ré Ó Laighléis a bheas mar stiúrthóir/theagascóir air.
- In *An Scríobhlann*, áras nua traenála MhÓINÍN i mBaile Uí Bheacháin, a thabharfar an cúrsa.
- Is iad na deireadh seachtainí atá i gceist ná:
  22ú / 23ú Meán Fómhair
  6ú / 7ú Deireadh Fómhair, 20ú / 21ú Deireadh Fómhair
  3ú / 4ú Samhain, 17ú / 18ú Samhain
  1ú / 2ú Nollaig
- Sprioc ar iarratais is ea Luan 3ú Meán Fómhair 2012.
- Toisc an mór-éileamh ar na Dianchúrsaí cheana, moltar iarratas a chur go luath ar Dhianchúrsa 2012.
  (Roghnófar ochtar agus cuirfear amach tairiscintí ar áiteanna ansin).
- Tá an cúrsa seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
- Féach tuairimí rannpháirtithe Dhianchúrsaí 2010 & 2011 ar shuíomh MhÓINÍN www.moinin.ie

Foirm Iarratais agus gach eolas ar fáil ó:
Ailsa Ellis, MÓINÍN, Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir
Fón: 065 7077256 e-phost:
moinin@eircom.net www.moinin.ie

Foras na Gaeilge
Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

Meabhrú: Comórtas Scríbhneoireachta Chló Iar-Chonnacht

TÁ spriocdháta an chomórtais nua scríbhneoireachta atá á reáchtáil ag Cló Iar-Chonnacht ag druidim linn anois.

Beidh duaischiste €10,000 le bronnadh ag Cló Iar-Chonnacht sa chomórtas nua.

Tá sé mar sprioc ag an bhfoilsitheoir scríbhneoirí nua a spreagadh chun pinn ach beidh fáilte roimh iarrthóirí ar foilsíodh saothair leo cheana féin chomh maith.

"Is mór an cúnamh é go minic spriocdháta a bheith ar intinn an scríbhneora leis an obair atá idir lámha aige/aici a chríochnú. Is mór an spreagadh a thugann sé duais a bhaint amach, an mothúchán sin go bhfuil meas faoi leith ag daoine eile ar an saothar a thagann óna bpeann," a deir Mícheál Ó Conghaile, bunaitheoir Chló Iar-Chonnacht.

Fáilteofar roimh phrós cruthaitheach nuascríofa, nár foilsíodh cheana, de gach cineál ó úrscéalta go nóibhillí agus cnuasaigh de ghearrscéalta, idir shaothair do dhaoine fásta agus saothair do dhaoine óga. Bronnfar €5,000 ar bhuaiteoir an chomórtais agus bronnfar €3,000 ar an scríbhneoir a bheidh sa dara háit agus €2,000 ar an saothar a thiocfaidh sa tríú háit.

Cuirfear fáilte roimh iarratais go dtí an spriocdháta ar 3 Meán Fómhair. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.cic.ie.

Comórtas!

Tá cóipeanna de na leabhair 'Azzi idir dhá stól' agus 'Nasc na Fola: Eachtraí na nDálach i bPórtó Ríce' le tabhairt ag Gaelscéal do dhuine dár léitheoirí. Más maith leat cur isteach ar an gcomórtas, freagair an cheist seo a leanas:

Cén chomhlacht foilsitheoireachta a d'fhoilsigh na leabhair seo?

Seol do fhreagra, le d'ainm, do sheoladh baile agus d'uimhir teagmhála, chuig m.nieadhra@gmail.com roimh Dé Céadaoin 15 Lúnasa. Go n-éirí libh!

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Seó Spóirt ar ais beo ar TG4

BEIDH Dara Ó Cinnéide ar ais ar Seó Spóirt 'Craobhchomórtas 2012' Dé hAoine seo chugainn ar TG4.

Clár beo ó Pháirc an Chrócaigh a bheas ann ag tosú ag 8.30in.

I measc anailísithe an tséasúir seo beidh Ger Loughnane, Micheál Ó Muircheartaigh, Iarla Ó Broin , Dónal O'Grady, Darragh Ó Sé, Pat Fleury, David Henry, John Allen, Joe Connolly agus eile.

Caithfidh Dara agus a phainéal súil chun cinn ar an gCraobhchomórtas Peile agus Iomána Uile-Éireann chomh maith leis an gCraobhchomórtas Iomána agus Camógaíochta Faoi 21 agus ar Chraobhchomórtas Pheil na mBan TG4.

"Thar aon Chraobh Peile le blianta beaga tá craobh na bliana seo ag iarraidh orainn ath-mhachnamh a dhéanamh ar ár léamh agus ar ár dtuiscint ar pheil Ghaelach," arsa Ó Cinnéide. "Táthar fós ag iarraidh a theacht i dtír ar an éabhlóid atá tar éis tarlú agus cibé acu is áin linn é nó nach áin, caithfear tabhairt faoi shlite nua chun a bhfuil ag titim amach ar pháirc na himeartha a chur ar shúile an phobail. Is dúshlán ar leith é, ach is dúshlán é go bhfuilim ag súil leis as seo go deireadh an fhómhair."

Dara Ó Cinnéide agus Gemma Ní Chionnaith a bheas ag cur 'Seó Spóirt' i láthair.

Beidh tuairiscí ó cheann ceann na tíre ag Gemma Ní Chionnaith idir seo agus deireadh an tséasúir chomh maith.

Gné nua den chlár don Chraobhchomórtas ná go rachaidh Diarmuid Lyng ag tochailt i gcartlann CLG chun súil a chaitheamh siar ar roinnt de na hócáidí is mó sa chumann - cúl Shéamus Darby in aghaidh Chiarraí sa Chluiche Ceannais Peile in 1982, an cúilín a fuair Ciarán Carey do Luimneach in aghaidh an Chláir i gCluiche Leathcheannais na Mumhan in 1996 agus cúl iomráiteach Owen Mulligan in aghaidh Bhaile Átha Cliath i gCluiche Ceathrú Ceannais 2005.

Féach air



TG4: Sa Tóir ar Ghranuaile
Tugann an clár seo léargas dúinn ar shaol bhanríon na bhfoghlaithe mara as Maigh Eo, an Bhanríon Granuaile. Dé Céadaoin 9.35in.

TG4: An Samhradh Linn
Sraith Nua: Is i gContae Chorcaí a bheidh Síle Ní Bhraonáin an tseachtain seo chun míreanna ceoil, damhsa agus bia a thabhairt dúinn. Tabharfar cuairt ar Chloich na Coillte, ar Choláiste Ghael Linn Bhaile Bhuirne agus ar Chaisleán Iarla Dheasumhan i gCionn tSáile. Déardaoin 8.30in

TG4: Inis Cúil
Codail a Linbh: Ba bhreá leis na buachaillí an baile a fhágáil ach níl a máthair ag iarraidh scaoileadh leo. Ligeann sí amach ar deireadh iad aon oíche amháin ach nach orthu a bhíonn an deifir abhaile. Dé Domhnaigh 7.15in.

Éist le



Raidió na Gaeltachta: Gaol Gairid
Labhróidh Fachtna Ó Drisceoil le Fiachna Ó Braonáin ó na Hothouse Flowers agus lena athair, Anraí Ó Braonáin, ar an gclár. Nuair a bhí Fiachna ina leanbh óg thosaigh Anraoi ag múineadh na feadóige stáin dó, ach laistigh de chúpla seachtain bhí an dalta níos oilte ar an uirlis ná mar a bhí a mhúinteoir. Ba ar an bpianó i seomra suite mhuintir Uí Bhraonáin a chaith Liam Ó Maonlaí agus Fiachna uaireanta fada an chloig ag seinm agus ag cumadh ceoil nuair a bhíodar á gcur féin i láthair mar na Benzini Brothers, sular bhunaíodar na Bláthanna. Dé Céadaoin 4.10in.

Raidió na Gaeltachta: Spórt an tSathairn
Faisnéis, tuairiscí, torthaí, anailís agus tráchtaireacht bheo ar chúrsaí spóirt an lae. Dé Sathairn 2.00in-5.00in.



Raidió Fáilte: Seó na Maidine
Nuacht agus léirmheasanna ar na páipéir le hEoghan Ó Néill. 8.00rn-9.00rn Luan go hAoine.

Raidió na Gaeltachta: An Chaint sa Chathair
Beidh Oifigeach Forbartha Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, Brian Ó Gaibhín, faoi agallamh ag Cormac Ó hEadhra. Dé Sathairn 09.00rn - 10.00rn.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Crosfhocal 08.08.2012



NODA

TRASNA

1 Teach, áit a mbíonn tú ag fanacht de ghnáth (5)
5 Cuirtear seo san earrach le toradh a fháil san fhómhar (4)
6 Sil, deoir (5)
8 Gluaisteán (4)
11 Rannóg, aireacht rialtais (5)
13 An uimhir is airde i gcluiche biongó (5)
14 Las, cur tús le tine (6)
16 Úr (3)
17 An spiorad a mhairfidh i do dhiaidh de réir theagasc Críostaíochta (4)
19 Gluais trí uisce le cumhacht do choirp féin (5)
21 Miotal - copar agus stán (4)
22 Áit in abhann in mbíonn an t-uisce éadomhain agus gur féidir í a thrasnú (3)
23 gan cumas labhartha (5)
26 Ball éadaigha chaitheann cócaire sa chistin leis an gcorp a choinneáil glan (6)
27 Píosa scríofa le comhthéacs a dhéanamh ag tús leabhair (7)
28 Agus gan cumas cloisteála (6)

SÍOS

1 Gníomh in aghaidh an dlí (4)
2 Slóg uisce nó deoch eile siar (2)
3 Deonaigh, tabhair duais do dhuine (5)
4 An rud a dhéantar an chuid is mó den am (5)
7 Fuinseog, dair, feá (5)
9 Stáitse (5)
10 Lí, ábhar athraíonn dath éadaí (5)
12 Blúiríní beaga scríofa síos le cuimhne a thabhair duit ar ball (5)
15 Feithid le hocht gcos (6)
18 Sáinn, am an ghátair (5)
20 Seomra beag faoi dhíon an tí (6)
23 An áit is airde, an mullach (4)
24 Rámhainn, láí (4)
25 Cosa ar chat oileán Mhanainn?(3)

Crosfhocal
01.08.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Deirdre Ní Cheallacháin
Ros Cré,
Co. Thiobráid Árainn

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 13.08.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireanach

Le Síle Ní Bhraonáin

Sceana, Seampú agus Málaí Taistil

Bhí mé ag dul go dtí an Spáinn le gairid ar feadh cúpla lá, rud a dhéanaim go minic. Ní raibh orm lóistín ar bith a chuir in áirithe, mar sin ní raibh le déanamh ach mo mhála beag láimhe a líonadh agus a dhul ar an eitleán.

Tá rialacha áirithe ag baint anois leis an méid atá céad agat a iompar ar an eitleán, ach tá na rialacha céanna thart agus i bhfeidhm le roinnt mhaith blianta agus fós fhéin tá daoine seasta ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar na haerlínte agus ar an gcóras slándála ag an aerfort.

Bhí mé ag aerfort Bhaile Átha Cliath breá luath agus bhí sé fíor-ghnóthach. Bhí na céadta daoine ag imeacht leo ar a gcuid laethanta saoire agus clann óg ag go leor acu, ach ar chúis éigin, ní raibh ach trí líne den chóras slándála oscailte.

Bhí lánúin as Meiriceá amach romhamsa agus tar éis achar fada bhí sé in am acusan a gcuid málaí a chuir thríd. Stopadh iad agus osclaíodh na málaí. Amach astu, tháinig buidéil uisce, seampú agus scian (scian deas maisithe le patrún Ceilteacha a bhí acu mar bhronntanas do dhuine éigin).

Thosaigh an garda cosanta á gceistiú agus ag míniú dhóibh nach raibh cead rudaí mar sin a thabhairt ar an eitleán, go háirithe an scian! Ach níor thuig an cúpla óg cén fáth a raibh an garda cosanta chomh crua orthu agus ag baint an stuif seo uathu.

Tar éis fiche nóiméad ag achrann, díbríodh iad. D´imigh siad leo agus cantal orthu faoi nár fágadh an scian acu. Bhí sé sách maith acu, ba cheart go mbeadh a fhios acu faoin tráth seo céard nár cheart a bheith sna na málaí láimhe.



Sa líne eile, bhí bean le beirt ghasúir óga. Ní raibh cead aici na gasúir a iompar thríd an mbrathadóir miotail, mar sin dúirt sí leo siúl tríd agus fanacht léi ar an taobh eile. Isteach leis an ngasúr ba shine agus lean an ceann ab óige eisean ach ar an taobh eile rith an bheirt, chuaigh duine ar taobh na láimhe deise agus an gasúr eile ar taobh na lámha clé.

Rinne an mháthair iarracht a dhul ina ndiadh agus ní raibh cead aici na málaí a fhágáil astu féin. Mar a tharla, bhí athair na ngasúr ar an taobh eile agus rith sé chun iad a bhailiú. Chuir sé iontas orm gur mó imní a bhí ar lucht an aerfoirt faoi na málaí ná na gasúir. Céard a tharlóidh mura mbeadh an t-athair thart?

Tar éis na moille sin ar fad bhí mé sa líne le dhul ar an eitleán, agus mar is iondúil thosaigh an tseiceáil ar na málaí arís. An raibh siad ar an mhéid ceart le tabhairt isteach ar an eitleán?

Bhí roinnt mhaith acu nach raibh agus dhá bharr sin bhí ar chúpla duine ceathracha euro a íoc chun na málaí a seiceáil isteach. Arís tuilleadh daoine a raibh cantal orthu. Tuigim gur féidir le roinnt de na haerlínte a bheith ródhian ó am go chéile ach nach mbeadh sé i bhfad níos éasca ag an té atá ag taisteal cloí leis na rialacha agus turas suaimhneach a bheith acu.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Rátaí Fostaíocht Pobail

Ceist:

Tá ráta laghdaithe Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil agam de bharr go bhfuil mo bhean chéile ag oibriú. Táim ag smaoineamh faoi iarratas a dhéanamh ar scéim Fostaíocht Pobail. De bharr go bhfuil an obair ar an scéim pháirtaimseartha, cé mhéid a gheobhaidh mé?

Freagra:

Íoctar pá seachtainiúil le rannpháirtithe ar scéim Fostaíocht Pobail (FP) bunaithe ar 19.5 uair sa tseachtain nó 39 uair sa choicís. Ón 16 Eanáir 2012 i leith, ní féidir le rannpháirtithe nua ar scéimeanna Fostaíocht Pobail (FP) íocaíocht leasa shóisialaigh eile a éileamh ag an tráth céanna.

Tá d'íocaíocht FP bunaithe ar an ráta den íocaíocht leasa shóisialaigh a bhí á fháil agat sular thosaigh tú an scéim FP móide €20. Ní féidir níos lú ná €208 sa tseachtain a íoc leat, áfach.

Mar sin, más ionann do ráta laghdaithe Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP) agus €188 nó níos lú, gheobhaidh tú an ráta íosta seachtainiúil €208 nuair a bhíonn tú ag oibriú ar scéim Fostaíocht Pobail.

Más breis agus €188 sa tseachtain an ráta, beidh d'íocaíocht FP mar an gcéanna le d'íocaíocht LCP móide €20. Mar shampla, más ionann agus €233 sa tseachtain d'íocaíocht LCP, gheobhaidh tú €253 sa tseachtain.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Sacar

Beatha an Lorgaire

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le Niall Harrison, Príomhchóitsealaí Chumann Peile na hÉireann

Nuair a siúlann Niall Harrison isteach in aon staid sa tír, ní bheadh aon duine ag lorg ghrianghraif leis ná síniú a fháil uaidh. Ach más air sin a thabharfá an breithiúnas, bheadh dearmad déanta ar dhuine de na daoine is tábhachtaí i bpeil na tíre seo.

"Cibé áit a théim chun féachaint ar cluiche, ag leibhéal faoi 13, faoi 14, faoi 15, is lorgaire (scout) mé," a dúirt Harrison le Gaelsceal.

"B'fhéidir gur lorgaire mé do m'fhoireann féin, b'fhéidir go mbím i mo lorgaire do bhainisteoir na foirne faoi 16. Ach nuair a bhím ag féachaint ar chluiche, ní féachann mé ar imirt na foirne. Breathnaím ar chluiche mar imreoirí aonaracha de bharr go bhfuilim ar thóir an imreora sin a sheasann amach - an teicneoir, cé go bhféadfadh 10 n-imreoir eile a bheith ag imirt go maith freisin. Ach caithfidh mise an tseoid amháin sin a fháil."

An dá gnéithe is tábhachtaí a mbíonn Harrison sa tóir orthu agus é ag féachaint ar imreoirí faoi aois ná an bhfuil siad go maith go teicniúil agus an bhfuil siad tapa. San anáil céanna bogann sé ar aghaidh agus labhraíonn sé faoin bhunchloch a leag foireann na Spáinne síos leis an stíl imeartha atá acu, an bunchloch, dar leis, gur chóir dúinne a leanúint.

"Mura bhfuil tú tapa agus teicniúil, tá sé deacair dul timpeall ar Xavi, Iniesta nó Modric. Tá meáchanlár íseal acu agus tá siad tapa. Is cuma cad a cheapann muid, sin an caighdeáin ar chóir dúinne muid féin a chur i gcomparáid leis."

Tá sé sin suimiúil, go háirithe nuair atá an chuid is mó d'imreoirí na hÉireann ag trasnú farraige na hÉireann chun a chuid peile a imirt. Tá Harrison den tuairim, áfach, gur chóir dúinn dul ón gcultúr sin, go dtí cultúr ina mbeidh imreoirí óga na tíre ag dul chuig acadaimh peile sa Spáinn, sa Phortaingéil nó san Ísiltír.

Is cinnte gur chóir go mbeadh an teolas ag Harrison.

Tá sé ina bhainisteoir ar an bhfoireann faoi 15 le trí bliana anois agus roimhe sin d'oibrigh sé le Brian Kerr agus leis na bainisteoirí faoi aois eile chun imreoirí na tíre seo a fhorbairt.

Mar aon leis an bhfoireann idirnáisiúnta faoi 15, tá sé i gceannas freisin ar an Clár Tallainne Éiritheach a thugann suas le 700 imreoir le chéile chun na scileanna is tábhachtaí a mhúineadh dóibh agus chun stíl leanúnach imeartha a leagan síos.

Sin an bunchloch is gá a leagan ionas go mbeidh imreoirí na tíre seo in ann forbairt a dhéanamh agus chun stíl imeartha ar nós an Spáinn a chur chun tosaigh.

Ar an tslí sin a athrófar an stíl imeartha sa tír. Luaitear go hiondúil nach bhfuil imreoirí maithe tagtha chun cinn in Éirinn ach is gné é seo den chóras forbartha a chuireann fearg ar Harrison.

"D'imigh 156 imreoir, a rugadh idir 1989 agus 1996, go dtí clubanna i Sasana nó in Albain. Nuair a bhogann siad ní bhíonn aon ionchur againn i forbairt na n-imreoirí. Nuair a deir daoine nach bhfuil imreoirí á bhforbairt againn, an freagra atá agam ná mura bhfuil aon imreoir á fhorbairt againn, cé a d'fhorbair an 156 imreoir sin a d'fhág an tír?"

An fhadhb, dar le Harrison, ná nuair a téann imreoirí thar sáile.

"Nuair a bhíonn siad ag traenáil 4/5 lá sa tseachtain, cad atá á dhéanamh acu? Níl an cluiche á imirt sa stíl céanna agus atá ar Mhór-Roinn na hEorpa. Níl an locht ar an mbainistíocht nuair nach féidir leis na himreoirí seilbh na liathróide a choimeád sna comórtais Euro. Sin an stíl atá á imirt thall ansin."

"Breathnaigh ar fhoireann Shasana agus ar fhoireann na hÉireann. Tháinig an dá ghrúpa imreoirí ón stíl céanna peile agus tá na fadhbanna céanna ag na himreoirí ar an dá fhoireann acu. Ní féidir leo seilbh na liathróide a choimeád, tá siad chun deireadh ar a gcomhghleacaithe san Eoraip go hiomlán nach mór."

Sa dara cuid den agallamh, an seachtain seo chugainn, labhróidh Niall Harrison faoi na hacadaimh i Sasana, gan a bheith ag imirt ar mhaithe le pointí sraithe nó craoibhe agus ar na toscaí a mbíonn éifeacht acu ar fhorbairt imreora.

Niall Harrison [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Bua ag teastáil in aghaidh na Tuirce

Dé Máirt 14 Lúnasa, Grúpa 7- Babhta Cáilithe do Euro 2013 f-21, Éire v An Tuirc, Showgrounds, Sligeach @ 7.30i.n

Gráinne McElwain

TRÍ chluiche thábhachtacha atá os comhair fhoireann sacar na hÉireann f-21 agus iad ag iarraidh cáiliú do chomórtas Euro 2013 f-21. Tosóidh siad le dúshlán mór sa bhaile in aghaidh na Tuirce san oíche Dé Máirt seo chugainn. Chas Éire agus an Tuirc ar a chéile i mí Mheán Fómhair anuraidh agus bhí an bua ag an Tuirc 1-0 ach bhí deiseanna ag na hÉireannaigh an cluiche sin a bhuachan.

Níl ach dhá phointe idir Éirinn agus an Tuirc ar chlár na bpointí agus caithfidh Éire an cluiche seo a bhuachan le go mbeidh seans acu cáiliú. Rachaidh na foirne a chríochnóidh ar bharr gach grúpa go dtí an comórtas chomh maith leis na ceithre fhoireann is fearr taobh thiar dóibh siúd.

Faoi láthair, is iad an Iodáil atá amuigh chun tosaigh ar bharr ghrúpa 7 le 16 phointe. D'éirigh leis na hÉireannaigh chomhscór a fháil leis an Iodáil (2-2) dhá mhí ó shin le captaen na foirne Greg Cunningham agus Robert Brady ag aimsiú na gcúl, toradh nach raibh mórán ag súil leis.

Bhí go leor imreoirí in easnamh ar bhainisteoir na foirne, Noel King, don chluiche sin agus cuireann sé fáilte ar ais roimh Rob Kiernan (Wigan Athletic), Adam Barton (Preston North End) agus Conor Henderson (Arsenal) don chluiche san oíche Dé Máirt. Sna Showgrounds i Sligeach a bheas an cluiche á imirt agus dúirt Noel King i rith na seachtaine go mbeadh siad "ag iarraidh ar phobal Shligigh a theacht amach chun tacaíocht a thabhairt dúinn mar a bhí siad a dhéanamh le linn an chomórtais ar fad". "Ina theannta sin, bheadh sé iontach lucht tacaíochta a fheiceáil ag teacht ó fud fad na tíre do na leaids," a dúirt sé Críochnóidh foireann na hÉireann a gcuid cluichí cáilithe i mí Mheán Fómhair le dhá chluiche as baile in aghaidh na hUngáire ar dtús agus ansin tabharfaidh siad aghaidh ar an Iodáil. Tá sé an-tábhachtach mar sin go gcrochfadh siad na pointí leo an tseachtain seo chugainn agus iad sa bhaile.

Greg Cunningham, Poblacht na hÉireann, Faoi 21 [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 8 Lúnasa, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Cén foireann Ghaillmheach a fheicimid ag imirt an Domhnach seo?

Cuirfidh mé an cheist is coitianta faoi iománaithe na Gaillimhe ar dtús agus is é sin, "cén fhoireann a fheicimid ag imirt an Domhnach seo?"

An í an fhoireann a rinne an slad ar Chill Chainnigh le deanaí a fheicfimid nó an fhoireann a chonaiceamar sna cluichí sraithe, agus le blianta beaga anuas, lá ar fheabhas, lá go hainnis agus lá eile idir eatarthu?

Má bhíonn an cur chuige céanna acu ar an Domhnach agus a bhí acu i gCraobh Laighean buafaidh siad an cluiche agus buafaidh siad go heasca.

Mura mbíonn agus má thosaíonn siad go mall, gach seans gurb iad Corcaigh a bheidh ag dul tríd go dtí an cluiche ceannais.

Ach is cluiche nua é agus ní raibh mórán idir na foirne nuair a d'imir siad níos luaithe sa bhliain sa tsraith. Go dtí an dara cluiche dícháilithe i gcoinne Bhaile Átha Cliath, ní fhacamar mórán a thabharfadh dóchas don leantóir dílis go mbeadh séasúr fada ag fhoireann na Gaillimhe.

Ach chuireadar go mór leis an dtaispéantas sin i gcraobhchluiche Laighean. B'shin an taispéantas ab fhearr a himríodh i gcoinne fhoireann mhaorga Chill Chainnigh le tuairim agus ocht mbliana (ón dara leath iontach a d'imir Corcaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann in 2004).

Ach, mar a luaigh mé níos luaithe, an féidir leo an caighdeán ard sin a shroichint arís ar an Domhnach. Coicís ó shin d'imir Luimneach i gcoinne na Gaillimhe i gcluiche dúshláin.

Bhí na foirne ab fhearr ar an bpáirc don chéad leath (an chuid eile den phainéal don dara leath) agus ag leath am bhí Luimneach píosa maith chun tosaigh.

B'fhéidir go raibh seachtain dian traenála déanta ag Gaillimh, níl fhios agam, ach bunaithe ar an bhfianaise a chonaic mise sa chéad leath sin níl siad dochloíte.

Tá an-mheas agam ar an mbainisteoir, Anthony Cunningham, agus tá a fhios agam gur fhoghlaim sé chuid maith as an gcluiche sin. Tá iarracht an-mhaith déanta aige leis na foirne go léir a bhí faoina chúram go dtí seo.

Agus cén fáth nach mbeadh an fhoireann ullamh aige don coimhlint seo?



David Burke na Gaillimhe, agus Gaillimh ar tí bua stairiúil a bhaint amach i gcoinne Chill Chainnigh [PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTS

Bhuel níl fáth ar bith ach an stair a théann rompu.

Bhí na comharthaí an-mhaith sa dá chluiche craoibhe ó thaobh scórála de.

Sa chéad cluiche, i gcoinne an Iarmhí, ní raibh Joe Canning ag imirt agus scóráladar 5-18 agus i gcoinne Chill Chainnigh scóráil cúigear eile in éineacht le Canning (Cyril Donnellan le cúig chúilín ón imirt).

Bhí sé mar an gcéanna sna cluichí sraithe agus más féidir leo leanacht leis sin tá an-seans acu.

Le blianta beaga bhí an iomad brú ar fad ar Channing. Ach anois le hIarla Tannian i lár na páirce agus Donnellan, Damian Hayes, Niall agus David Burke ar chlár na scór i bhfad níos minice, tá aonad ionsaitheoirí an-dainséarach á thógáil ag Anthony Cunningham agus a chomhroghnóirí.

Thíos cois Laoi níl aon dabht ach go bhfuil na déithe ag cabhrú le Corcaigh chomh fada leis seo i mbliana.

Bhí an tarraingt do na cluichí cáilithe cneasta dóibh mar a bhí an tarraingt don chluiche ceathrú ceannais. Tá an leathchraobh sroichte acu ach bheadh sé deacair go leor a rá go bhfuil mórán fianaise léirithe go bhfuil siad ag déanamh mórán dul chun cinn.

Ón gcéad chluiche craoibhe i gcoinne Thiobraid Árann (agus bhíodar go maith sa cluiche sin) is ar éigin go bhfuil a ndóthain déanta acu in aon cheann de na trí chluichí chun dóchas a thabhairt don lucht leanúna.

Níor thosaigh siad an fhoireann céanna in aon chluiche craoibhe i mbliana. Ní comhartha iontach é sin.

Ach ní bheidh aon faitíos ar Chorcaigh roimh Ghaillimh.

Mar sin féin, má imríonn fhir an Iarthair le trí ceathrú den spiorad a bhí acu i gcoinne Chill Chainnigh beidh an lá leo. Tá an fhoireann is fearr acu ach is ar an lá a buaitear na

Ach ní bheidh aon faitíos ar Chorcaigh roimh Ghaillimh

cluichí agus tá seans réasúnta ag Corcaigh cé nach dóigh liom go mbuafaidh siad an ceann seo.

Beidh craobh shuimiúil faoi 21 iomána in Inis anocht idir an fhoireann baile agus Tiobraid Árann. Bhí na cuairteoirí an-fheiceálach sa chluiche leathcheannais i gcoinne Luimnigh ach bhí an Clár níos fearr fós sa leathchraobh eile in aghaidh na nDéise.

Le cabhair ó chuid mhór imreoirí a bhfuil taithí leis na sinsir acu i mbliana is dócha go mbeidh an oíche leo sa bhaile.

Sa chomórtas peile níl mórán iontais faoi leagan amach na leathchraoibhe.

Sna cluichí ceathrú ceannais bhí na taispeántais ab fearr ar an Domhnach ó Chorcaigh agus Dún na nGall. Déanfaidh sé an-chluiche leathcheannais eatarthu.

Ar an Satharn thug Maigh Eo ardtaispeántas agus ar fhianaise chluiche Bhaile Átha Cliath beidh gach seans ag peileadóirí an Iarthar ina gcoinne leathcheannais eile.

Am na Cinniúna do Bhainisteoirí Peile

Cillian Ó Conchúir

Nach ait mar atá cúrsaí sa spórt amaitéarach? Cé nach raibh leathuair caite ó dheireadh chluichí an deireadh seachtaine seo caite, bhí an cheist curtha.

An cheist sin a bhíonn ar bheola gach iriseora nuair a bhíonn bainisteoir tar éis cailliúint mhór a fhulaingt - "an bhfuil sé róluath smaoineamh ar do todhchaí bainistíochta?" Bainisteoir i ndiaidh bainisteora a chaill ar an deireadh seachtaine, cuireadh an ceist air, agus ó James McCartan (An Dún) agus Justin McNulty (Laois) ar an Sathairn go dtí Kieran McGeeney (Cill Dara) agus Jack Ó Conchúir (Ciarraí), ar an Domhnach, freagraíodh an cheist.

As an gceathrar fear a shuigh os comhair na meán cumarsáide i ndiaidh dá chontae a bheith díbeartha ón gCraobhchomórtas, bhí McGeeney ar an té ba mhó a mhothaigh in ísle brí seachas aon bhainisteoir eile.

Tá bliain fágtha ar chonradh fhear Ard Mhacha, ach ina ainneoin sin bhí an bhrón le mothú ina ghlór agus é ag iarraidh Craobh na hÉireann a bhaint amach le Cill Dara. "Braitheann sé ar na himreoirí. Filleann sé ar an méid sin - na himreoirí iad féin," dar le McGeeney, atá tar éis cúig bliana a chaitheamh mar bhainisteoir ar an gContae.

Is léir go bhfuil sé tar éis Cill Dara a chur ar bóthar na leasa, ach seans gur léirigh teacht isteach Seanie Johnston, nach bhfuil na himreoirí aige chun dul in iomaíocht do Chraobh na hÉireann go fóill.

Ansin tá beirt bhainisteoirí eile ón Tuaisceart ag machnamh ar a dtodhchaí chomh maith.

Bhí fhoireann James McCartan ar an taobh mícheart de ceann de na cluichí a an-taobhaí riamh i gcoinne Mhaigh Eo.

Sa chluiche eile ar an Satharn, ní raibh ach cúl, a chuir John O'Loughlin ina líontán féin, idir na foirne. Bhí daoine ag ceapadh go mbeadh Laois imithe as an gCraobhchomórtas roimhe seo agus dá bharr sin tá seans ann go mbeidh McNulty i gceannas an bhliain atá le theacht. "Labhróidh mé leis na himreoirí ar dtús agus ansin leis an mBord Chontae," a dúirt McNulty.

In íseal brí. 'Wee' James McCartan, agus é soiléir go raibh an cluiche caillte ag a fhoireann i gcoinne Mhaigh Eo i gCluiche Ceathrú Cheannais na hÉireann, Páirc an Chrócaigh, Dé Domhnaigh [PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Bainisteoir Chill Dara, Kieran McGeeney, in éineacht le captaen na foireann, John Doyle, ag fágáil na páirce tar éis gur chaill Cill Dara in éadan Chorcaigh Dé Domhnaigh. [PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

"Má tá siad ag iarraidh go bhfanfainn, is acu atá an cinneadh, ní agamsa."

Tar éis an bhabhta ceathrú ceannais a bhaint amach, seans go bhfuil deis eile tuillte ag McNulty.

Dá chomrádaí ón Dún, tá cinneadh níos deacra le déanamh. Thug McCartan an Dún go dtí Páirc an Chrócaigh do Craobh na hÉireann in 2010, ach ó shin i leith tá cúrsaí imithe i léig orthu. Bhí tarraingt mhaith acu i gCraobhchomórtas Uladh go dtí gur scrios Dún na nGall iad sa Chraobh. Ach léirigh siad i gcoinne Mhaigh Eo nach raibh mórán nirt iontu nuair a bhí géarghá le ceannairí ar an bpáirc.

Is cinnte go bhfuil Ó Conchúir in áit níos deacra. Cé go raibh Dún na nGall i gceannas ar an cluiche ceathrú ceannais ar feadh achair fhada, is beag nár tháinig Ciarraí ar ais chun an lá a thabhairt leo.

"Má tá siad ag iarraidh go bhfanfainn, is acu atá an cinneadh, ní agamsa" : Justin McNulty

Ach níor tháinig. Bíonn dúil i gcónaí ag Ciarraí Craobh na hÉireann a bhaint amach ach le himreoirí ag dul in aois agus Craobh na hÉireann amháin buaite ag Ó Conchúir le ceithre bliain anuas, an mbeidh sé féin nó Bord an Chontae sásta go leanfadh sé ar aghaidh.

"Tá sé beagán luath don saghas ábhair seo. Déanfar na cinntí sin ina n-am féin," a dúirt Ó Conchúir. Ach toisc go bhfuil an-seans nach mbeidh siad chomh hiomaíoch céanna an bliain seo chugainn, an mbeidh Ó Conchúir sásta gan a bheith san iomaíocht don Chraobhchomórtas? Seans nach mbeidh.

Mura raibh a fhios ag daoine cé chomh deacair is atá sé a bheith i do bhainisteoir idirchontae, luaigh McGeeney é.

"Caithfidh do chraiceann a bheith tiubh sa phost seo. Tugtar gach aon rud ort, ach táimid ann do jab amháin - tá grá againn don Chumann Lúthchleas Gael agus a bheith iomaíocht ann. Ar an drochuair i spóirt, tá níos mó cruatain ann, do na foirne móra fiú."

Craobh Iomána F-21 na Mumhan Anocht

Dé Céadaoin, Bord Gáis Energy F-21 Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan, An Clár v Tiobraid Árann, Páirc Uí Chíosóg, Inis @ 7.15i.n

Gráinne McElwain

IMREOIDH Tiobraid Árann agus an Clár in aghaidh a chéile i gCluiche Ceannais Iomána na Mumhan Faoi 21 urraithe ag Bord Gáis Energy anocht in Inis. Seo iad na foirne céanna a bhí sa chluiche ceannais in 2010 nuair a chríochnaigh Tiobraid Árann chun cinn 1-22 le 1-17.

I mbliana, bhí bua compordach ag an Chlár in aghaidh Phort Láirge 2-22 le 0-9 i gCluiche Leathcheannais na Mumhan agus imríonn roinnt de na himreoirí le foireann na sinsear, ar nós Seadhna Morey, Patrick O'Connor, Colm Galvin i lár na páirce agus sna tosaithe tá Aaron Cunningham, Podge Collins agus Tony Kelly atá breá ábalta damáiste a dhéanamh le 1-3 aimsithe eatarthu in aghaidh Phort Láirge. Bhuaigh an Clár Craobh na hÉireann f-21 in 2009 agus tá Pat O'Connor agus Conor McGrath fós ag imirt ón phainéal na bliana sin.

Tá 20 Craobh na Mumhan buaite ag Tiobraid Árann agus cuireadh dianscrúdú orthu in aghaidh Chorcaí i gCluiche Ceathrú Ceannais na Mumhan ag críochnú cúilín chun cinn 0-18 le 0-17 le séideadh na feadóige.

Ba iad Tiobraid Árann seaimpíní na hÉireann f-21 in 2010 agus is iad Brian Stapleton agus John O'Dwyer captaen na foirne i mbliana an t-aon bheirt atá fágtha ó fhoireann na bliana sin. D'éirigh go maith leo in aghaidh sheaimpíní na Mumhan na bliana seo caite, Luimneach, i gCluiche Leathcheannais na Mumhan leis an scór 1-16 le 1-11.

Ach níl ach imreoir amháin ó na sinsir ag na Tiobradaigh i gcomparáid le hochtar ag an gClár agus seans gurb bé sé sin an difear a bheas eatarthu ar an lá. Caithfidh ticéad a bheith agat don chluiche seo agus €15 an costas ar dhaoine fásta.

Caithfidh muid díriú ar ár dtaispeántas féin: Moore

Dé Domhnaigh 12 Lúnasa, Cluiche Leathcheannais Iomána na hÉireann, Corcaigh v Gaillimh, Páirc an Chrócaigh @ 3.30i.n

Gráinne McElwain

SULAR chas Cill Chainnigh agus Gaillimh ar a chéile i gCluiche Ceannais Iomána Laighean i mbliana, dúirt captaen na foirne Fergal Moore liom gurbh é an rud is mó a bhí sé ag iarraidh ón bhfoireann ná taispeántas maith. Thug siad de réir mar a theastaigh uaidh mar bhí Gaillimh ar dóigh in aghaidh na Cait an lá sin agus bhuaigh siad an cluiche 2-12 le 2-11. Éacht stairiúil ag fir an iarthair mar b'iad sin an chéad fhoireann ó Chonnacht chun Corn Bob O'Keefe a chrochadh leo.

"Go pearsanta mar chaptaen na foirne, ba lá an-bhródúil dom féin agus do mo chlann é agus bhí sé iontach Craobh Laighean a bhuachan, ach tá sé sin san am a chuaigh thart anois. Amach anseo, nuair a bheas muid éirithe as an iomáint, beidh muid ábalta sásamh a bhaint as an mbua, ach níl an bhliain seo críochnaithe go fóill agus is é Corn Liam Mhic Carthaigh an ceann mór atá gach foireann ag iarraidh a bhaint," a deir Fergal.

Níor thug mórán daoine seans do Ghaillimh in aghaidh sheaimpíní na bliana seo caite i gCluiche Ceannais Laighean ach bhí tús spleodrach ag Gaillimh agus bhí ocras na foirne rífheiceálach sa chluiche, go háirithe sa chéad leath.

"Bhí an-taispeántas againn sa chéad leath ach caithfidh muid feabhsú do Chluiche Leathcheannais na hÉireann in aghaidh Chorcaigh. Ag féachaint siar ar DVD an chluiche níor imir muid go maith sa dara leath. Chuir muid ar a laghad fiche deis ar fóraoil agus níor thóg muid na roghanna cearta os comhair cúil.

Thit an caighdeán se'againne sa dara leath go háirithe sa ghreamú. Tá go leor rudaí ab éigean dúinn oibriú orthu agus sin é a bhí muid a dhéanamh sa traenáil ó shin."

Níl Craobh na hÉireann buaite ag Gaillimh ach ceithre huaire: 1923, 1980, 1987 agus 1988. D'éirigh leo dul chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann in 2005 nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Chill Chainnigh sa bhabhta leathcheannais ach theip orthu in aghaidh Chorcaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann 1-12 le 1-16. Ár ndóigh, is in aghaidh Chorcaigh a bheas siad arís an deireadh seachtaine seo.



Captaen na Gaillimhe, Fergal Moore ag ardú Chorn Bob O'Keefe i mí Iúil.
[PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

"Tá aithne mhaith ag an dá fhoireann ar a chéile agus tá meascán idir óige agus imreoirí le taithí ar an dá thaobh. Bhí mé an-tógtha leo in aghaidh Phort Láirge coicís ó shin agus tá móiminteam acu anois mar go bhfuil siad ag imirt seachtain i ndiaidh seachtaine. Sin míbhuntáiste dúinne nár imir muid le cúpla seachtain anuas."

"Seo cluiche eile ar an mbóthar agus beidh muid ag díriú isteach air ar an chaoi céanna is a rinne muid in aghaidh Chill Chainnigh. Imríonn Corcaigh go maith i gcónaí in aghaidh na Gaillimhe agus tar éis an taispeántas in aghaidh Phort Láirge déarfainn go mbeidh siad mar rogha na coitiantachta Dé Domhnaigh.

Ach caithfidh muid díriú isteach ar ár dtaispeántas féin agus má dhéanann muid sin táim muiníneach gur féidir linn toradh maith a fháil".

Galf

Tá muid ag caint faoi Tiger Woods arís

Gráinne McElwain

IS cuma cén comórtas mór gailf a bhíonn ann na laethanta seo bíonn ainm Tiger Woods luaite i gcónaí leis an duais mhór. Ní haon ionadh é mar sin go bhfuil a ainm chun cinn mar rogha na n-údár arís ag an US PGA Championship ag Ocean Course, Kiawah Island i South Carolina sna Stáit Aontaithe. Tosóidh an comórtas amárach agus críochnóidh sé suas Dé Domhnaigh.

Tá an comórtas seo buaite ag Tiger ceithre uaire: 1999, 2000, 2006 agus 2007, níor ghlac sé páirt sa chomórtas in 2008.

Ní rómhaith a d'éirigh leis le dhá bhliain anuas ach is dócha go raibh a shaol pearsanta trína chéile agus ní raibh sé ag imirt go maith dá bharr. Deirtear nár imir sé rómhaith ag Comórtas Oscailte na Breataine i Royal Lytham & St Annes le déanaí ach fós chríochnaigh sé sa tríú áit agus tá sé deacair é a chur as an áireamh.

Seo an 94ú PGA Championship agus tá sé suite in áit ghalánta ar chósta an Atlantaigh ina bhfeictear tránna álainn. Cuireann an ghaoth go mór isteach ar an chúrsa seo, áfach, agus ó pholl amháin go poll eile bíonn sé deacair neart na gaoithe a mheas mar athraíonn sé chomh minic sin.

In éineacht le Woods, beidh na himreoirí gailf is fearr ar domhan, ina measc Adam Scott a chaill amach ar Chomórtas Oscailte na Breataine a bhuachan, Ernie Els a bhuaigh an comórtas céanna, Phil Mickelson agus Luke McDonald.

Keegan Bradley a bhuaigh an US PGA anuraidh agus i measc na hÉireannach beidh Rory McIlroy, Graeme McDowell, Darren Clarke agus Pádraig Harrington a bhuaigh an comórtas seo in 2008.

Peil na mBan

Tarraingt Déanta do Bhabhta a Dó de Craobh Peile na mBan TG4

Gráinne McElwain

BAINEADH geit as go leor nuair a d'éirigh le Cill Dara an lámh in uachtar a fháil ar a gcomharsana béal dorais, Laois, leis an scór 0-11 le 0-9 i mbabhta a haon de na babhtaí cáilithe de Chraobhchomórtas TG4 i bPeil na mBan ar an Luan seo caite.

Níl cluiche Craoibhe buaite ag Cill Dara le breis agus bliain anuas agus bhí ríméad orthu nuair a séideadh an fheadóg dheireanach.

Is mó an t-éacht atá déanta ag Cill Dara mar gur chaill siad 3- 13 le 0-8 in aghaidh Laoise i mí an Mhárta sa tSraith, ach faoi stiúir an bainisteora nua, Joe O'Donoghue, agus an traenálaí John Divilly, iarimreoir na Gaillimhe tá an cuma ar an scéal go bhfuil meon agus dearcadh athraithe sa champa. Comhghairdeas fosta le peileadóirí Bhaile Átha Cliath a fuair an lámh in uachtar ar Thír Eoghain le dhá chúilín, 3-9 le 3-7, i gCluiche Ceannais Mhionúir A na hÉireann.

Rinneadh tarraingt do bhabhta a dó de na babhtaí cáilithe ar an Luan chomh maith. Beidh an Mhí ag tabhairt aghaidh ar an gClár, beidh Tír Eoghain ag imirt in aghaidh thánaistí Chúige Chonnacht, Maigh Eo, agus feicfear Ciarraí agus an Iarmhí ag imirt chomh maith le Cill Dara ag tabhairt aghaidh ar Dhún na nGall.

Feicfear na cluichí idir an Mhí agus an Clár agus an ceann idir Tír Eoghain agus Maigh Eo beo ar TG4 Dé Sathairn leis an chlúdach ag tosú ag 3.45i.n